Bord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman

PLEAN SEIRBHÍSE 2024

Clár Ábhair

1. Teachtaireacht ó Chathaoirleach Bhord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman 3
2. Brollach ón bPríomhfheidhmeannach 4
3. Próifíl/Cúlra WWETB 5
3.1 Léarscáil Tíreolaíochta WWETB 6
3.2 Suíomh na Seirbhísí WWETB 6
3.3 An tEolas is Deireanaí ar an Staid Réigiúnach 8
4. Ráitéas Straitéise 9
4.1 Fís agus Misean 9
4.2 Spriocanna Straitéiseacha WWETB.... 9
4.3 Cur i bhFeidhm agus Forálacha Monatóireachta 12
5. Forléargas ar Sheirbhísí sa bhliain 2024 14
5.1 Bunscoileanna, Iar-bhunscoileanna (Cúrsaí Iar-ardteistiméireachta san áireamh), agus Scoileanna Speisialta 15
5.2 Breisoideachas agus Oiliúint 16
5.3 Gnóthaí Obair Óige 18
5.4 Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta 19
6. Ráiteas Seirbhísí 2024 21
7. Fáltais agus Caiteachas Réamh-mheasta sa bhliain 2024 77

1. Teachtaireacht ó Chathaoirleach Bhord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman

Mar Chathaoirleach ar Bhord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman (WWETB), tá lúcháir orm Plean Seirbhíse an WWETB don bhliain 2024 a chur i láthair. Úsáideann an Plean ár Ráiteas Straitéise nua 2023-2027 mar bhunús chun ár dtosaíochtaí straitéise a leagan amach don bhliain atá romhainn. Is plean uaillmhianach é a sholáthróidh oideachas agus oiliúint atá ar ardchaighdeán agus cuimsitheach do mhic léinn agus d'fhoghlaimeoirí inár bpobal.

Is cúis áthair dúinn go bhfuil scoil nua á hoscailt againn in Guaire in 2024 chun freastail ar pháistí agus ar dhaoine óga a bhfuil uathachas orthu agus sainriachtanais acu. Oibreoimid go dlúth lenár bpáirtithe leasmhara – mic léinn agus a dteaghlaigh san áireamh – chun a chinntiú go bhfreastalóidh an scoil nua ar riachtanais agus ar uaillmhianta gach duine sa duine.

Cé go leagtar amach sa Phlean Seirbhíse ár bplean don bhliain atá romhainn, beimid freagrúil go fóill do riachtanais ár bpobail agus ár sochaí. Chruthaíomar an cumas atá againn freagairt do dhúshláin agus do ghéarchéimeanna agus leanaimid le hobair le chéile chun freastal ar éilimh shaol an lae inniu.

Gabhaim buíochas ó chroí leis na comhaltaí eile de Bhord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman, lenár mbaill foirne go léir agus leis an iliomad bpáirtithe leasmhara a thacaíonn linn an fhís atá againn a chomhlíonadh, is é sin an fhoghlaim a threorú trí sheirbhísí oideachais agus oiliúna atá ar ardchaighdeán, cuimsitheach agus nuálach a sholáthar inár bpobal.

'Ní neart go cur le chéile'.



An Comhairleoir Barbara-Anne Murphy,
Cathaoirleach, Bord Oideachais & Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman

2. Brollach ón bPríómhfheidhmeannach

Tá áthas orm Plean Seirbhíse WWETB don bhliain 2024 a chur i láthair. Cé gur riachtanas reachtúil é do BOOanna Plean Seirbhíse a bheith acu mar atá leagtha amach san Acht BOO 2013, is treoir úsáideach í freisin chun ár dtosaíochtaí straitéiseacha a leagan amach don bhliain atá romhain. Chuireamar críoch lenár Ráiteas Straitéiseach in 2023 – leagtar amach ann clár oibre uaillmhianach do na chéad chúig bliana atá romhainn. Is iad na dúshláin mhóra ar a ndíreoimid ná: *Cáilíocht, Scoileanna agus Coláistí BO don Todhchaí, Cumarsáid agus Margaíocht, Sláinte agus Folláine, Gníomhú ar son na hAeráide agus Inbhuanaitheacht, agus Foghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta/Foghlaim Dhigiteach.*

Is spriocanna uaillmhianacha iad na spriocanna atá againn agus tá cuntas teiste ag WWETB maidir le spriocanna uaillmhianacha a sholáthar. Feicfear tuilleadh athruithe bhunathraithe i WWETB nuair a osclófar ár gcéad scoil do pháistí agus do dhaoine óga a bhfuil uathachas agus riachtanais speisialta acu. Déanfaimid ár ndícheall na timpeallachtaí foghlama is fearr a fhorbairt dár Bpáistí agus dár ndaoine óga – maidir lenár n-áiseanna breisoideachais agus oiliúna – agus cinnteoimid go bhfanfaidh an foghlaimeoir i gcroílár gach rud a dhéanaimid.

Tá ár gcroíluachanna ina dtreoir dúinn maidir le forbairt agus cinnteoireacht. Is iad seo: *Meas, Cuntasacht, Cáilíocht, Inbhuanaitheacht* agus *Díriú ar Fhoghlaimeoirí.* Leanfaimid orainn am agus acmhainní a infheistiú chun a chinntriú go gcruthaimid cultúr ar féidir linn a bheith bródúil as.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le foireann WWETB as an tiomantas a léiríonn siad don bharrfheabhas i gcúrsaí teagaisc, foghlama agus oiliúna, agus as an gcaoi a sholáthraíonn siad ár seirbhísí go léir. Táimid buíoch freisin as an tacaíocht agus as an treoir a fhaighimid ó Bhord WWETB. Leanfaimid orainn ag obair go dlúth lenár gcomhpháirtithe seachtracha, ar cuid dhílis iad den bhealach a bhainimid ár gcuspóirí amach. Leanfaimid orainn réimse leathan clár oideachais agus oiliúna ardchaighdeáin, mar aon le seirbhísí agus tacaíochtaí, a sholáthar do pháistí, do dhaoine óga agus do dhaoine fásta ar fud réigiún Phort Láirge agus Loch Garman.

Guím gach rath ar chách don bhliain atá romhainn.

Karina Daly

An Dr. Karina Daly
Príomhfheidhmeannach

3. Próifíl/Cúlra an Bhoird Oideachais agus Oiliúna

Bunaíodh Bord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman (an Bord Oideachais agus Oiliúna) an 1 Iúil 2013. Rinne sé Ionaid Oiliúna SOLAS i bPort Láirge agus i Loch Garman a ghlacadh go hoifigiúil isteach ina chuid seirbhísí an 1 Iúil 2014. Tá raon cuimsitheach seirbhísí oideachais agus oiliúna á soláthar ag an mBord Oideachais agus Oiliúna ar fud Phort Láirge agus Loch Garman ó shin i leith agus tá sé ar an soláthraí oideachais agus oiliúna is mó ar fud an dá chontae, ag gníomhú dó trí Bhunscoileanna, trí Choláistí Dara Leibhéal, trí Choláistí Breisoideachais, trí Ionaid Bhreisoideachais agus Oiliúna, trí Ionad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh agus trí Sheirbhísí Óige a sholáthraíonn cláir oideachais agus oiliúna. Agus 1730 ball foirne aige, is mórfhostóir san Oirdheisceart é an Bord Oideachais agus Oiliúna freisin agus tá bród air as a bheith ina fhostóir tarraingteach d'fhostaithe ionchasacha.

I Ráiteas Straitéise WWETB 2023-2027, leagtar amach na croíluachanna a leanas:

Croíluachanna		
	An chiall atá leis an luach	**An dóigh a gcuirtear an luach i bhfeidhm**
Meas	Caithimid le gach duine eile sa dóigh a mbeimis ag súil leis go gcaithfí linn féin, déanaimid talamh slán de go mbíonn intinn dhearfach ag daoine, agus caithimid le gach duine ar bhealach cothrom agus le cúirtéis.	Urramaímid éagsúlacht, léirímid comhbhá agus cothroime, aithnímid iarrachtaí, agus caithimid go cothrom le gach duine.
Cuntasacht	Glacaimid cuntasacht iomlán le linn dúinn freagrachtaí tarmligthe ár róil a chomhlíonadh agus ceanglaímid orainn féin agus ar na daoine a n-oibrímid leo cloí leis na caighdeáin ghairmiúla is airde.	Bímid gairmiúil agus féachaimid le dea-thorthaí a bhaint amach ar bhealach oscailte, macánta agus trédhearcach.
Díriú ar an bhFoghlaimeoir	Cuirimid an foghlaimeoir i gcroílár gach a ndéanaimid.	Bímid cuimsitheach, tacúil, measúil, sofhreagrach, nuálach agus comhbhách
Cáilíocht	seirbhísí a sholáthraímid a fheabhsú go leanúnach. Déanaimid athbhreithniú agus faireachán ar sholáthar ár seirbhísí in aghaidh na gcaighdeán is airde dúinn féin agus do dhaoine eile agus iad ag iarraidh cumas an fhoghlaimeora a uasmhéadú.	Féachaimid lena bheith inár gceannairí, leagaimid ionchais níos airde orainn féin, bímid tiomanta agus gairmiúil, agus dírímid ar thorthaí.
Inbhuanaitheacht	Féachaimid le hathrú iompraíochta a spreagadh agus leis an inbhuanaitheacht a leabú sa dóigh a dteagascaimid agus sa dóigh a n-oibrímid.	Oibríonn baill foirne agus foghlaimeoirí le chéile chun an inbhuanaitheacht a leabú i ngach a ndéanaimid – i dtreo todhchaí níos fearr do chách.

Thionóil Bord reatha an Bhoird Oideachais agus Oiliúna an chéad chruinniú dá chuid i mí Mheán Fómhair 2019, agus 21 chomhalta thofa aige. Áiríodh leo sin ionadaithe ó Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge agus ó Chomhairle Contae Loch Garman, ionadaithe do bhaill foirne, ionadaithe do thuismitheoirí, agus ionadaithe ó chomhlachtaí ar shonraigh an Roinn Oideachais iad. Tar éis an Bord sin a thoghadh, agus tar éis coistí nua a bhunú ina dhiaidh sin faoi ailt 44 agus 45 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, cuireadh oiliúint rialachais ar an mBord, ar an gCoiste Airgeadais agus ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca. I ndiaidh na dtoghchán áitiúil sa samhradh 2024, toghfar Bord BOO nua chun obair WWETB a threorú sna chéad chúig bhliain atá romhainn. Nuair a thoghfar an Bord nua, tá sé beartaithe tuilleadh oiliúna maidir le rialachas agus bainistiú riosca a sholáthar do gach ball den Bhord agus dóibh siúd atá ar na Coistí Alt 44 agus 45.

3.1 Léarscáil Tíreolaíochta den Bhord Oideachais agus Oiliúna

3.2 Láthair Sheirbhísí an WWETB

Láithreacha WWETB sa bhliain 2024
Pobalscoil Náisiúnta
Pobalscoil Náisiúnta Chill na Manach, Loch Garman
Scoil Speisialta
Cnoc Ghuaire, Co. Loch Garman
Iar-Bhunoideachas agus Oideachas Iar-Ardteistiméireachta
Coláiste Bhaile an Droichid, Co. Loch Garman
Gairmcholáiste Bhun Clóidí, Co. Loch Garman
Coláiste Abbáin, Maigh Arnaí, Co. Loch Garman
Coláiste an Átha, Cill Mhucraise, Co. Loch Garman (Oideachas Iar-Ardteistiméireachta san áireamh)
Coláiste Creagh, Guaire, Co. Loch Garman
Coláiste Dhún Garbhán (Oideachas Iar-Ardteistiméireachta san áireamh)
Coláiste Pobail Inis Córthaidh, Co. Loch Garman (Oideachas Iar-Ardteistiméireachta san áireamh)
Coláiste Uí Chinnéide, Ros Mhic Thriúin, Co. Loch Garman

Meánscoil San Nioclás
Coláiste Sheilsceire, Baile Loch Garman (Oideachas Iar-Ardteistiméireachta san áireamh)
Coláiste Pobail Naomh Déaglán, Coill Mhic Thomáisín, Co. Phort Láirge
Coláiste Pobail Naomh Pól, Port Láirge
Coláiste Breisoideachais Phort Láirge *Oideachas Iar-Ardteistiméireachta Amháin

Ionaid Bhreisoideachais agus Oiliúna*
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Bhun Clóidí, Loch Garman
Waterford Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Cheapach Choinn, Port Láirge
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Dhún Garbhán, Port Láirge
Durands Court, Port Láirge
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Inis Córthaidh, Loch Garman
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Ghuaire, Loch Garman
An tSaotharlann Déantúsaíochta, Inis Córthaidh, Loch Garman
An tSaotharlann Déantúsaíochta, Ros Mhic Thriúin, Loch Garman
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Choill Mhic Thomáisín, Port Láirge
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Lios Mór, Port Láirge
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Naomh Mícheál, Ros Mhic Thriúin, Loch Garman
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Ros Mhic Thriúin, Loch Garman
An Foirgneamh Nach Mór Neodrach ó Thaobh Fuinnimh, Inis Córthaidh, Loch Garman
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Shráid Ozanam, Port Láirge
Ionad Oideachais Aosach Chearnóg an Iarnróid, Port Láirge
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Seandún, Dún Garbhán, Port Láirge
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Thrá Mhór, Port Láirge
Loch Garman (Breisoideachas agus Oiliúint, Oideachas Aosach, Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna Loch Garman)
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna an Mhuilinn Bháin, Loch Garman
Ionaid Oiliúna
Ionad Oiliúna Chill Chuacháin
Ionad Oiliúna Phort Láirge (campas Oiliúna Techniform san áireamh)
Ionad Oiliúna Loch Garman
Oideachas agus Oiliúint Allamuigh
Mol Eachtraíochta Bhun Clóidí, Loch Garman
Ionad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh Shíol Beagáin, Loch Garman
Ionaid Ógtheagmhála
Ionad Ógtheagmhála Dhún Garbhán, Port Láirge
Ionad Ógtheagmhála Inis Córthaidh, Loch Garman
Ionad Ógtheagmhála Ghuaire, Loch Garman
Ionad Ógtheagmhála Ros Mhic Thriúin, Loch Garman
Ionad Ógtheagmhála Subla, Cathair Phort Láirge
Ionad Ógtheagmhála Trá Mór
Ionad Ógtheagmhála Phort Láirge
Ionad Ógtheagmhála Loch Garman
Oifigí Riaracháin
Ard Chaomháin, Loch Garman
Dún Garbhán, Port Láirge
Ionad Oiliúna Phort Láirge
Pobalscoileanna (a bhfuil an Bord Oideachais agus Oiliúna mar chomhphátrún orthu)
Pobalscoil na hAbhann Duibhe, Lios Mór, Port Láirge
Pobalscoil Ghuaire, Loch Garman
Pobalscoil na Gráinsí, Loch Garman

* Is féidir go n-áireofar le hIonaid Bhreisoideachais agus Oiliúna cláir de chuid na Scéime Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais (VTOS) agus an Tionscnaimh um Fhilleadh ar an Oideachas (BTEI), cláir Litearthachta Aosach, cláir Oideachais Pobail agus cláir do Dhídeanaithe/Iarrthóirí tearmainn

3.3 An tEolas is Deireanaí ar an Staid Réigiúnach

Sháraigh baill foirne, mic léinn agus foghlaimeoirí an Bhoird Oideachais agus Oiliúna roinnt dúshlán thar na trí bliana seo a chuaigh thart. Go háirithe, mar thoradh ar phaindéim Covid-19, rinneadh athrú buan ar an tírdhreach oideachais in Éirinn agus cruthaíodh a lán dúshlán don earnáil. Ba é an toradh a bhí uirthi gur ghá athbhreithniú críochnúil a dhéanamh ar an dóigh ar soláthraíodh an t-oideachas agus an oiliúint, ar na modhanna measúnaithe a úsáideadh agus ar struchtúr sóisialta na ranganna. D'fhreagair an Bord Oideachais agus Oiliúna ar bhealach tapa solúbtha do na dúshláin sin. Trí ghlacadh le teicneolaíochtaí nua agus le modhanna nua oibre, leanamar le cláir oideachais agus oiliúna a sholáthar go héifeachtach agus le cineálacha nua teagmhála fiúntaí a chruthú le baill foirne, le mic léinn agus le foghlaimeoirí. Is tábhachtaí anois ná riamh luas an athraithe, agus is gá infheistíocht shuntasach a dhéanamh in acmhainní agus sa teicneolaíocht chun na dúshláin nua atá roimh an earnáil a shárú.

Sheol WWETB a Ráiteas Straitéise nua do na blianta 2023-2027 agus táimid dóchasach faoina bhfuil i ndán dúinn. D'éirigh linn maoiniú a fháil do roinnt mórthionscadail bhonneagair i bPort Láirge agus i Loch Garman, lena n-áirítear scoileanna nua. Le linn 2023, d'osclaíomar Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna na Todhchaí i mbaile Loch Garman, an chéad cheann dá leithéad dár gcuid. Beidh 2024 ina bhliain thábhachtach maidir le soláthar an bhreisoideachais agus oiliúna a dhaingniú sa Choláiste nua chun tairbhe ár bhfoghlaimeoirí. Tiocfaidh feabhas suntasach ar chaighdeán na saoráidí a sholáthraítear dár gcuid mac léinn agus foghlaimeoirí de réir mar a dhéanaimid infheistíocht inár mbonneagar. Tá lúcháir ar WWETB bheith ina phátrún ar scoil nua do leanaí agus do dhaoine óga a bhfuil sainriachtanais acu agus uathachas orthu. Osclóidh an scoil i Meán Fómhair 2024, agus beidh 24 dalta ar an rolla.
Chomh maith leis sin, tá lúcháir ar an mBord Oideachais agus Oiliúna obair i gcomhpháirt le hOllscoil Teicneolaíochta nua an Oirdheiscirt ar chuid mhór tionscadal chun tacú leis an mbeartas rialtais a bhaineann le hoideachas treasach aontaithe. Oibríonn an Bord Oideachais agus Oiliúna i gcomhpháirt lena lán tionscal sa réigiún freisin, agus bíonn na comhpháirtíochtaí sin ag dul ó neart go neart.

Tá na mórthionscadail oideachais agus bhreisoideachais agus oiliúna seo a leanas mar thosaíocht don Bhord Oideachais agus Oiliúna go fóill:

- Campas nua oideachais a sholáthar ag Cluain Ioraird, Baile Loch Garman. Soláthrófar scoil athsholáthair 1,000 dalta do Choláiste Sheilsceire agus soláthrófar bunscoil Oideachas Le Chéile ina mbeidh 16 sheomra ranga, agus sainsaoráidí Riachtanas Speisialta Oideachais ag an dá scoil.
- Mórshíntí a chur le Gairmcholáiste Bhun Clóidí agus le Coláiste Bhaile an Droichid.
- Tionscadail chóiríochta mhórscála nua do Choláiste Abbáin i Maigh Arnaí, do Choláiste an Átha i gCill Mhucraise, do Choláiste Pobail Naomh Déaglán i gCoill Mhic Thomáisín, do Choláiste Pobail Naomh Pól i gCathair Phort Láirge, do Mheánscoil San Nioclás ar an Rinn agus do Choláiste Dhún Garbhán.
- Trí bhonneagar iompair inbhuanaithe agus saoráidí pobail a sholáthar timpeall ar na tionscadail scoile, cuirfidh an Bord Oideachais agus Oiliúna agus Comhairle Contae Loch Garman, ag obair dóibh le chéile, feabhas mór ar cháilíocht na beatha sna pobail chóngaracha.
- Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna nua a bhunú i mBaile Loch Garman, áit a bhfreastalófar ar thuilleadh foghlaimeoirí agus ar thuilleadh printíseachtaí, cúrsaí oiliúna, cúrsaí Iar-Ardteistiméireachta, cúrsaí de chuid na Scéime Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais (VTOS), cúrsaí de chuid an Tionscnaimh um Fhilleadh ar an Oideachas (BTEI) agus cúrsaí Oideachais Pobail agus ar a lán cúrsaí eile a bhfuil mar aidhm leo cabhrú le daoine atá san fhostaíocht a uasoiliúint.
- Síneadh mór a chur le hIonad Oiliúna Phort Láirge, áit a bhfreastalófar ar thuilleadh foghlaimeoirí agus ar thuilleadh printíseachtaí, cúrsaí oiliúna agus cúrsaí iarfheistithe agus ar a lán cúrsaí eile a bhfuil mar aidhm leo tacú leis an uasoiliúint.
- Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna na Todhchaí a bhunú i gCathair Phort Láirge. Beidh sé lonnaithe ag an láithreán reatha de chuid Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt ar Bhóthar an Choláiste, ar láithreán é óna n-imeoidh an Ollscoil.
- Ionad úrscothach Breisoideachais agus Oiliúna a bhunú in Inis Córthaidh, áit a soláthrófar Foirgnimh Nach Mór Neodrach ó Thaobh Fuinnimh agus cláir eile scileanna glasa – e.g., scileanna Teaschaidéil agus Aerála – i gcomhar le Comhairle Contae Loch Garman agus leis an gComhghuaillíocht um Fhoirgnimh Ardfheidhmíochta.

4. Ráiteas Straitéise

4.1 Fís agus Misean

FÍS

Is í aidhm Bhord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman an fhoghlaim a threorú trí sheirbhísí oiliúna ardchaighdeáin, ionchuimsitheach, freagrach agus nuálaíoch a sholáthar dár bpobal.

MISEAN

Is é misean WWETB réimse clár oideachais agus oiliúna, seirbhísí agus tacaíochtaí a sholáthar do pháistí, do dhaoine óga agus fásta ar fud réigiún Phort Láirge-Loch Garman.

4.2 Spriocanna Straitéiseacha an Bhoird Oideachais agus Oiliúna

Sa Ráiteas Straitéise seo, leagtar amach 6 phríomhsprioc straitéise agus réimse tosaíochtaí agus gníomhartha a bheidh ina dtreoir d'obair na heagraíochta chun fís agus misean na heagraíochta a fhíorú.

Agus ár spriocanna straitéiseacha á gcur le chéile againn, bhreathnaíomar níos faide ná tréimhse feidhme an Ráitis Straitéise seo. Chomhaontaíomar ráitis intinne - is é sin le rá, an riocht ba mhaith linn a bheith orainn faoin mbliain 2030. Is uaillmhianach agus indéanta araon iad na pleananna atá againn.



Sprioc Straitéiseach 1: Cáilíocht
Faoin mbliain 2030, beidh Cáilíocht leabaithe i ngach a ndéanaimid. Beidh struchtúr láidir agus samhail rialachais láidir i bhfeidhm ag an mBord Oideachais agus Oiliúna chun cáilíocht a bhainistiú ar fud gach réimse. Earcóimid baill foirne atá ardcháilithe agus atá cáilithe go cuí chun an t-oideachas agus an oiliúint a sholáthar agus tabharfaimid rochtain dóibh ar dheiseanna Foghlama agus Forbartha Gairmiúla chun cur lena gcleachtas gairmiúil. Bunaithe ar chomhairliúchán, beidh a fhios againn go mbraitheann ár mbaill foirne go bhfuil sé tábhachtach go léireodh an Bord Oideachais agus Oiliúna conas a bhaineann sé dea-cháilíocht amach agus cé na bearta a chuirimid i bhfeidhm chun cáilíocht a dhearbhú. Beidh gach rud tábhachtach – go háirithe na rudaí beaga. Beidh cumhacht tugtha againn do bhaill foirne chun cáilíocht a bhainistiú ar fud na heagraíochta. Beidh cáilíocht ina cuid bhunúsach dár gcultúr anois.

Cén fáth? Tá an cháil atá ar an mBord Oideachais agus Oiliúna bunaithe ar cháilíocht ár soláthair oideachais agus oiliúna. Féachaimid leis an gcáil atá orainn a fheabhsú trí bhearta a chur i bhfeidhm chun a léiriú go bhfuil cáilíocht leabaithe i ngach a ndéanaimid – ár soláthar oideachais agus oiliúna, an dóigh a n-earcaímid baill foirne, ár gcórais tacaíochta, agus ár leibhéil seirbhíse do chustaiméirí.

Sprioc Straitéiseach 2: Scoileanna agus Coláistí Breisoideachais agus Oiliúna na Todhchaí
Faoin mbliain 2030, beidh saoráidí úrscothacha i bhfeidhm ag an mBord Oideachais agus Oiliúna dár gcuid ball foirne agus mac léinn/foghlaimeoirí aosacha. Beidh obair déanta ag an mBord Oideachais agus Oiliúna go dlúth leis an Roinn Oideachais, le SOLAS agus leis an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta (RBATNE) chun a chinntiú go ndéantar infheistíocht chuí shuntasach inár mbonneagar fisiciúil. Beidh againn anois saoráidí ar fud Phort Láirge agus Loch Garman a bhfuil ár mbaill foirne bródúil astu agus ina spreagtar ár gcuid mac léinn/foghlaimeoirí aosacha chun foghlaim. Laistigh de chontaetha Phort Láirge agus Loch Garman, beidh an soláthar breisoideachais agus oiliúna tugtha le chéile againn cibé áit a bhfuil sé ciallmhar déanamh amhlaidh. Beidh spásanna solúbtha teagaisc agus foghlama i bhfeidhm againn agus beidh ár gcuid coláistí agus ionad ina moil thábhachtacha ina bpobail. Beidh iniúchadh déanta againn ar réimsí nach dtagann faoin mbonneagar fisiciúil sa straitéis uainn, agus sinn ar an eolas go bhfuil ár saoráidí ina moil thábhachtacha agus ina n-áiteanna cruinnithe tábhachtacha do mhic léinn/foghlaimeoirí aosacha, a chothaíonn cairdeas agus naisc trí idirghníomhaíochtaí sóisialta agus cultúrtha. Beidh ár saoráidí forbartha againn ar aon dul leis an mórchlár oibre glas agus táimid ar thús cadhnaíochta na nuálaíochta ina leith sin.

Cén fáth? Is é an uaillmhian atá againn timpeallachtaí barrmhaithe foghlama agus conairí solúbtha trínár gcláir agus don saol ina ndiaidh a chruthú. Is eol dúinn go gcuireann saoráidí ar ardchaighdeán le cáilíocht na foghlama.

Sprioc Straitéiseach 3: Cumarsáid agus Margaíocht
Faoin mbliain 2030, beidh cáil ar an mBord Oideachais agus Oiliúna ar fud Phort Láirge agus Loch Garman as na cláir oideachais agus oiliúna ar ardchaighdeán a sholáthraímid do dhaoine de gach aois. Beidh íomhá branda atá pearsanta agus spéisiúil againn, ar íomhá í atá so-aitheanta agus gairmiúil freisin. Beidh sé éasca do mhic léinn ionchasacha/foghlaimeoirí aosacha ionchasacha teacht ar an bhfaisnéis bheacht atá á lorg acu. Beidh naisc an-láidir ag an mBord Oideachais agus Oiliúna le comhpháirtithe ar fud Phort Láirge agus Loch Garman agus, thar aon rud eile, beidh naisc an-láidir aige lena phobail áitiúla agus leis na tionscail/seirbhísí áitiúla a thacaíonn leis na pobail sin. Beidh infheistíocht déanta againn i margaíocht, agus beidh feabhas tagtha ar a infheicthe atá ár gcuid scoileanna agus ionad Breisoideachais agus Oiliúna mar thoradh ar mhargaíocht spriocdhírithe agus mar thoradh ar ár dtairiscint a thaispeáint – foirgnimh nua-aimseartha agus oideachas sármhaith agus oiliúint shármhaith a sholáthraíonn múinteoirí agus teagascóirí ar ardchaighdeán iad agus a dtacaíonn cuid mhór bainisteoirí agus ball foirne leo. Nuair a luafar Bord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman, smaoineoidh daoine faoi cháilíocht, faoi roghanna, faoi phobal agus faoi dheiseanna a sholáthar dóibh sin atá ag tosú amach nó atá ag déanamh tús nua.

Cén fáth? Tá sé tábhachtach branda láidir a fhorbairt don Bhord Oideachais agus Oiliúna ar aon dul leis na hardaidhmeanna atá againn soláthar oideachais agus oiliúna ar ardchaighdeán a threorú san oirdheisceart.

Sprioc Straitéiseach 4: Sláinte agus Folláine
Faoin mbliain 2030, beidh cáil ar an mBord Oideachais agus Oiliúna as a bheith ina áit iontach chun obair agus chun foghlaim ann. Ar fud ár scoileanna agus ár n-ionad uile, beidh baill foirne agus mic léinn/foghlaimeoirí aosacha ar aon intinn maidir leis an mBord Oideachais agus Oiliúna – feicfear iad, éistfear leo agus beidh meas orthu. A luaithe a rachaidh siad isteach i bpobal an Bhoird Oideachais agus Oiliúna, braithfidh ár mbaill foirne go dtacaítear leo – tuigfidh a n-ionad nó a scoil cé atá iontu, beidh meas aige nó aici ar na láidreachtaí atá acu agus tacóidh sé nó sí leis na laigí atá acu. Beidh Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú ina gcuid dhílis den eagraíocht anois.

Cén fáth? Is áit oibre ghnóthach éagsúil é an Bord Oideachais agus Oiliúna agus tá sé de dhualgas air freastal ar a lán grúpaí geallsealbhóirí. Trí dhul i gcomhairle leo, is eol dúinn go bhfuil ár gcuid ball foirne agus mac léinn/foghlaimeoirí aosacha ag iarraidh a bheith ina gcuid de phobal a thacaíonn le hindibhidiúlacht, a cheiliúrann éachtaí agus a thugann tacaíocht le linn amanna deacra. Chun pobal den sórt sin a chruthú, is gá comhbhá agus éirim mhothúchánach a bheith leabaithe isteach inár n-eagraíocht. Is eol dúinn freisin go gcabhraíonn dea-shláinte agus dea-fholláine foirne go mór leis an teagasc agus leis an bhfoghlaim.

Sprioc Straitéiseach 5: Gníomhú ar son na hAeráide agus Inbhuanaitheacht
Faoin mbliain 2030, beidh cáil ar an mBord Oideachais agus Oiliúna as an gcultúr aeráide atá ar bun ann. Beidh athrú iompraíochta spreagtha againn ar fud ár scoileanna agus ár saoráidí breisoideachais agus oiliúna. Beidh an inbhuanaitheacht leabaithe sa dóigh a dteagascaimid, sna nithe a theagascaimid agus sa dóigh a ndéanaimid cumarsáid leis an mórphobal. Beimid inbhuanaithe i ndáil leis an dóigh a ngníomhaímid. Beidh bród orainn as ár n-éachtaí agus beidh bród orainn iad a chomhroinnt le daoine eile. Tabharfaidh ár mbaill foirne aird ar shrianta aeráide agus comhshaoil mar ghnáthchuid den saol. Spreagfar iad le linn a gcuid oibre, agus ambasadóirí ar fud ár gcuid scoileanna, ionad agus oifigí ag comhoibriú lena chéile chun tuilleadh gníomhartha a spreagadh. Tomhaisfimid cad a dhéanaimid. Déanfaimid é sin trí na nithe seo a leanas a bheith againn: ambasadóirí atá lonnaithe ar fud ár saoráidí; baill foirne a oibríonn go lánaimseartha ar na tionscadail; grúpa stiúrtha atá freagrach as an obair a chomhordú; agus buiséad lena dtacaítear leis an obair.

Cén fáth? Tá fianaise ann ar gach taobh dínn ar an ngá atá ann le cónaí agus le hobair ar shlí inbhuanaithe. Is gá dúinn an méid sin a dhéanamh mar ábhar práinne, agus bíonn an phráinn ag méadú i gcónaí. Bíonn an reachtaíocht á hathrú chun iompraíocht mhíchuí a phionósú agus, ar fud an domhain, bíonn an argóint mhorálta ar son scriosadh córas nádúrtha a stad ag éirí níos láidre i gcónaí. Níl de rogha againn ach gníomhú.

Tá níos mó agus níos mó daoine ag iarraidh obair in áiteanna ina dtugtar tús áite don chomhshaol. Táimid ag Bord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman – Plean Seirbhíse 2023 Leathanach 14 de 96 déileáil le géarchéim fuinnimh faoi láthair. Cé gur féidir gur géarchéim ghearrthéarmach í an ghéarchéim sin, léiríonn sí dúinn an riosca méadaithe a bhaineann lena bheith spleách ar bhreoslaí iontaise

Oibrímid le daoine ó chuid mhór cúlraí difriúla, agus is gá dúinn cabhrú le daoine nach bhfuil chomh saibhir céanna roghanna saoil inbhuanaithe a thuiscint agus a rochtain. Mar gheall ar an ngné sin den cheartas aeráide, ní mór dúinn smaoineamh faoi conas is féidir linn cabhrú le daoine billí a laghdú agus, ag an am céanna, faoi conas is féidir linn an brú ar an gcomhshaol a mhaolú. Mar chuid lárnach den chlár oideachais, is féidir díriú ar laghdú a dhéanamh ar an tomhaltachas agus ar an dúil i rudaí a cheannach. Is eol dúinn gur féidir linn freagairt go héifeachtach do ghéarchéimeanna agus, i bhfianaise na ngéarchéimeanna fuinnimh reatha, tá deis ann anois difríocht bhuan a dhéanamh.

Beidh poist na todhchaí dírithe ar stíleanna maireachtála inbhuanaithe a chruthú agus a chumasú – idir chruthaitheacht agus innealtóireacht. Dá bhrí sin, ní mór dúinn cabhrú lenár gcuid mac léinn/foghlaimeoirí aosacha na poist sin a rochtain trí iad a ullmhú dóibh trí na cúrsaí a sholáthraímid agus tríd an dóigh a dteagascaimid.

Sprioc Straitéiseach 6: Foghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta/Foghlaim Dhigiteach
Faoin mbliain 2030, beidh tionchar ollmhór imeartha ag an dul chun cinn i dteicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide ar an dóigh a seolann an Bord Oideachais agus Oiliúna a chuid teagaisc, oiliúna agus gnó. Toisc go mbíonn athruithe á ndéanamh chomh tapa sin, níl sé éasca an chuma a bheidh ar an tírdhreach a thuar. Tá fás ollmhór tagtha le blianta beaga anuas ar an úsáid a bhaintear as néalseirbhísí, as gléasanna móibíleacha agus as uirlisí teagaisc ar líne. Mar thoradh ar phaindéim Covid-19, leagadh béim mhéadaithe ar úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí digiteacha don teagasc, don fhoghlaim agus don bhainistíocht. D'fhreagair an Bord Oideachais agus Oiliúna go maith do na dúshláin a bhain leis an mearghlacadh le teicneolaíochtaí digiteacha cianoibre/cianfhoghlama le linn na paindéime. Is próisis láimhe pháipéarbhunaithe iad a lán próiseas laistigh den Bhord Oideachais agus Oiliúna go fóill, áfach. Mar sin, is gá leas iomlán a bhaint anois as an acmhainneacht iomlán atá ag teicneolaíochtaí digiteacha, ní amháin chun cur leis an dóigh a dteagasctar mic léinn/foghlaimeoirí aosacha agus a ndéantar measúnú orthu, ach chun feabhas a chur ar an mbainistíocht agus na próisis laistigh de thimpeallacht gnó an Bhoird Oideachais agus Oiliúna agus chun tacú leis an inbhuanaitheacht freisin.

Cén fáth? Úsáidtear an teicneolaíocht chun feidhm 'gnó mar is gnách' a chomhlíonadh laistigh den Bhord Oideachais agus Oiliúna faoi láthair. Is teoranta, áfach, atá an acmhainn reatha atá ann sonraí a anailísiú go héifeachtúil agus próisis dhigiteacha agus teicneolaíochtaí nua a chur chun feidhme. Is gá straitéis fhoriomlán TF a chur i bhfeidhm agus an tsamhail oibriúcháin a athbhreithniú chun an bealach a réiteach le haghaidh TF a bhunathrú go hiomlán laistigh den Bhord Oideachais agus Oiliúna.

4.3 Socruithe Cur Chun Feidhme agus Faireacháin

Forbraíodh an Plean Seirbhíse seo chun tacú le Ráiteas Straitéise an Bhoird Oideachais agus Oiliúna don tréimhse 2023-2027 a chur chun feidhme. Cé go leagtar amach sa Ráiteas Straitéise na tosaíochtaí agus na haidhmeanna a bheidh againn thar thréimhse cúig bliana, tá sé tábhachtach go mbeadh próiseas i bhfeidhm chun tacú leis na tosaíochtaí agus na haidhmeanna sin a chomhlíonadh. Agus an straitéis á cur chun feidhme aici, tacaítear le hobair Fhoireann Ardbhainistíochta an Bhoird Oideachais agus Oiliúna trí thimthriall bliantúil pleanála agus buiséadaithe a chur i gcrích. Ceadaíonn Bord an Bhoird Oideachais agus Oiliúna plean bliantúil agus buiséad bliantúil agus é bunaithe ar an bplean agus ar an mbuiséad a dhéanann sé meastóireacht fhoirmiúil ar an bhfeidhmíocht iarbhír gach bliain.

Tá an Plean Cur Chun Feidhme miondealaithe ina cheithre chéim:

1. Céim na Pleanála
2. Céim an Athbhreithniúcháin
3. Céim na Meastóireachta
4. Céim an Tuairiscithe



Céim 1: Céim na Pleanála

Is éard atá i gceist le céim na Pleanála ná an struchtúr a bhunú chun a chinntiú go mbíonn an Bord Oideachais agus Oiliúna ag comhlíonadh na gcuspóirí atá leagtha amach sa Ráiteas Straitéise. Déanfar é sin tríd an struchtúr seo a leanas:

- Spriocanna/Cuspóirí a Shainiú
- Garspriocanna a Sceidealú
- Acmhainní a Leithdháileadh
- Freagrachtaí Ball Foirne a Ainmniú
- Méadrachtaí Ratha/Príomhtháscairí Feidhmíochta a Shainiú

Oibríonn an Fhoireann Ardbhainistíochta trí na struchtúir rialachais atá ann cheana chun foghníomhartha, amlínte gaolmhara agus méadrachtaí ratha a shainaithint. Áirítear le struchtúr rialachais feidhmiúcháin an Bhoird Oideachais agus Oiliúna na grúpaí seo a leanas a rachfar i dteagmháil leo:

- An Fhoireann Ardbhainistíochta
- Príomhoidí agus Leas-Phríomhoidí
- Bainisteoirí Breisoideachais agus Oiliúna
- Grúpaí Stiúrtha Inmheánacha
- An Fhoireann Oibríochtaí (AD, Airgeadas, Seirbhísí Corparáideacha)

Cuirtear céim na Pleanála i gcrích ar bhonn bliantúil.

Céim 2: Céim an Athbhreithniúcháin

Le linn chéim an Athbhreithniúcháin, cabhraítear leis an bhFoireann Ardbhainistíochta tuiscint a ghnóthú ar cé acu a bhíonn nó nach mbíonn ag éirí léi na gníomhartha agus na tosaíochtaí sainaitheanta a bhaint amach agus cén dóigh a mbíonn sí ag déanamh amhlaidh. Déanfar aon ghníomh feabhais a phleanáil, de réir mar is cuí, tar éis chéim an Athbhreithniúcháin. Beidh an struchtúr seo a leanas ar chéim an Athbhreithniúcháin:

Comharliúchán	Freagracht	Minicíocht
Cruinnithe	Grúpa Cur Chun Feidhme na Foirne Ardbhainistíochta	Gach ráithe
Cruinnithe	Príomhoidí	Dhá uair sa bhliain
Cruinnithe	Bainisteoirí Breisoideachais agus Oiliúna	Dhá uair sa bhliain
Cruinnithe	An Grúpa Stiúrtha Cumarsáide	Dhá uair sa bhliain
Cruinnithe	An Fhoireann Oibríochtaí	Dhá uair sa bhliain
Cruinnithe	Bord an Bhoird Oideachais agus Oiliúna	Athbhreithniú lár téarma
Seisiúin fócasghrúpa/Suirbhé	Grúpaí páirtithe leasmhara inmheánacha	Athbhreithniú lár téarma
Seisiúin fócasghrúpa/Suirbhé	Grúpaí páirtithe leasmhara seachtracha	Athbhreithniú lár téarma

(Is féidir leis na cruinnithe pleanála bliantúla, mar atá leagtha amach thuas, forluí le roinnt de na cruinnithe athbhreithniúcháin)

Céim 3: Céim na Meastóireachta
Is é an cuspóir atá le céim na Meastóireachta ná tátail a bhaint as céim an Athbhreithniúcháin agus a shainaithint cé acu atá nó nach bhfuilimid ar an mbóthar ceart maidir leis na spriocanna agus na tosaíochtaí atá againn a chomhlíonadh agus maidir le torthaí a bhaint amach laistigh de na creataí ama atá leagtha amach. Déantar athbhreithniú i gcéim na Meastóireachta freisin ar cé acu a bhíonn nó nach mbíonn ár bPríomhtháscairí Feidhmíochta á mbaint amach. Tá an Fhoireann Ardbhainistíochta freagrach as céim na Meastóireachta agus éascaítear seisiún i leith na céime sin gach bliain.

Céim 4: Céim an Tuairiscithe
Tuairiscíonn an Bord Oideachais agus Oiliúna don Aire gach bliain, de réir na n-oibleagáidí atá orainn faoin Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013, agus faoin gCód Cleachtais chun Boird Oideachais agus Oiliúna a Rialú. Áirítear leis an Tuarascáil Bhliantúil an t-eolas is deireanaí ar an dul chun cinn a rinneadh ar na cuspóirí atá leagtha amach sa Ráiteas Straitéise. Mar Ghrúpa Cur Chun Feidhme don Ráiteas Straitéise, tuairiscíonn an Fhoireann Ardbhainistíochta don Bhord gach bliain freisin ar an dul chun cinn a rinneadh ar na spriocanna straitéiseacha comhaontaithe.

5. Forbhreathnú ar Sheirbhísí sa bhliain 2023:

5.1 Bunscoileanna, Iar-bhunscoileanna agus Pobalscoileanna Náisiúnta

Is é an Bord Oideachais agus Oiliúna an pátrún agus an t-údarás bainistíochta ar Phobalscoil Náisiúnta amháin agus ar 12 iar-bhunscoil. Leanfaidh an Bord Oideachais agus Oiliúna le comhairle agus tacaíocht oideachais, airgeadais, acmhainní daonna, TFC agus tógála a thabhairt do gach ceann de na scoileanna sin, mar aon le tacú lena rialachas foriomlán agus lena mbainistíocht fhoriomlán. Is é an Bord Oideachais agus Oiliúna an comhphátrún ar thrí phobalscoil i bPort Láirge agus i Loch Garman in éineacht le hord rialta freisin agus leanfaidh sé air ag obair le comhphátrúin agus le boird bhainistíochta áitiúla chun beartais a fhorbairt agus a chur chun feidhme.

Le linn 2023 cuireadh síneadh leis an gclár Ceannaireacht Scoile de chuid WWETB. Áirítear clár lae amháin anois do Leas-Phríomhoidí I, de bhreis ar an gclár atá ann do cheannairí scoile sinsearacha. Ghlac 4 ceannaire meánach ó WWETB páirt sa Scoil Samhraidh a d'eagraigh BOOÉ i Meitheamh 2023.
Tá gach iarbhunscoil de chuid WWETB ag glacadh páirte sa dara timthriall den Mhapáil Soláthair a thosaigh i Meán Fómhair 2023. Tá an Mhapáil Soláthair ar siúl i 14 BOO i 33 scoil ó 2021, dhá scoil píolótach ó WWETB san áireamh, agus is léir ón taighde go bhfuil sí ag tacú le scoileanna cur chuige a fhorbairt atá bunaithe ar shonraí, agus atá córasach agus comhoibríoch chun freastal ar riachtanais éagsúla na ndaltaí ar fud an Leanúntais Tacaíochta.

Cuirfidh an Mhapáil Soláthair seo, a mhaireann 18 mí, ar chumas na scoileanna rannpháirtithe rochtain a fháil ar threoir, ar cheardlanna agus ar fhoghlaim gharimiúil. Beidh siad ábalta sonraí a bhailiú ón bhfoireann, ó dhaltaí agus ó thuismitheoirí maidir leis an oideachas ionchuimsitheach. Déantar anailís ar na sonraí seo agus úsáidfear iad seo chun feabhas a chur ar scoileanna, agus na hacmhainní agus an fhoghlaim a shainaithint atá riachtanach chun leanúint le freagairt ar riachtanais. Is bunchuid den Mhapáil Soláthair é an t-éiteas, agus go bunúsach, is éard atá i gceist le soláthar a mhapáil ná éiteas na scoile a chur i bhfriotal.

D'oibrigh an Comhordaitheoir Éitis go dlúth le foirne ceannaireachta éitis i ngach scoil chun na croíluachanna a neadú laistigh de scoileanna WWETB. Tá measúnacht déanta ag gach scoil ar na croíluachanna mar chuid den phróiseas Féinmheastóireachta Scoile.

Leanann Pobail Chleachtais WWETB orthu le deiseanna sholáthar don fhoghlaim agus don chomhoibriú i measc múinteoirí. Áiríodh leis seo, le linn 2023, an clár Magenta, ceardlanna potadóireachta agus feiltithe, pleanáil faoi threorú agus forbairt beartas.

I mí na Nollag 2023, thug an Roinn Oideachais cuireadh do WWETB pátrúnacht a dhéanamh ar scoil speisialta nua i nGuaire a bheadh ag oscailt i Meán Fómhair 2024. Is scoil speisialta í Scoil Chnoc Guaire a chuireann oideachas cuí ar fáil do dhaltaí idir 4 agus 18 mbliana d'aois, a bhfuil diagnóis uathachais acu nó a bhfuil riachtanais foghlama coimpléascach acu, agus a tugadh moladh dóibh ó ghairmí go mba chóir dóibh freastal ar scoil speisialta. Tá WWETB ag obair go dlúth leis an Roinn Oideachais agus leis an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta maidir leis seo.

Rollú d'Iar-bhunscoileanna (Coláistí Iar-Ardteistiméireachta san áireamh, Bunscoileanna agus Scoileanna Speisialta:

Ainm na Scoil (Coláistí Iar AT san áireamh)	Rolluithe amhail an 30/09/2023	
	An Dara leibhéal	Iar Ardteistiméireacht
Coláiste Bhaile an Droichid	639	0
Gairmcholáiste Bhun Clóidí	284	0
Coláiste Abbáin	436	0
Coláiste an Átha, Cill Mhucraise	367	48
Coláiste Creagh	1048	0
Coláiste Dhún Garbhán	242	186
Coláiste Pobail Inis Córthaidh	420	165
Coláiste Uí Chinnéide	202	0
Meánscoil San Nioclás	156	0
Coláiste Sheilsceire	391	70
Coláiste Pobail Naomh Déaglán	855	0
Coláiste Pobail Naomh Pól	731	0
Coláiste Breisoideachais Phort Láirge	0	652
Iomlán na Rolluithe Coláiste	**5,771**	**1,121**

Rollú do Bhunscoileanna:

Ainm na Scoile	**Rolluithe amhail an30/09/2023**
Pobalscoil Náisiúnta Chill na Manach	40

Rollú do Scoileanna Speisialta: (Projected):

Ainm na Scoile	
Cnoc Ghuaire	24

5.2 Breisoideachas agus Oiliúint (lena n-áirítear Iar-Ardteistiméireacht)

Ráiteas faoi Sheirbhísí – Breisoideachas agus Oiliúint sa bhliain 2024



Soláthraítear Breisoideachas agus Oiliúint i bPort Láirge agus i Loch Garman trínár gcláir a sheachadaítear ar 40 suíomh de chuid WWETB, agus i dtimpeallachtaí pobail chomh maith.

Leanfaidh an rannóg Breisoideachais agus Oiliúna uirthi feabhas a chur ar sheirbhísí reatha, cuirfear seirbhísí breis ear fáil in áiteanna ina bhfuil gá leo, agus cuirfear feabhas ar an mbonneagar atá riachtanach chun na seirbhísí sin a sholáthar.

Eagraíocht atá dírithe ar an bhfoghlaimeoir is ea an Bord Oideachais agus Oiliúna; díríonn sé scileanna a thógáil don todhchaí, cothaítear ionchuimsitheacht agus cruthaítear conair do gach foghlaimeoir. Tá sé mar aidhm seirbhísí sármhaithe a sholáthar agus feabhas a chothú go leanúnach. Tá ár gcláir uile ceaptha chun an úsáid is fearr a bhaint as na hacmhainní atá ar fáil agus chun luach ar airgead a sholáthar.

Cláir Bhreisoideachais agus Oiliúna sa bhliain 2023

Cláir Iomlán na gCúrsaí Foghlaimeoirí	**Cláir Iomlán na gCúrsaí Foghlaimeoirí**	**Cláir Iomlán na gCúrsaí Foghlaimeoirí**
Grúpaí Litearthachta Aosach	638	4,163
Oiliúint Printíseachta	108	1,569
Oiliúint Chumaisc	2	8
Cúrsaí Oiliúna Bonnleibhéil agus Nasc-Chúrsaí Oiliúna	9	74
Grúpaí an Tionscnaimh um Fhilleadh ar an Oideachas (BTEI)	320	2,494
Oideachas Pobail	581	5,439
Ionaid Oiliúna Pobail	22	237
Béarla do Chainteoirí Teangacha Eile (ESOL)	513	5,590
Oiliúint Oíche	138	1,246
Uaireanta Comhoibrithe Breisoideachais agus Oiliúna	4	167
Conair Breisoideachais agus Oiliúna ón Scoil	1	38
Tionscnaimh Áitiúla Oiliúna	26	324
R-coláiste Ar líne	5	6
Maoiniú eile	1	33
Athshocrú Teifeach	6	88
Scileanna don Obair	36	309
Scileanna chun Dul Chun Cinn	179	1,236
Soláthraithe Sainoiliúna	9	143
Oiliúint Scileanna Sonracha	79	719
Cúrsaí Oiliúna	14	164
An Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais (VTOS)	60	629
Ógtheagmháil	44	629
Iar-Ardteistiméireacht	162	***
Iomlán	**2,952**	**25,305**

*** *Cuireadh foghlaimeoirí Iar-Ardteistiméireachta ar áireamh sa tábla thuas – Rollú d'Iar-bhunscoileanna agus do Choláistí Iar-Ardteistiméireachta.*

5.3 Gnóthaí Obair Óige

Seirbhís tacaíochta d'eagraíochtaí obair óige is ea an fhoireann um Ghnóthaí Obair Óige laistigh den Bhord Oideachais agus Oiliúna. Tá sé mar sprioc ag an bhfoireann tionscadail agus seirbhísí oideachais neamhfhoirmiúil ar ardchaighdeán a chur chun cinn agus a fhothú do dhaoine óga ar fud an dá chontae.

Tá triúr Oifigeach Óige lánaimseartha agus ball foirne tacaíochta riaracháin amháin ann laistigh den Bhord Oideachais agus Oiliúna faoi láthair, agus tacaíocht á fáil acu go léir ón Oifigeach Oideachais Aosach atá freagrach as Seirbhísí Óige. Bainistítear an Fhoireann Obair Óige i bhformáid limistéarbhunaithe, tríd is tríd, agus tá Oifigigh Óige lonnaithe i gCathair Phort Láirge, i gContae Phort Láirge agus i gContae Loch Garman

Is é UBU: D'Áit, Do Spás an croíchlár atá á chistiú ag an mBord Oideachais agus Oiliúna. Is é an misean atá ag an gclár sin ná tacaí lasmuigh den scoil a sholáthar do dhaoine óga (idir 10 mbliana d'aois agus 24 bliana d'aois) atá imeallaithe, faoi mhíbhuntáiste nó soghonta agus an méid sin a dhéanamh ina bpobal féin chun gur féidir leo imthosca dochracha a shárú agus barr a gcumais a bhaint amach. Ní mór na tacaí sin a sholáthar ar aon dul le luachanna, spriocanna, cuspóirí agus rialacha na scéime agus mar fhreagairt do na riachtanais atá ag daoine óga, mar a shainaithin an Bord Oideachais agus Oiliúna iad. Déanann an Bord Oideachais agus Oiliúna formhaoirseacht ar an dóigh a rialaítear agus a gcomhlíontar an cistiú UBU: D'Áit, Do Spás a sholáthraíonn an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (RLCMLÓ) do thríocha tionscadal atá faoi stiúir ag baill foirne ar fud an dá chontae. Imríonn Oifigigh Óige an Bhoird Oideachais agus Oiliúna ról ríthábhachtach maidir le seirbhísí áitiúla óige a fhothú agus a fhorbairt agus maidir le faireachán a dhéanamh orthu. Téann na hOifigigh Óige i dteagmháil dhíreach leis na heagraíochtaí óige agus lena n-oibrithe óige ina limistéar féin ar mhaithe le tacaíocht agus treoir a thabhairt dóibh.

Leanann an Bord Oideachais agus Oiliúna le hobair na ngrúpaí óige atá faoi stiúir ag oibrithe deonacha a fhothú trí phróiseas caighdeán RLCMLÓ agus trí chistiú a sholáthar tríd an Scéim Deontais le haghaidh Clubanna Óige Áitiúla agus trí scéimeanna deontais eile nuair a chuirtear iad ar fáil.

Áirítear iad seo a leanasleis na príomhghníomhartha is bun den obair a dhéanann an fhoireann um Ghnóthaí Obair Óige:

- Deontais a riar le haghaidh obair óige a sholáthar, lena n-áirítear UBU: D'Áit, Do Spás, an Scéim Deontais le haghaidh Clubanna Óige Áitiúla, an Deontas le haghaidh Trealamh Caipitil agus an Tionscnamh um Thacaíocht Spriocdhírithe Infhostaitheachta don Óige.
- Rialachas agus formhaoirseacht a dhéanamh ar an dóigh a riartar cistiú le haghaidh obair óige.
- Na cistí a sholáthraíonn RLCMLÓ le haghaidh tionscadail a sheoladh a bhainistiú agus a riar ar bhealach éifeachtúil tráthúil. • Iniúchadh a dhéanamh ar bhealaí inar féidir éifeachtúlachtaí a thabhairt isteach i bpróisis tuairiscithe ar mhaithe le húsáid acmhainní a uasmhéadú agus córais tuairiscithe ar líne atá níos so-úsáidte a chruthú do thionscadail atá faoi stiúir ag baill foirne agus do chlubanna atá faoi stiúir ag oibrithe deonacha araon.
- Iniúchadh a dhéanamh go seasta ar na deiseanna atá ann freastal ar na riachtanais shainaitheanta atá ag daoine óga tríd an obair óige in áiteanna a bhfuil seirbhísí teoranta ar fáil.
- Tacú le Caighdeáin Cháilíochta Náisiúnta do chlubanna óige agus do thionscadail a sholáthraíonn obair óige.
- Oibrithe óige agus oibrithe deonacha i réimse na hoibre óige a threorú i dtreo acmhainní obair óige agus i dtreo ábhar cláir.

5.4 Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta

Is é atá i gceist leis an bhfeidhm um Thacaíocht agus Forbairt Eagraíochta laistigh den Bhord Oideachais agus Oiliúna ná córais agus struchtúir a chur i bhfeidhm chun tacú le seirbhísí agus cláir oideachais agus oiliúna an Bhoird Oideachais agus Oiliúna a sholáthar. Déantar é sin trí chultúr feabhais leanúnaigh a chothú. De réir an Ráitis Straitéise nua don tréimhse 2023-2027, forbrófar roinnt clár oibre nua chun cabhrú leis an straitéis a chomhlíonadh. Cuimseoidh na cláir oibre sin na feidhmeanna seo a leanas:

1. Acmhainní Daonna
2. Airgeadas
3. Seirbhísí Corparáideacha
4. Giniúint Ceoil

1. Acmhainní Daonna

D'aistrigh an Rannóg AD chuig seirbhísí comhroinnt párolla na Roinne Oideachais/ESBS i R4 2023. Sa bhliain 2024, leanfaidh AD le hathbhreithniú a dhéanamh ar phróisis a ghabhann leis an bhfeidhm párolla nua seo chun feabhas a chur ar sheirbhís do chustaiméirí. Táthar ag tabhairt faoi roinnt tionscadal tosaíochta ó rinneadh moltaí a d'eascair ón athbhreithniú a rinneadh ar AD, lena n-áirítear oiliúint a bhaineann le hearcaíocht agus córais nua ionduchtúcháin agus Meantóireachta do dhaoine atá ag teacht isteach san eagraíocht den chéad uair.

2. Airgeadas

Thug an fhoireann Airgeadais faoi chuid mhór oibre forbartha sa bhliain 2023 agus leanfar ar aghaidh leis an obair sin sa bhliain 2024, go háirithe an t-aistriú chuig aon chóras airgeadais amháin. Is forbairt fíorthábhachtach í seo agus beidh sé mar thosaíocht na bogearraí nuafhorbartha a neadú ar fud na foirne ceannaireachta feidhmiúcháin i WWETB, rud a chuirfidh leis na deiseanna a bheidh ann le haghaidh anailís agus réamhaisnéisiú airgeadais.

Bíonn béim leanúnach á cur ar phróisis iniúchóireachta na foirne Airgeadais agus tá rún daingean ag an mBord Oideachais agus Oiliúna a chinntiú go sruthlíneoidh sé na próisis iniúchóireachta atá i bhfeidhm. Oibríonn sé go dlúth leis an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus leis an Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí ina leith sin.

3. Seirbhísí Corparáideacha

Tabharfaidh an fhoireann tús áite do Straitéis TFC a fhorbairt, rud ina gcuimseofar an straitéis um Fhoghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta agus an straitéis um Fhoghlaim Dhigiteach inár Scoileanna

Tá roinnt clár bonneagair tosaíochta ar siúl inár scoileanna agus inár soláthar breisoideachais agus oiliúna araon faoi láthair. Tá sé mar thosaíocht ag an bhfoireann foirgneamh an struchtúr atá i bhfeidhm aici a ailíniú agus obair go dlúth leis an Roinn Oideachais agus le SOLAS chun freastal ar na riachtanais atá ag na cláir fhairsinge foirgneamh sin.

Seolfar ár suíomh Gréasáin corparáideach nua go luath, agus sinn ag cur go mór leis an gcumas atá againn dul i dteagmháil le foghlaimeoirí féideartha agus lenár bpobail atá ann cheana. Beidh sé mar thosaíocht againn sa bhliain 2023 a chinntiú go mbeidh an t-inneachar ar an suíomh Gréasáin úsáideach agus cothrom le dáta. Oibreoimid le roinnt úinéirí inneachair ó gach cuid den eagraíocht ina leith sin. Tabharfar tús áite Bord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman – Plean Seirbhíse 2023 Leathanach 23 de 96 d'fhaisnéis a fhorbairt agus a nuashonrú go leanúnach dár mbaill foirne ar ár n-inlíon (mol foirne) agus d'inrochtaineacht na faisnéise sin.

4. Giniúint Ceoil/Music Generation

Tosaíochtaí don bhliain 2024 is ea ráitis straitéise nua a fhorbairt do Ghiniúint Ceoil Loch Garman agus do Ghiniúint Ceoil Phort Láirge. Chun tacú leis na straitéisí sin a fhorbairt, bunófar Comhpháirtíochtaí Áitiúla Oideachais Ceoil i Loch Garman agus i bPort Láirge araon, agus iad comhdhéanta d'ionadaithe ó ghrúpaí éagsúla geallsealbhóirí

6. Ráiteas faoi Sheirbhísí sa bhliain 2024

Sainaithníodh na spriocanna agus na tosaíochtaí seo a leanas faoi bhun théarmaí an Chomhaontaithe Soláthar Feidhmíochta idir an Roinn Oideachais agus an Bord Oideachais agus Oiliúna. Tá na gníomhartha sonracha atá le déanamh chun na tosaíochtaí sin a bhaint amach agus na táscairí feidhmíochta agus na spriocanna gaolmhara atá le comhlíonadh mar a leanas:

Sprioc	Tosaíocht	Gníomh	Táscaire Feidhmíochta	Sprioc
Eispéireas an Mhic Léinn/an Fhoghlaimeora a Bharrfheabhsú	Eispéireas dearfach foghlama a sholáthar do gach foghlaimeoir, lena n-áirítear foghlaimeoirí ó ghrúpaí imeallaithe	Seoladh an Chomhairle Foghlaimeoirí Breisoideachais agus Oiliúna sa bhliain acadúil 2022/2023. Leanfar leis an tionscnamh Bogha Ceatha a sholáthar chun tacú le foghlaimeoirí agus baill foirne ón bpobal LADTI+ a seoladh i mí na Samhna 2023.	An Chomhairle Foghlaimeoirí Breisoideachais agus Oiliúna ag feidhmiú agus ag bualadh le chéile go rialta.	An Chomhairle Foghlaimeoirí Breisoideachais agus Oiliúna ag feidhmiú agus ag bualadh le chéile go rialta. Oiliúint curtha ar fáil don fhoireann sa Tionscnamh Bogha Ceatha..
		Iniúchadh a dhéanamh ar Fhóram Míc Léinn Scoile ar a mbeidh ionadaí ó gach ceann de na Comhairlí Mic Léinn sna 13 scoil.	Deonaigh ó gach comhairle daltaí i bhfeidhm.	Téarmaí tagartha; reáchtálfar an chéad chruinniú faoi dheireadh 2024.
		Iniúchadh a dhéanamh ar oiliúint a sholáthar do bhaill den chomhairle mic léinn. Bunaíodh Aonad Comnionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsitheacht in 2023 chun a chinntiú go bhfuil cur chuige níos ionchuimsithí i bhfeidhm agus chun bacainní ar rannpháirtíocht a laghdú.	Athbhreithniú a dhéanamh ar shocruithe reatha i ngach scoil don oiliúint a chuirtear an an gComhairle do mhic léinn.	Baill na comhairle reatha a shainaithint i ngach scoil mar aon le baill foireann chun tacú lena ngíomhartha.

	Tacú le mic léinn/foghlaimeoirí atá i mbaol míbhuntáiste oideachasúil, ar aon dul leis an mbeartas náisiúnta reatha	Pobal Cleachtais na gComhordaitheoirí Riachtanas Speisialta Oideachais – forbrófar teimpléid chomhroinnte le haghaidh Pleananna Tacaíochta Mic Léinn. Leanfaidh an Fhoireann Foghlama Digití le hionchur a sholáthar maidir le huirlisí inrochtaineachta i Sraith MS. Soláthrófar tuilleadh forbartha gairmiúla leanúnaí/oiliúna i scagadh agus i dtástáil dhiagnóiseach. Cuirfear Céim 2 de thionscnamh Bhoird Oideachais agus Oiliúna Éireann um Léarscáiliú Soláthair i bhfeidhm sna coileanna atá fágtha. Leanfar leis an Treoirghrúpa Cóitseálaithe Cuimsithe a fhorbairt. . Leanfar le comhoibriú leis an bhFoireann Foghlama Digití chun uirlisí inrochtaineachta a leabú laistigh dár bPobail Chleachtais, de réir mar a iarrtar é sin. Leanfar leis an bPobal Cleachtais do mhúinteoirí Béarla mar Theanga Bhreise a fhorbairt agus a fhás Cairt WWETB Comhionannais agus Éagsúlachta a chur i bfheidhm chun tacú le lucht oibre éagsúil.	Leanfar le gníomhaíochtaí CoP ar nós cumarsáid idir phiaraí/scáthfhoghlaim le haghaidh scagtha/tástáil dhiagnósiseach /RACE. CoP a bhunú agus cruinniú a reáchtáil do Cheannasaithe Ionchuimsithe. Athbhreithniú ar shuirbhé riachtanas do scoileanna Píolótacha, agus freagairt a ullmhú air sin. Sliotáin ama don tacaíocht foghlama digití de réir mar is gá. Go ndéanfaidh na Comhordaitheoirí REAL Tagus Oideachais monatóireacht ar eolas agus ar theoirlínte tábhachtacha agus iad a uaslódáil. Tacú leis an Oifigeach um Rochtain agus Míchumas chun é seo a chur i bhfeidhm.	Múinteoirí a chur i mbeirteanna bunaithe ar riachtanais/taithí. Forbairt ghairmiúil leanúnachfaoi leith a lorg nuair is gá. Céim bailithe sonraí do 10 scoil. Ceardlanna don fhoireann á soláthar ag ceannasaithe ionchuimsithe sna 10 scoil.. Tabharfaidh an Comhordaithoir Oideachais/Ionchuimsithe cuairt ar gach scoil. Go mbeidh níos mó daoine ag glacadh leis an tacaíocht atá ar fáil.. Aiseolas a lorg ó dhaoine a bhfuil CPD déanta acu, agus athbhreithniú/suirbhé a dhéanamh ar an tábhacht a bhaineann leis. Cruinnithe leis an Oifig um Rochtain agus Míchumas.

	A chinntiú go bhfuil na bearta uile um chumhdach leanaí i bhfeidhm, de réir na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna (leasaithe i 2023)	Déanfar athbhreithniú agus iniúchadh bliantúil ar an ráiteas um chumhdach leanaí agus cuirfear measúnuithe riosca gaolmhara i gcrích. Déanfar cigireachtaí cumhdaigh leanaí, lena gcabhrófar le faireachán a dhéanamh ar an bpróiseas atá i bhfeidhm i scoileanna Cuirfidh príomhoidí scoile Oiliúint do Bhoird Bhainistíochta sa Tuarascáil Maoirseachta um Chosaint Leanaí i gcrích	Boird Bhainistíochta a bheith ag déanamh athbhreithniú agus iniúchadh bliantúil. Cigireachtaí cumhdaigh a bheith ar siúl i scoileanna Oiliúint a bheith á déanamh ag Boird Bhainistíochta sa Tuarascáil Maoirseachta um Chosaint Leanaí..	Na caighdeáin atá i bhfeidhm a bheith á gcoinneáil ar bun. . Cigireachtaí cumhdaigh a bheith déanta. Boird Bhainistíochta a bheith curtha faoi oiliúint.
	A chinntiú go gcomhlíontar go hiomlán na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna (leasaithe 2023)	Déanfar athbhreithniú agus iniúchadh bliantúil ar an ráiteas um chumhdach leanaí agus cuirfear measúnuithe riosca gaolmhara i gcrích. Déanfar cigireachtaí cumhdaigh leanaí, lena gcabhrófar le faireachán a dhéanamh ar an bpróiseas atá i bhfeidhm i scoileanna. Cuirfidh príomhoidí scoile Oiliúint do Bhoird Bhainistíochta sa Tuarascáil Maoirseachta um Chosaint Leanaí i gcrích.	Oiliúint a bheith á déanamh ag Boird Bhainistíochta sa Tuarascáil Maoirseachta um Chosaint Leanaí. Cigireachtaí cumhdaigh a bheith ar siúl i scoileanna. Oiliúint a bheith á déanamh ag Boird Bhainistíochta sa Tuarascáil Maoirseachta um Chosaint Leanaí.	Na caighdeáin atá i bhfeidhm a bheith á gcoinneáil ar bun. Cigireachtaí cumhdaigh a bheith déanta. Boird Bhainistíochta a bheith curtha faoi oiliúint.
Cláir Chosanta	Cúnamh a thabhairt don Roinn Oideachais, de réir mar is gá, freastal ar na riachtanais a eascróidh as Clár	Glacfar le daltaí IRPP agus IPAS sna scoileanna mar a rinneadh go dtí seo de réir a bpolasaithe iontrála. Leanfaidh WWETB leis an gcomhordaitheoir REALT a óstáil.	Athbhreithniú a dhéanamh ar líon daltaí i scoileanna	Cur leis an líon scoileanna atá ag glacadh páirte sna Scoileanna Tearmainn.

	Cosanta Dídeanaithe na hÉireann agus ar an soláthar d'iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta	Spreagfar na scoileanna a bheith ina mbaill de na Scoileanna Tearmainn.	Athbhreithniú a dhéanamh ar rannpháirteachas reatha.	
Rialachas	Rátaí freastail ar chruinnithe boird	Cuirfear béim an athuair ar an gceanglas go bhfreastalófaí ar gach cruinniú Boird, de réir an Chóid Cleachtais chun Boird Oideachais agus Oiliúna a Rialú.	Córam a bheith bainte amach do gach cruinniú de chuid Bhord an Bhoird Oideachais agus Oiliúna.	Córam a bheith bainte amach do gach cruinniú Boird de chuid WWETB.
	Féinmheasúnuithe Boird	Agus leas á bhaint as an gceistneoir atá ar áireamh sa Chód Cleachtais, déanfar ceistneoir féinmheasúnaithe chun sainaithint a dhéanamh ar réimsí ina bhfuil feabhsuithe ag teastáil.	Ceistneoir féinmheasúnaithe a bheith déanta ag na comhaltaí Boird ar bhonn aonair agus tuarascáil ilchodach a bheith comhaontaithe.	Ceistneoir féinmheasúnaithe curtha i gcrích go bliantúil.
	Saineolas airgeadais ar choistí iniúchóireachta agus airgeadais	Déanfaidh an bord ceapacháin chuig coistí iniúchóireachta agus airgeadais i gcomhairle le cathaoirligh na gcoistí. Roghnófar comhaltaí seachtracha de choistí chun na scileanna agus an taithí iniúchóireachta agus airgeadais a theastaíonn a chur leis an ról.	Comhdhéanamh an Choiste Airgeadais agus an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca a bheith ag teacht leis an deachleachtas.	hoiste Airgeadais agus an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca a bheith ag teacht leis an deachleachtas.
	Breithmheas an Bhoird ar obair an Choiste Airgeadais agus an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca	Ba chóir don chathaoirleach ar gach bord a chinntiú go dtugtar tuarascálacha scríofa do gach ball den bhord maidir leis an obair a dhéanann na coistí airgeadais, agus iniúchóireachta & riosca mar a éilítear faoin gCód Cleachtais le haghaidh rialachas na mBOOanna.	An Coiste Airgeadais agus an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca a bheith ag soláthar tuarascálacha go rialta don Bhord.	Tuarascálacha curtha ar fáil don Bhord go tráthúil.

	Breithmheas an Bhoird ar obair an Choiste Airgeadais agus an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca	Ba chóir don chathaoirleach ar an dá choiste a chinntiú go gcuitear cleachtadh féinmheasúnaithe i gcrích go bliantúil mar a éilítear faoin gCód Cleachtais le haghaidh rialachas na mBOOanna	Cleachtadh féinmheasúnaithe a bheith á chur i gcrích ag an gCoiste Airgeadais agus ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca gach bliain.	Cleachtaí féinmheasúnaithe a bheith á gcur i gcrích gach bliain.
	Forbairt Foirne *	Ba chóir don phríomhfheidhmeannach a chinntiú; -go gceaptar ball foirne mar bhainisteoir oiliúnar - go ndéantar anailís ar riachtanais bhainistíochta airgeadais go bliantúil - go bhforbraítear agus go gcuirtear i bhfeidhm clár oiliúna don bhainistíocht airgeadais.	An Bainisteoir Airgeadais a bheith ag comhlíonadh an róil mar bhainisteoir oiliúna don fhoireann Airgeadais, scóip an chláir oiliúna a bheith measta agus an clár oiliúna a bheith curtha chun feidhme.	Bainisteoir Oiliúna ceaptha agus clár oiliúna sa bhainistíocht airgeadais curtha i bhfeidhm.
	Spriocdhátaí tuairiscithe na Roinne	Comhlíonfar na spriocdhátaí tuairiscithe arna leagan síos ag an Roinn agus beidh na tuarascálacha cruinn.	Spriocdhátaí tuairiscithe na Roinne Oideachais a bheith á gcomhlíonadh.	Spriocdhátaí tuairiscithe na Roinne Oideachais a bheith á gcomhlíonadh.
	Beartas Bainistíochta Riosca	Dearfar próiseas chun sainaithint a dhéanamh ar na rioscaí suntasacha a bhaineann le torthaí an eintitis a bhaint amach agus chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin. Tacóidh an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca le hobair an Bhoird ina leith sin.	Plean gnó agus Bainistíochta Riosca a bheith curtha chun feidhme agus próiseas a bheith comhaontaithe le haghaidh aon rioscaí a shainaithint agus le haghaidh aghaidh a thabhairt orthu.	Plean gnó agus Bainistíochta Riosca a bheith curtha chun feidhme agus próiseas a bheith comhaontaithe le haghaidh aon rioscaí a shainaithint agus le haghaidh aghaidh a thabhairt orthu
	Rialuithe Inmheánacha	Gheobhaidh an Bord dearbhú leordhóthanach á rá go mbíonn rialuithe sonraithe á n-oibriú mar atá beartaithe.	Dearbhú a bheith faighte ag an mBord á rá go bhfuil rialuithe sonraithe i bhfeidhm.	Rialuithe inmheánacha a bheith i bhfeidhm agus Ráiteas faoi Rialuithe Inmheánacha a bheith ceadaithe ag an mBord.

*Tagraíonn sé seo do BOO a chinntíonn go gcuirtear an fhreagracht fhoriomlán ar bhall faoi leith den fhoireann reatha chun oiliúint sa BOO a chur i bhfeidhm agus maoirseacht a dhéanamh uirthi, chun go gcinnteofar go bhfuil cur chuige straitéiseach, stuama agus éifeachtach i bhfeidhm ar fud gach réimse feidhmíochta. D'fhéadfadh a leithéid de ról teacht leis na struchtúir agus na socruithe atá ann cheana féin sa BOO agus ní gá gur post lánaimseartha atá i gceist. An príomhrud ná go mbeidh ball foirne ann ag a bhfuil an fhreagracht fhoriomlán don chlár oiliúna.

Chomh maith leis na spriocanna agus tosaíochtaí a comhaontaíodh go náisiúnta, cuirfear tús leis na tosaíochtaí faoil leith a leanas nó seachadófar iad le linn 2024 chun dul chun cinn an Ráitis Straitéise foriomlán a chinntiú.

*Nóta: Tagraíonn na huimhreacha thíos don ghníomh straitéiseach gaolmhar sa Ráiteas Straitéise 2023-2027 – níl na huimhreacha in ord croineolaíoch i ngach cás.

Sprioc Straitéiseach 1
Cáilíocht

Faoin mbliain 2030, tá an cháilíocht neadaithe i ngach rud a dhéanaimid. Tá struchtúr agus múnla rialachais láidir i bhfeidhm ag WWETB chun an cháilíocht a bhainistiú i ngach réimse. Earcaímid baill foirne den scoth a bhfuil na cáilíochtaí cuí acu chun oideachas agus oiliúint a sholáthar, agus cuirimid an deis ar fáil dóibh Foghlaim agus Forbairt Ghairmiúil a dhéanamh chun feabhas a chur ar a gcuid cleachtas. Tríd an gcomhairliúchán, is eol dúinn go bhfuil sé tábhachtach don fhoireann go léireoidh WWETB conas a bhaineann sé amach an cháilíocht sin agus cad iad na bearta atá ann chun í a dhearbhú. Tá tábhacht ag baint le gach rud – go háirithe na mionrudaí. Tá an cumas tugtha againn don fhoireann an cháilíocht a bhainistiú ar fud na heagraíochta. Is cuid dhílis anois í an cháilíocht inár gcultúr.

Cén fáth? Tá an cháil atá ar an mBord Oideachais agus Oiliúna bunaithe ar cháilíocht a sholáthair oideachais agus oiliúna. Féachaimid leis an gcáil atá orainn a fheabhsú trí bhearta a chur i bhfeidhm chun a léiriú go bhfuil cáilíocht leabaithe i ngach a ndéanaimid – ár soláthar teagaisc agus oiliúna, an dóigh a nearcaímid baill foirne, ár gcórais tacaíochta, agus ár leibhéil seirbhíse do chustaiméirí

1.1 Tosaíocht Straitéiseach: Struchtúr agus Rialachas (lena n-áirítear seirbhísí eagrúcháin)

	Gníomh Straitéiseach	Gníomhartha sa bhliain 2024	Príomhtháscairí Feidhmíochta	Spriocanna
1.1.1	Cur le sainchúram na hOIfige Cáilíochta de chuid WWETB chun an cháilíocht a bhainistiú agus tacaíocht a sholáthar ar fud na heagraíochta go léir – lena n-áirítear monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar chláir agus ar scoileanna/aonaid.	Mír sheasta maidir le cáilíocht a bheith ar an gclár do chruinnithe an Ghrúpa Stiúrtha Cáilíochta sa bhliain 2024. . Go leanfaidh Oifigeach Forbartha Scoile agus Tacaíochta, agus an Comhordaitheoir Oideachais, ag obair leis an Stiúrthóir Scoileanna chun tacaíocht a sholáthar agus cláir a fhorbairt a chuireann feabhas ar an soláthar i scoileanna.. Athbhreithniú a dhéanamh ar conas a roinntear aiseolas le scoileanna i ndiaidh cruinnithe/tionscnamh CoP.	Dul chun cinn déanta ar Oifige Cáilíochta uile-eagraíochta a bhunú. Cláir forbartha agus curtha i bhfeidhm chun feabhas a chur ar an soláthar i scoileanna – ag teacht leis an gclár Cáilíochta ginearálta. Athbhreithniú a	Paraiméadair i bhfeidhm chun Oifig Cáilíochta a fhorbairt do WWETB. Cláir forbartha agus anailís déanta orthu i gcomparáid leis an gclár cáilíochta ginearálta do WWETB.

	Gníomh Straitéiseach	Gníomhartha sa bhliain 2024	Príomhtháscairí Feidhmíochta	Spriocanna
		Athbhreithniú a dhéanamh ar nósanna imeachta reatha i scoileanna maidir le gnóthachtáil agus plean a ullmhú chun déileáil le haon riachtanais a thagann chun cinn.	dhéanamh ar nósanna imeachta reatha i scoileanna maidir le gnóthachtáil agus plean a ullmhú chun déileáil le haon riachtanais a thagann chun cinn.	Athbhreithniú déanta agus plean forbartha.
1.1.2	Ráiteas maidir le Tiomantas Bhord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman do Cháilíocht a fhorbairt agus a fhoilsiú, rud a bheidh le feiceáil i ngach Scoil agus Ionad.	Ráiteas Cáilíochta le forbairt ag an nGrúpa Stiúrtha Cáilíochta, i ndiaidh comhairliúcháin leis an bhfoireann.	Ráiteas Cáilíochta forbartha.	.Ráiteas Cáilíochta a bheith forbartha agus réidh le hí a scaipeadh do scoileanna, ionaid agus oifigí.
1.1.4	4 Oifig um Chláir Bhreisoideachais agus Oiliúna a Fhorbairt a bhunú, rud a ailíneoidh leis an straitéis atá i bhfeidhm ag SOLAS chun tacú le poist agus le conairí foghlama, chun cuimsiú a éascú, chun daoine a uasoiliúint tríd an saol agus trí ghairmeacha agus chun spriocdhíriú ar phríomhriachtanais scileanna. Cuirfear de dhualgas ar an Oifig cláir a bhailíochtú agus a athbhreithniú agus torthaí foghlama a athbhreithniú, ar aon dul leis an straitéis fhoriomlán atá i bhfeidhm ag SOLAS agus ag an mBord Oideachais agus Oiliúna	Oifig Forbartha Clár le bunú, í ailínithe leis an gclár forbartha céime Treasach. Leanfaidh an Stiúrthóir BOO le teagmháil a dhéanamh le BOOÉ mar bhall den ghrúpa Straitéise Cáilíochta Náisiúnta de chuid BOOÉ.	Oifig Forbartha Clár bunaithe agus cláir treasacha forbartha ar bhonn píolótach.	Oifig um Chláir a Fhorbairt a bheith bunaithe agus cláir treasacha tugtha isteach ar bhonn píolótach i Meán Fómhair 2024.

	Gníomh Straitéiseach	Gníomhartha sa bhliain 2024	Príomhtháscairí Feidhmíochta	Spriocanna
1.1.5	Feabhas a chur ar chaidrimh agus naisc chriticiúla le ranna ábhartha rialtais, le húdaráis áitiúla agus le gníomhaireachtaí eile agus meastóireacht a dhéanamh ar a éifeachtaí atá na caidrimh sin, go háirithe caidrimh le comhlachtaí tionscail.	Leanfar leis an mbaint atá againn, go náisiúnta agus go réigiúnach, le hanailís a dhéanamh ar riachtanais scileanna san earnáil giniúna gaoithe amach ón gcósta. . Leanfar leis an mbaint atá againn, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta i bhfoirnimh ardfheidhmíochta i gcomhar le UNECE, HPBA, DHLGH, DECC, DFHERIS agus WCC. A bheith ina bhall de Choistí Forbartha Áitiúla i bPort Láirge agus i Loch Garman. Díriú ar chaidrimh reachta agus ar naisc le ranna rialtais ábhartha, le húdaráis áitiúla agus le gníomharieachtaí eile – lena n-áirítear an Fóram um Scileanna Réigiúnacha, an Coiste Forbartha Áitiúila agus Comhpháirtíochtaí Sábháilteachta. Beidh sé mar thosaíocht ag an Aonad Seirbhís do Ghnó de chuid WWETB imeachtaí réigiúnacha a eagrú, a éascú agus freastal orthu in 2024. Díriú ar an Straitéis um Litearthacht d'Aosaigh ar feadh an tSaoil a chur i bhfeidhm i gcomhar leis an gComhordaitheoir Réigiúnach um Litearthacht. (Bunaíodh an Chomhghuaillíocht Réigiúnach um Litearthacht in 2023).	Ina bhall den ghrúpa Riachtanais Scileanna ag an leibhéal náisiúnta agus réigiúnach araon. Soláthrófar oiliúint don earnáil tógála ar Fhoirgneamh Nach Mór Neodrach ó Thaobh Fuinnimh, teaschadéil, aeráil, agus comhleá leictreach. Aiseolas agus eolas a scaipeadh go rialta tríd an tuarascáil PF agus trí chruinnithe na bPríomhoidí agus Leas-Phríomhoidí chun déileáil le míreanna ábhartha. . Beidh an tAonad Seirbhís do Ghnó ag déanamh teagmháil ghníomhach leis an tionscal agus le foghlaimeoirí ionchasacha le linn 2024 trí imeachtaí réamhphleanáilte. Clár oibre 2024 iréidh chun an straitéis a chur i bhfeidhm. Teagmháil le foirne	Freastal ar chruinnithe, aiseolas a sholáthar ina leith go rialta Imeachtaí pleanáilte agus eagraithe d'fhoghlaimeoirí ionchasacha agus do chomhpháirtithe tionscail le linn 2024. . Tosaíochtaí straitéiseacha a bheith bainte amach in aghaidh an chláir oibre 2024. Rannpháirteachas

	Gníomh Straitéiseach	Gníomhartha sa bhliain 2024	Príomhtháscairí Feidhmíochta	Spriocanna
		Athbhreithniú a bheith déanta ar bhallraíocht d'fhoirne/de choistí ilghníomhaireachta chun ionadaíocht a dhéanamh don Bhord Oideachais agus Oiliúna ar Chomhpháirtíocht Cleachtas Aisiríoch Loch Garman, ar Líonraí Seirbhísí do Leanaí agus don Teaghlach, ar an gCoiste Stiúrtha 'Elevate', ar Thascfhórsa Bhoird Oideachais agus Oiliúna Éireann um Léarscáiliú Soláthair/Cuimsiú agus ar fhoirne REALT.	ildhisciplíneacha mar pháirtí critiúil i gcúrsaí cinnteoireachta	gníomhach i bhfoirne /coistí ilghníomhaireachtaí.
1.1.6	Cur chuige uile-chórais a ghlacadh i leith Bainistíocht Riosca agus bainistíocht Rialuithe Inmheánacha – ar fud gach réimse agus leibhéal den eagraíocht. Áirítear leis sin comhpháirtíochtaí féideartha (e.g., conraitheoirí, soláthraithe tríú páirtí) a thomhas ó thaobh riosca de agus comhaontuithe seirbhíse agus comhaontuithe eile a chur i bhfeidhm le gach geallsealbhóir.	Oiliúint a bheith déanta le Bord WWETB, le Foireann Ardbhainistíochta, le Foireann Ceannasaíochta Breisoideachais agus Oiliúna, le Príomhoidí agus leis an bhFoireann Oibríochtaí um Bainistíocht Riosca agus rialuithe bainistíochta. Plean Gnó Bainistíochta Riosca a bheith leasaithe chun dáta agus bunghníomhartha do 2024 ag gabháil leo. Cuir i láthair do cheannasaithe scoile faoi na himpleachtaí dlíthiúla a bhaineann le hiompar dúshlánach a bhainistiú. Polasaí láraithe a bheith forbartha le húsáid i scoileanna – 'Iompar ar Cúis Imní É'.	Oiliúint curtha i gcrích. Plean Gnó Bainistíochta Riosca leasaithe chun dáta. Déanfar an polasaí a dhréachtú, a chur in eagar agus a roinnt le gach scoil chun é a dhaingniú ag leibhéal na scoile aonair.	Oiliúint curtha i gcrích. Plean Gnó Bainistíochta Riosca leasaithe chun dáta. An polasaí seo a bheith daingnithe ag gach scoil mar aguisín do Chód na Scoile maidir le hIompar Dearfach.
1.1.7	Comhaltas de gach Bord agus Coiste de chuid an Bhoird Oideachais agus Oiliúna a athbhreithniú, lena n-áirítear Téarmaí Tagartha gach Boird, Coiste agus líonra inmheánaigh. Déanfar féinmheasúnuithe ar Bhoird/Coistí ar bhonn bliantúil. Forbrófar teimpléid do chláir oibre chaighdeánaithe agus do mhiontuairiscí caighdeánaithe	Comhdhéanamh nua den Bhord agus d'fhochoistí. Oiliúint rialachais a bheith déanta ag baill nua den Bhord agus de Choistí. Teimpléad a bheith forbartha agus oiliúint faighte maidir le miontuairiscí do chruinithe an Bhoird Bhainistíochta.	Bord WWETB agus Fochoistí nua i bhfeidhm. Oiliúint rialachais curtha i gcrích. Beidh teimpléad comhaontaithe á úsáid chun miontuairiscí chruinnithe na mBord	Bord agus Fochoistí i bhfeidhm. Oiliúint rialachais curtha i gcrích. Beidh gach scoil ag comhlíonadh go hiomlán riachtanas na mBord Bainistíochta.

	Gníomh Straitéiseach	**Gníomhartha sa bhliain 2024**	**Príomhtháscairí Feidhmíochta**	**Spriocanna**
		Oiliúnt Bord Bainistíochta a bheith déanta ag baill den Bhord Bainistíochta.	Bainistíochta a scríobh. Beidh oiliúint rialachais déanta ag gach ball de na Bhord Bainistíochta..	Oiliúint rialachais curtha i gcrích faoi dheireadh 2024.
1.1.8	Athbhreithniú a dhéanamh ar obair Bhord agus Choistí Alt 45 (an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca agus an Coiste Airgeadais) an Bhoird Oideachais agus Oiliúna agus a chinneadh conas a leanfaidh siad le ról straitéiseach a imirt sa todhchaí.	Comhdhéanamh nua den Bhord agus d'fhochoistí. Cur i láthair tugtha don Bhord agus d'fhochoistí nua ar obair WWETB agus ar an Ráiteas Straitéise.	Bord agus Fochoistí nua i bhfeidhm. Cur i láthair tugtha don Bhord nua agus do na fochoistí nua ar obair WWETB agus ar an Ráiteas Straitéise.	Bord agus Fochoistí nua i bhfeidhm. Cur i láthair tugtha tar éis Bord agus fochoistí nua tar éis comhdhéanamh nua a bheith curtha i láthair.
1.1.9	Guth an mhic léinn/an fhoghlaimeora a neartú ar fud struchtúir rialachais an Bhoird Oideachais agus Oiliúna.	Tacaíocht a bheith tugtha don obair a dhéanann an Chomhairle Foghlaimeoirí - i bhfeidhm ón mbliain acadúil 2022/23. An Tionscnamh Bogha Ceatha a bheith curtha i bhfeidhm chun tacú le foghlaimeoirí agus le baill foirne ón bpobal LADTIA Féachaint le Fóram Mic Léinn Scoile a fhorbairt ar a mbeidh ionadaí ó gach scoil ó gach Comhairle Mic Léinn faoi seach.	Cruinnithe rialta den Chomhairle Foghlaimeoirí. Oilúint tugtha don fhoireann faoin tionscnamh Bogha Ceatha. Deonaithe ó gach comhairle mic léinn a bheith sainaitheanta.	Cruinnithe de chuid an Fhóraim Foghlaimeoirí Breisoideachais agus Oiliúna a bheith tionólta in 2024. Oiliúint déanta ag baill foirne in 2024. Téarmaí tagartha

	Gníomh Straitéiseach	Gníomhartha sa bhliain 2024	Príomhtháscairí Feidhmíochta	Spriocanna
		Athbhreithniú a dhéanamh ar na socruithe atá ann maidir le hoiliúint a thabhairt don Chomairle Mic Léinn i ngach scoil agus féachaint an féidir oiliúint a sholáthar mura bhfuil sé ann cheana féin..	Baill de na comhairlí mic léinn reatha a shainaithint i ngach scoil mar aon le baill foirne a thacóidh lena ngníomhaiochtaí. Oiliúint ar bun i ngach scoil.	agus an chéad chruinniú le tarlú faoi dheireadh 2024. Athbhreithniú déanta ar oiliúint don Chomhairle Mic Léinn i ngach scoil agus sceideal oiliúna i bhfeidhm.
1.1.11	Creat Nuálaíochta a fhorbairt agus foireann Nuálaíochta a bhunú. Córais athbhreithniúcháin agus mheastóireachta a fhorbairt chun tacú leis an nuálaíocht ar fud na heagraíochta.	Grúpa Oibre Nuálaíocha a bhunú, mar fhoghrúpa den Ghrúpa Stiúrtha Cáilíochta de chuid WWETB.	Grupa oibre nuálaíocha a bheith bunaithe. .	Grupa oibre nuálaíocha a bheith bunaithe agus cruinnithe tionólta.
1.1.12	Cairt Custaiméirí an Bhoird Oideachais agus Oiliúna a chur chun feidhme ina hiomláine ar fud gach réimse.	Cairt Chustaiméara an WWETB le cur chun cinn ar fud na heagraíochta agus le cur chun feidhme ag gach ball foirne. Úsáidfear modhanna éagsúla chun í a scaipeadh (nuachtlitir, ríomhphost, cruinnithe) chun an tábhacht a bhaineann leis an gcairt a chomhlíonadh a chur in iúl.	Cairt an Bhoird Oideachais agus Oiliúna a bheith forbartha agus scaipthe ar gach ball foirne.	Cairt an Bhoird Oideachais agus Oiliúna a bheith forbartha agus scaipthe ar gach ball foirne.
1.1.14	Clár a fhorbairt chun cleachtais athmhachnamhacha agus cleachtais aisiríocha a chur chun feidhme ar fud gach réimse den Bhord Oideachais agus Oiliúna.	Forbairt a bheith déanta ar chlár leibhéal 5 i gcomhar leis an Tionscnamh Forbartha don Óige. Forbairt a bheith déanta ar chlár cleachtais athmhachnamhacha agus aisiríocha a chur i bhfeidhm i measc foirne riaracháin ar fud WWETB tríd an obair a dhéanann na foirne Cáilíochta agus Sláinte agus Folláine.	Forbairt déanta ar chlár leibhéal 5. Forbairt déanta ar chlár cleachtais athmhachnamhacha agus aisiríocha.	Clár a bheith forbartha. Forbairt déanta ar chlár cleachtais athmhachnamhacha agus aisiríocha.

	Gníomh Straitéiseach	**Gníomhartha sa bhliain 2024**	**Príomhtháscairí Feidhmíochta**	**Spriocanna**
1.1.15	Clár breisithe Sábháilteachta, Sláinte agus Leasa a chur chun feidhme, áit a ndéanfar iniúchtaí agus athbhreithnithe, a gcuirfear sceideal oiliúna chun feidhme agus a bhforbrófar foirmeacha teimpléadacha.	Forbrófar clár Sábháilteachta, Sláinte agus Folláine do 2024 faoi stiúr an ghrúpa oibre Sábháilteachta, Sláinte agus Folláine. Beartais agus oiliúint le cur i bhfeidhm.	Clár do 2024 a bheith forbartha agus oiliúint tugtha d'fhoireann BOO mar is cuí. An fhoireann ag glacadh leis an oiliúing Sláinte agus Sábháilteachta.	An clár 2024 i bhfeidhm agus oiliúint ina leith tugtha.
1.1.17	Struchtúr i bhfeidhm chun tacú le bainistíocht chonartha laistigh den fheidhm soláthair.	An córas bainistíochta Conartha a chur i bhfeidhm agus a rolladh amach.	Córas bainistíochta Conartha i bhfeidhm.	Córas bainistíochta Conartha i bhfeidhm faoi ráithe 2 2024.
1.1.18	Cur chuige struchtúrtha a chur chun feidhme i leith beartais a fhorbairt, a chur chun feidhme agus a athbhreithniú.	Úsáidfear an córas um beartais a athbhreithniú agus a fhorbairt. Cur chuige caighdeánach maidir le forbairt polasaí a chur i bhfeidhm.	Athbhreithniú agus forbairt déanta ar bheartais de réir chreat beartas WWETB.	Uasdhátú a bheith déanta ar gach polasaí agus foilsiúchán ar an suíomh gréasáin/inlío atá as dáta.
1.1.19	Caighdeáin Ghaeilge a chur chun feidhme ar fud an Bhoird Oideachais agus Oiliúna trí chláir a fhorbairt agus trí oiliúint a chur i bhfeidhm do bhaill foirne.	Díriú ar chomhlíonadh maidir le Fógraíocht a dhéanamh trí Ghaeilge. Staitisticí a thaifeadadh faoin leibhéal fógraíochta a dhéantar i nGaeilge chun a chinntiú go bhfuil gach aonad ag obair i dtreo comhlíonta iomláin.	A bheith ag comhlíonadh an dlí maidir leis an méid a chaitear ar fhógraíocht trí Ghaeilge.	A bheith ag comhlíonadh an dlí maidir leis an méid a chaitear ar fhógraíocht trí Ghaeilge.
1.1.20	Comhdhlúthú córas airgeadais agus uathoibriú próiseas a bhaint amach chun bainistíocht, buiséadú agus tuairisciú airgeadais a fheabhsú.	Cuirfear críoch leis an Tionscadal Córas Amháin (SAP go SUN). Cobhsaíocht déanta ar an Uirlis Power BI don Tuairisciú Párolla. Meicníocht Tuairiscithe ERR forbartha. Rolladh amach a bheith déanta ar Bainistiú Stoc/Sócmhainní P2P.	Tionscadal comhaontaithe Tionscadal comhaontaithe Tionscadal comhaontaithe Tionscadal comhaontaithe	R1 2024 R1 2024 R1/R2 2024 R1 2024

	Gníomh Straitéiseach	**Gníomhartha sa bhliain 2024**	**Príomhtháscairí Feidhmíochta**	**Spriocanna**
1.1.21	An tsamhail um sholáthar seirbhísí comhroinnte a chur i bhfeidhm agus a chothabháil don phárolla foirne agus foghlaimeoirí i gcomhar leis na foirne um Sheirbhísí Comhroinnte Gnó Oideachais de chuid na Roinne Oideachais.	Polasaí Íocaíchtaí Foghlaimeoirí sa Bhreisoideachas agus Oiliúna 2023 a chur i bhfeidhm. Tonn 1 Párolla Printíseachta vai Córais SUN.	Seirbhís Comhroinnt comhaontaithe	R1 2024
1.1.22	Comhoibriú le Seirbhísí Comhroinnte Gnó Oideachais chun cabhrú le samhail um sheirbhísí comhroinnte a sholáthar amach anseo le haghaidh oibríochtaí airgeadais agus chun pleanáil don tsamhail sin.	Dul i dteagmháil le ESBS Seirbhísí Airgeadais Comhroinnte chun rolladh amachWave a phleanáil don todchaí. Athbhreithniú agus pleanáil a dhéanamh do thionscnamh eatramhacha, e.g. cártaí ceannaigh.	Garspriocanna bainte amach	R2/R3 2024
1.1.23	Cur leis an gcumas atá ag an bhfeidhm tuairiscithe deaise airgeadais, agus leis an úsáid a bhaintear aisti, chun faisnéis airgeadais atá cothrom le dáta a thabhairt don lucht ardbhainistíochta chun cabhrú leis an gcinnteoireacht.	A bheith ag obair le Seirbhísí Comhroinnte chun Deais DEPM a uasdhátú le haghaidh riachtanas tuairiscithe 2024.	Tionscadal comhaontaithe	R2/R3 2024
1.1.24	Buiséadú láraithe a chur chun feidhme don bhreisoideachas agus oiliúint, ar buiséad é a bheidh ailínithe le ceanglais shamhail nua cistiúcháin SOLAS chun acmhainní leordhóthanacha a chur ar fáil do chláir, chun freastal ar na	Sa phróiseas tairiscithe 2024 áireofar buneilimintí an mhúnla maoinithe nua chun a chinntiú go bhfuil WWETB ailínithe leis an múnla maoinithe nua de chuid SOLAS mar aon leis na riachtanais a ghabhann leis. Leithdháilí buiséid a dheimhniú leis an bhfoireann Ceannasaíochta tar éis cruinnithe tosaigh i Samhna 2023. Rolladh amach an mhúnla maoinithe nua a ullmhú.	 Garspriocanna bainte amach Garspriocanna bainte amach	Ar bun R1 2024 R3/4 2024

	Gníomh Straitéiseach	**Gníomhartha sa bhliain 2024**	**Príomhtháscairí Feidhmíochta**	**Spriocanna**
	riachtanais atá ag foghlaimeoirí agus chun tuairisciú buiséadaithe agus bainistíochta níos fearr a sholáthar.			
1.1.25	Cur chuige a fhorbairt i dtaca le maoiniú caipitil leis na ranna airgeadais agus AD chun athbhreithniú a dhéanamh ar riachtanais chomhlíonta (lena n-áirítear tuairisciú ar chomhionannas agus ar éagsúlacht) agus pleanáil lucht oibre a dhéanamh don todchaí.	Úsáid a bhaint as Deais Power BI chun próisis eolais párolla agus AC a dhaingniú.	Garspriocanna bainte amach	R2 2024
1.1.26	Ceanglais reachtúla tuairiscithe pinsean a chur chun feidhme i gcomhar le Seirbhísí Comhroinnte Gnó Oideachais, leis an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte agus le Tascghrúpa Pinsean Bhoird Oideachais agus Oiliúna Éireann.	Teagmháil a dhéanamh le BOOanna eile agus leis an Aonad Airgeadais BOO den Roinn Oideachais chun tuiscint a fháil ar riachtanais tuairiscithe agus pleanáil a dhéanamh chun é a rolladh amach.	Garspriocanna bainte amach	R3/R4 2024
1.1.27	Tacú le scoile agus iad ag cur i bhfeidhm na straitéise 2022 Ag Féachaint ar ár Scoileanna trí phróiseas féinmheastóireachata na scoile.	Am a bheith tugtha i gcruinnithe na bPríomhoidí/Leas-Phríomhoidí chun an clár Ag Féachaint ar ár Scoileanna a phlé. Féinmheastóireacht scoile agus pleanáil DEIS. Cruinnithe an Phobail Chleachtais a úsáid chun an chaoi a bhainfear an straitéis amach a leagan síos.	Athbhreithniú rialta ar dhul chun cinn ag cruinnithe Pobail Chleachtais do Phríomhoidí agus Leas-Phríomhoidí.	Athbhreithniú rialta ar dhul chun cinn.
1.1.28	Éiteas Scoileanna Bhord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman a	Creat na bPátrún a leabú i scoileanna ar bhealach struchtúrtha de réir phlean DEIS/Forbartha na Scoile áitiúla. Cur leis na gníomhaíochtaí agus imeachtaí ó 2023. Curaclam na bPátrún a thabhairt isteach mar is cuí.	Leanfaidh Comhordaitheoir Éitis WWETB le cruinnithe rialta Polabil Chleachtais a	Spriocanna a bhaint amach atá leagtha síos sa phlean SIP/DEIS agus a bhaineann le héiteas

	Gníomh Straitéiseach	**Gníomhartha sa bhliain 2024**	**Príomhtháscairí Feidhmíochta**	**Spriocanna**
	chur chun feidhme ar fud na scoileanna uile.		reáchtáil Tabharfar tuairisc do DoS ar na gníomhaíochtaí go léir.	Beidh Comhordaitheoirí Éitis agus Ionchuimsithe ag freastal ar imeacht foghlama comhroinnte de chuid WWETB.
1.1.29	STEAM/STEM a chur chun cinn ar fud ár scoileanna – féachaint le rannpháirtíocht a mhéadú.	Seachtain na hEolaíochta a chur chin cinn inár Scoileanna go léir. Rannpháirteachas a spreagadh i gcomórtais eolaíochta náisiúnta agus réigiúnacha. Tacaíocht a bheith tugtha ag an bhfoireann Oideachais don chlár Pobail Chleachtais Eolaíochta. Deontas Taighde Eolaíochta do Scoileanna le cur ar fáil sa bhlain 2024. Iris Eolaíochta le haighneachtaí a lorg sa bhliain 2024. (is féidir le foghlaimeoirí i ngach scoil agus ionad aighneacht Leantar le Modúil Bhithéagsúlachta a chur i bhfeidhm (Eolaíocht Saoránach agus Fálta Sceach) i ngach scoil agus in ionaid ábhartha.	Rannpháirteachas i Seachtain na hEolaíochta 2024. Rannpháirteachas sa chomórtas Eolaí Óg agus Scifest. Rannpháirteachas rialta le CoP sna hábhair – eolaíocht, fisic, ceimic, bitheolaíocht agus eolaíocht talmhaíochta. Eolas scaipthe do gach scoil agus aird dírithe air mar aon le meabhrúcháin maidir le spriocdhátaí. Athbhreithniú a dhéanamh ar líon na scoileanna atá ag baint úsáide as na modúil bhithéagsúlachta.	Méadú a bheith tagtha ar an líon iarratas a fuarthas ar Dheontais ó scoileanna ó 5 go 7. Méadú a bheith tagtha ar líon na scoileanna atá ag glacadh páirte sna modúil seo.

	Gníomh Straitéiseach	Gníomhartha sa bhliain 2024	Príomhtháscairí Feidhmíochta	Spriocanna
1.1.32	Clár Oideachais agus Oiliúna Allamuigh an Bhoird Oideachais agus Oiliúna a fhorbairt, ar clár é a bheidh i gcomhréir leis an bhfís don tsaoráid úrscothach nua ag Sliabh Fhothart, Loch Garman.	Dul chun cinn a dhéanamh maidir le gníomhaíochtaí a aistriú go dtí Sliabh Fhothart, i gcomhar le Comhairle Contae Loch Garman.	Méadú ar an oideachas allamuigh agus gníomhaíocht oiliúna ag Sliabh Fhothart le linn 2024 agus plean ann chun uasghrádú fisiciúil a dhéanamh ag Sliabh Fhothart chun freastal ar oideachas agus oiliúint allamuigh.	Méadú ar an oideachas allamuigh agus gníomhaíocht oiliúna ag Sliabh Fhothart le linn 2024 agus plean comhaontaithe ann chun gníomhaíochtaí a aistriú ón ionad i Síol Beagáin go dtí Sliabh Fhothart.
1.1.33	Cláir chosanta – cúnamh a thabhairt don Roinn Oideachais freastal ar na riachtanais a eascróidh as Clár Cosanta Dídeanaithe na hÉireann agus ar an soláthar d'iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta.	Leanfaidh na scoileanna le mic léinn IRPP agus iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta a chur ar an rolla de réir na bpolasaithe iontrála atá acu. Leanfaidh WWETB leis an gcomhordaitheoir REALT a óstáil. Tacú le baill na Scoileanna Tearmann laistigh de scoileanna WWETB.	Rollú i scoileanna WWETB ag teacht leis na riachtanais atá ann. Méadú ar líon na scoileanna ag glacadh páirte sa tionscnamh Scoileanna Tearmann le linn 2024.	Méadú ar líon na scoile atá ag glacadh páirte sa chlár Scoileanna Tearmann
1.1.34	Straitéis cúig bliana a fhorbairt agus a chur chun feidhme do Ghiniúint Ceoil Loch Garman, ar aon dul le cuspóirí na straitéise náisiúnta um Ghiniúint Ceoil agus comhpháirtíocht um Oideachas Ceoil a thabhairt isteach chun tacú leis an glcár.	Deireadh a chur le comhairliúchán maidir le straitéis 5 bliana a fhorbairt do Ghiniúint Ceoil Loch Garman agus dréachtstraitéis a fhorbairt. Téarmaí Tagartha a fhorbairt don Chomhpháirtíocht d'Oideachas Ceoil Áitiúil agus tús a chur le cruinnithe.	Deireadh curtha le comhairliúchán straitéis dréachtaithe. Téarmaí Tagartha comhaontaithe agus Comhpháirtíocht i bhfeidhm d'Oideachas Ceoil Áitiúil.	Deireadh curtha le comhairliúchán straitéis dréachtaithe. Téarmaí Tagartha dréachtaithe agus Comhpháirtíocht i bhfeidhm d'Oideachas Ceoil Áitiúil.
1.1.35	Straitéis cúig bliana a fhorbairt agus a chur chun feidhme do Ghiniúint Ceoil Phort Láirge, ar aon dul le	Deireadh a chur le comhairliúchán chun straitéis 5 bliana a fhorbairt do Ghiniúint Ceoil Port Láirge agus dréachtstraitéis a fhorbairt. Téarmaí Tagartha a fhorbairt don Chomhpháirtíocht	Deireadh curtha le comhairliúchán straitéis dréachtaithe. Téarmaí Tagartha comhaontaithe agus	Deireadh curtha le comhairliúchán straitéis dréachtaithe. Téarmaí Tagartha

	Gníomh Straitéiseach	Gníomhartha sa bhliain 2024	Príomhtháscairí Feidhmíochta	Spriocanna
	cuspóirí na straitéise náisiúnta um Ghiniúint Ceoil agus comhpháirtíocht um Oideachas Ceoil a thabhairt isteach chun tacú leis an glcár.	d'Oideachas Ceoil Áitiúil agus tús a chur le cruinnithe.	Comhpháirtíocht i bhfeidhm d'Oideachas Ceoil Áitiúil.	comhaontaithe agus Comhpháirtíocht i bhfeidhm d'Oideachas Ceoil.
1.1.36	Trí chomórtais agus trí thaispeántais, deiseanna a fhorbairt do mhic léinn/foghlaimeoirí an Bhoird Oideachais agus Oiliúna chun cur leis an gcoincheap a bhaineann le pobal comhleanúnach a bheith ann laistigh den Bhord Oideachais agus Oiliúna.	Ceolchoirm In-Harmony pleanáilte don Áras Náisiúnta Ceoldrámaíochta.– Feabhra 2024. Gach scoil le páirt a ghlacadh ann. Comórtas Cluiche Corr le heagrú do scoileanna WWETB. Comórtas Luthchleasaíochta le heagrú do scoileanna WWETB. Beidh leanaí agus daoine óga ó Ghiniúint Ceoil Loch Garman ag glacadh páirte i gceolchoirm agus léirithe éagsúla le linn 2024, lena n-áirítear imeacht chuimhneacháin 10 mbliana de chuid Ghiniúint Cheoil Náisiúnta. Beidh leanaí agus daoine óga ó Ghiniúint Ceoil Phort Láirge ag glacadh páirte i gceolchoirm agus léirithe éagsúla le linn 2024, i bPort Láirge agus níos faide anonn.	Ceolchoirm le bheith seachadta san Áras Náisiúnta Ceoldrámaíochta. Comórtas eagraithe agus seachadta. Comórtas eagraithe agus seachadta. Léirithe sceidealta agus agus tugtha le linn 2024. Léirithe sceidealta agus agus tugtha le linn 2024.	Ceolchoirm le bheith tugtha san Áras Náisiúnta Ceoldrámaíochta. Comórtas eagraithe agus seachadta. Comórtas eagraithe agus seachadta. Léirithe sceidealta agus agus tugtha le linn 2024. Léirithe sceidealta agus agus tugtha le linn 2024.

1.2 Tosaíocht Straitéiseach: Cáilíocht sa Teagasc agus san Fhoghlaim

	Gníomh Straitéiseach	Gníomhartha 2024	Príomhtháscairí Feidhmíochta	Spriocanna
1.2.1	Cur chuige cuimsitheach i leith an oideachais agus na hoiliúna a leabú agus straitéisí a fhorbairt chun bacainní ar rannpháirtíocht a laghdú.	A bheith ag obair leis an bhfoireann Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsitheachta, a bunaíodh in 2023, chun cur chuige níos ionchuimsithí a chinntiú maidir le hoideachas agus oiliúint, agus straitéisí a fhorbairt chun bacainní ar rannpháirtíocht a laghdú.	Clár oibre 2024 forbartha ag an bhfoireann Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsitheachta, chun spriocanna do	Clár oibre comhaontaithe agus a bheith curtha i bhfeidhm.

	Gníomh Straitéiseach	Gníomhartha 2024	Príomhtháscairí Feidhmíochta	Spriocanna
		Comhordaitheoirí Pobail Chleachtais Sainriachtanais Speisialta – teimpléid chomhroinnte le forbairt le haghaidh Pleananna Tacaíochta Mic Léinn. Leanfar le hionchur a fháil on bhFoireann Foghlama Digiteach maidir le huirlisí inrochtaineachta i MS Suite. Tuilleadh forbairt ghairmiúil leanúnach/oiliúint ar scagthástáil agus ar thástáil diagnóiseach. Cuirfear Céim 2 de thionscnamh Bhoird Oideachais agus Oiliúna Éireann um Léarscáiliú Soláthair i bhfeidhm sna scoileanna atá fágtha. Leanfar leis an Treoirghrúpa Cóitseálaithe Cuimsithe a fhorbairt. Leanfar le comhoibriú leis an bhFoireann Foghlama Digití chun uirlisí inrochtaineachta a leabú laistigh dár bPobail Chleachtais, Leanfar leis an bPobal Cleachtais do mhúinteoirí Béarla mar Theanga Bhreise a fhorbairt agus a fhás.	2024 a leagan amach. Leanfar le Leanfar le gníomhaíochtaí CoP ar nós cumarsáid idir phiaraí/scáthfhoghlaim le haghaidh scagtha/tástáil dhiagnósiseach. Cruinnithe a bhunú le haghaidh Ceannasaithe Ionchuimsithe CoP. Athbhreithniú a dhéanamh ar shuirbhé riachtanas do Scoileanna Píolótacha agus freagairt air sin. Sliotáin tacaíochta á dtairiscint don Fhoghlaim Dhigiteach de réir mar is gá.	Gníomhaíochtaí an Phobail Chleachtais ar bun go leanúnach.. Múinteoirí a chur i mbeirteanna bunaithe ar riachtanais/taithí. Forbairt ghairmiúil leanúnachfaoi leith a lorg nuair is gá. Céim bailithe sonraí do 10 scoil.. Ceardlann foirne a bheith tugtha ag na Ceannasaithe Ionchuimsithe sna 10 scoil. Cur leis an méid tacaíochta a chuirtear ar fáil.
1.2.3	Struchtúr a fhorbairt chun tacú leis an anailís ar ghnóthachtáil acadúil ar fud scoileanna an Bhoird Oideachais agus Oiliúna.	Grúp oibre cáilíochta le struchtúr a fhorbairt chun taú le hanailís a dhéanamh ar ghnóthachtáil acadúil ar fud na scoileanna, arna tacú ag Oifigeach Forbartha agus Tacaíochta na Scoileanna.	Struchtúr forbartha do scoileanna chun tacú le hanailís a dhéanamh ar ghnóachtáil acadúil.	Struchtúr forbartha do scoileanna chun tacú le hanailís a dhéanamh ar ghnóachtáil acadúil.

	Gníomh Straitéiseach	Gníomhartha 2024	Príomhtháscairí Feidhmíochta	Spriocanna
1.2.5	Modhanna teagaisc, foghlama agus measúnaithe atá nua-aimseartha agus forásach a leabú, lena náirítear modheolaíochtaí agus teicneolaíochtaí foghlama cumaisc.	Leanfar leis an gClár do Phríomhchleachtóirí Phrionsabail Magenta a sholáthar i scoileanna. Déanfar athbhreithniú ar thorthaí i scoileanna ina n-úsáidtear na prionsabail. Forbairt ghairmiúil leanúnach d'fhoirne Teagasc & Foghlama i ngach scoil. Tuilleadh forbartha/leanúint leis an gclár thar 14 Pobal Cleachtais trascholáiste. Pobail Chleachtais, ábhair faoi leith agus comhordaitheoirí clár. Leanfar le comhoibriú leis an bhfoireann Foghlama Digití laistigh degníomhaíochtaí gach Pobal Cleachtais.	Freastal ar/páirt a ghlacadh in imeachtaí ar an láthair agus ar Méadú ar fheiceálacht agus ar ghníomhú na bPríomhchleachtóirí Magenta i scoileanna. Méadú ar méid na n-acmhainní/smaointe a uaslódáiltear/roinntear san fhoireann Príomhchleachtóirí ar líne mar aon le foirne scoile aonair.	1 Cruinniú de na Pobail Chleachtais maidir leis na Prionsabail Magenta in 2024. Anailís físeáin ar mhúinteoireacht i ngach scoil (Príomhchleachtóirí) 'Féilire faoi Ghniomhaiochtaí Magenta' a fhorbairt agus agus a rolladh amach do scoileanna le cuairteanna scoile ón gComhordaitheoir Oideachais.
1.2.6	Méadú a dhéanamh ar rannpháirtíocht na mban i gcláir cúrsaí oiliúna agus cláir phrintíseachta an Bhoird Oideachais agus Oiliúna.	Leanfar le Sparánacht a chur chin cinn agus tacú léi chun tuilleadh ban a mhealladh le páirt a ghlacadh i printíseachtaí. Deireanna a sholáthar, i gcomhar le scoileanna, chun cláir phrintíseachta agus oiliúna (e.g. trí Treoirchomhairleoirí , Pobail Chleachtais SEN agus grúpaí sainiúil don ábhar).	Ionadaíocht a dhéanamh d'fhoirne BOO ag cruinnithe de chuid na bPobal Chleachtais (e.g. Treoirchomhairleoirí nó SECNO) chun an sparánacht a chur chun cinn.	Sparánacht i bhfeidhm chun mná a mhealladh le páirt a ghlacadh sna cláir printíseachta.
1.2.7	Beartais chuí agus nósanna imeachta cuí a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun tacú le hionracas acadúil ar fud na gclár uile.	Athbhreithniú gearthéarmach ar an staid reatha, tríd an nGrúpa Straitéise Cáilíochta.	Athbhreithniú déanta ag an nGrúpa Straitéise Cáilíochta..	Athbhreithniú déanta
1.2.8	Struchtúr láidir a fhorbairt le haghaidh dul i dteagmháil le fostóirí i ndáil le taithí oibre agus socrúcháin oibre, lena n-áirítear athbhreithnithe	Athbhreithniú a dhéanamh ar bheartais agus ar nósanna imeachta reatha. Beartais don taithí oibre a uasdhátú agus iad a chur i bhfeidhm chun comhsheasmhacht a chruthú ar fud ár scoileanna.	Athbhreithniú a bheartais agus ar nósanna imeachta reatha curtha i gcrích. Beartais agus nósanna	Polasaí comhsheasmhach i bhfeidhm ar fud WWETB.

	Gníomh Straitéiseach	Gníomhartha 2024	Príomhtháscairí Feidhmíochta	Spriocanna
	comhsheasmhacha ar shocrúcháin oibre/taithí oibre. A chinntiú go gcuirfear an beartas um thaithí oibre chun feidhme go comhsheasmhach ar fud gach Coláiste agus Ionaid.		imeachta don taithí oibre forbartha agus iad curtha i bhfeidhm ar fud na heagraíochta.	
1.2.9	Athbhreithniú a dhéanamh ar chur chun feidhme an Chiste Breisoideachais agus Oiliúna do mhic léinn/foghlaimeoirí faoi mhíchumas, chun a chinntiú go mbíonn cuspóirí an Chiste á mbaint amach.	Ionadaíocht a dhéanamh do scoileanna ar an bhfoireann inmheánach ESD de chuid WWETB. Tacú le hobair an Oifigigh Rochtana agus Míchumais chun an ciste seo a chur i bhfeidhm trí iad chur san áireamh i gcruinnithe an Phobail Chleachtais SENCO agus Treoirchomhairleoirí, nuair is gá.	I láthair ag cruinnithe sceidealta. Cuireadh tugtha don Oifigeach Rochtana agus Míchumais freastail ar chruinnithe.	2 cruinniú in aghaidh na bliana. 2 cruinniú in aghaidh na bliana.
1.2.10	Treoirchlár a fhorbairt agus a chur chun feidhme le haghaidh soláthar malartach do dhaoine idir 12 bhliain d'aois agus 14 bliana d'aois a d'fhág an t-oideachas príomhshrutha. An treoirchlár a athbhreithniú agus féachaint le soláthar a chur ar fáil chun freastal ar na riachtanais atá ann ar fud Phort Láirge agus Loch Garman.	Leanúint lenár n-iarrachtaí cistí a fháil chun a bheith ábalta tús a chur leis an gclár píolótach. Scrúdú a dhéanamh ar 'iScoil' – seirbhís ar líne, neamhbhrabúis a chuirean conair foghlama,creidiúnaithe agus dul ar aghaidh ar fáil do dhaoine óga (13 – 16). Cruinnithe a eagrú le baill foirne i mBOOanna eile ina bhfuil an tseirbhís seo ar fáil. Plé a shocrú le hOifigigh Leasa Oideachais Áitiúil chun tuilleadh a fhoghlaim faoi chonair atreoiraithe. pathways.	Taighde déanta ar roghanna soláthair. Cruinnithe tarlaithe le BOOanna eile chun eolas a bhailiú. .	Roghanna a dhoiciméadú maidir le bealach eile chun oideachas a sholáthar.

1.3 Tosaíocht Straitéiseach: Earcaíocht agus Ionduchtú

	Gníomh Straitéiseach	Gníomhartha 2024	Príomhtháscairí Feidhmíochta	Spriocanna
1.3.1	Gach próiseas agus doiciméad earcaíochta a chaighdeánú ar aon dul leis an dea-chleachtas san earnáil phoiblí.	Pacáistí agallaimh a aistriú ó pháipéar go bhformáid leictreonach.	Córas leictreonach i bhfeidhm.	Pacáistí agallaimh a aistriú ó pháipéar go bhformáid leictreonach.faoi R 4 2024.

	Gníomh Straitéiseach	Gníomhartha 2024	Príomhtháscairí Feidhmíochta	Spriocanna
		Doiciméadú earcaíochta ar fáil le bheith ar fáil i nGaeilge.	Doiciméid ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla.	R 2 2024.
1.3.6	Déanfar forbairt ar chlár nua ionduchtúcháin do bhaill foirne nua ar fud WWETB.	Clár ionduchtúcháin a dhearadh agus a fhorbairt do gach catagóir den fhoireann. Ionduchtúcháin a chur i bhfeidhm do gach ball foirne nua.	Clár ionduchtúcháin i bhfeidhm d’fhostaithe nua.	Clár ionduchtúcháin i bhfeidhm d’fhostaithe nua.
1.3.7	Clár Iondúchtúcháin a fhorbairt ar fud WWETB, lena n-áirítear tacaíocht dírithe ar fhostaithe nua agus córas meantóireachta a fhorbairt.	Próiseas agus clár ionduchtúcháin/tosaithe a dhearadh agus chur i bhfeidhm chun eolas a roinnt agus a bhailiú ó thosaitheoirí nua ag amanna cuí. Próiseas ionduchtúcháin áitiúil a fhorbairt Córas meantóireachta a fhorbairt. Córas meantóireachta a chur i bhfeidhm.	Próseas ionduchtúcháin ar bun do thosaitheoirí nua/córas meantóireachta curtha chun feidhme ag leibhéal áitiúil. Oiliúint curtha i gcrích.	Clár ionduchtúcháin curtha chun feidhme– R 4 2024.
1.3.8	Cairt Chomhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsitheachta a chur i bhfeidhm chun tacú le lucht saothair éagsúil. mplement a WWETB	Cairt Chomhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsitheachta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm ar fud na heagraíochta.	Cairt i bhfeidhm.	Cairt i bhfeidhm.

1.4 Tosaíocht Straitéiseach: Foghlaim agus Forbairt Ghairmiúil/Forbairt Ghairmiúil Leanúnach

	Gníomh Straitéiseach	Gníomhartha sa bhliain 2024	Príomhtháscairí Feidhmíochta	Spriocanna
1.4.2	An tsamhail um Pobail Chleachtais atá ar bun ar fud na heagraíochta a fhorbairt tuilleadh chun feabhas a chur ar chleachtas	Leanfar leis an gClár do Phríomhchleachtóirí Phrionsabail Magenta a sholáthar i scoileanna.	Freastal ar/páirt a ghlacadh in imeachtaí ar an láthair agus ar Méadú ar fheiceálacht agus ar ghníomhú na bPríomhchleachtóirí Magenta i scoileanna.	Cruinniú chun na Prionsabail Magenta a phlé. Anailís físeáin ar

	Gníomh Straitéiseach	**Gníomhartha sa bhliain 2024**	**Príomhtháscairí Feidhmíochta**	**Spriocanna**
	comhoibríoch, lena n-áirítear chun líonraí tacúla a bhunú ar fud seirbhísí teagaisc agus riaracháin.	Leanfar le foirne Teagaisc agus Foghlama a fhorbairt agus a fhás i ngach scoil. Tuilleadh forbartha/leanúint leis an gclár thar 14 Pobal Cleachtais trascholáiste le Pobail Chleachtais, ábhair faoi leith agus comhordaitheoirí clár. Leanfar le comhoibriú leis an bhfoireann Foghlama Digití laistigh degníomhaíochtaí gach Pobal Cleachtais.	Méadú ar méid na n-acmhainní/smaointe a uaslódáiltear/roinntear san fhoireann Príomhchleachtóirí ar líne mar aon le foirne scoile aonair. Freastal a ragus páirt a ghlacadh ag imeachtaí ar an láthair agus ar line ar MS teams. Freastalóidh baill foirne ábhartha ar chruinnithe	mhúinteoireacht i ngach scoil (Príomhchleachtóirí) 'Féilire faoi Ghniomhaiochtaí Magenta' a fhorbairt agus agus a rolladh amach do scoileanna le cuairteanna scoile ón gComhordaitheoir Oideachais.
1.4.3	Oiliúint rialachais a sholáthar do Choistí, do Bhord an Bhoird Oideachais agus Oiliúna, do Bhainisteoirí agus do bhaill foirne a dhéanann ionadaíocht don Bhord Oideachais agus Oiliúna ar Bhoird/Coistí rialachais agus formhaoirseachta.	Tabharfaidh comhaltaí Boird agus comhaltaí Coiste faoi oiliúint rialachais tar éis Bord nua a bheith tofa.	Tuiscint níos fearr ag baill den Bhord agus d'fhochoistí WWETB ar ról agus ar fheidhm Bhord Bainistíochta scoile laistigh de BOO.	Oiliúint rialachais a bheith curtha iin 2024.
1.4.4	Leanfar leis an gcomhoibriú gíomhach le grúpaí oibre agus pobail chleachtais ó BOOÉ chun eolas a roinnt agus don fhorbairt ghairmiúil.	Leanfar le hionadaíocht a dhéanamh do scoileanna ar an Tascghrúpa Comhordaitheoirí chun Soláthar a Mhapáil de chuid BOOÉ. Beidh an Stiúrthóir Scoileanna ag glacadh páirte/ina c(h)omhchathaoirleach ar fhóraim ábhartha agus ar ghrúpaí oibre.	Freastal ar gach cruinniú.	Aiseolas tugtha don Stiúrthóir Scoileanna agus do cheannairí scoile.

	Gníomh Straitéiseach	**Gníomhartha sa bhliain 2024**	**Príomhtháscairí Feidhmíochta**	**Spriocanna**
1.4.5	Cur leis an gcaidreamh a forbraíodh le hOllscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt chun tacú le forbairt ghairmiúil agus chun bogadh i dtreo oideachas treasach aontaithe a bhaint amach.	Caidreamh ghníomhach le hOllscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt agus leis an Oifig Náisiúnta Treasaigh chun forbairt Cláir Céime Treasach a chíoradh. Comhoibriú le hOllscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt chun an clár Nasc tríd an bhFoghlaim/ Siompóisiam Nasc tríd an bhFoghlaim 2024 a éascú. Leanúint leis an gcomhpháirtíocht don chlár abhcóideachta Mo Ghuth, Mo Rogha do dhaoine faoi mhíchumas intleachtúil, á reáchtáil i gcomhar le hOllscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt. Tacú leis an imeacht Toys4Engineers, arna eagrú ag Comhlachas Tráchtála Phort Láirge, á reáchtáil i gcomhar le páirtithe leasmhara réigiúnacha, Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt agus WWETB san áireamh.	Cláir threasacha seolta do Mheán Fómhair 2024 ar bhonn píolótach. Piot tertiary WWETB páirteach i siompóisiam. Clár ag feidhmiú go rathúil in éineacht le hOTOD. Páirt glactha ag WWETB in imeacht rathúil.	Cláir threasacha ar bun. Siompoisiam curtha i gcrích go rathúil. Clár seachadta. Imeacht seolta go rathúil.
1.4.6	Meicníochtaí aiseolais tras-eagraíochta agus comhairliúchán struchtúrtha a fhorbairt, lena n-áirítear deiseanna chun caidreamh a chothú le guth an mhic léinn/foghlaimeora fásta.	Tacú leis an obair a dhéanann an Chomhairle Foghlama BOO.	Comhairle Foghlama breisoideachais agus oiliúna ag feidhmiú go heifeachtach.	Comhairle Foghlama breisoideachais agus oiliúna ag feidhmiú go heifeachtach.
1.4.7	Clár Ceannaireachta Scoileanna a chur chun feidhme ar fud gach Scoil agus Coláiste.	Déanfar tuilleadh infheistíochta sa chlár seo in 2024 do Cheannairí scoile nuair a chuirtear an clár i bhfeidhm go rathúil.	Freastalóidh gach ceannaire lárnach ar cheardlann.	Clár Ceannaireachta Scoile 2024 – lá amháin do cheannairí sinsearacha, lá amháin do Leas-Phríomhoidí I agus Leas-Phríomhoidí II.

Sprioc Straitéiseach 2
Scoileanna agus Coláistí Breisoideachais agus Oiliúna na Todhchaí

Faoi 2030, beidh saoráidí úrscothacha ag WWETB don fhoireann agus do mhic léinn. D'oigrigh WWETB go dlúth leis an Roinn Oideachais, le SOLAS agus leis an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta chun a chinntiú go bhfuil infheistíocht shuntasach agus chuí á déanamh inár mbonneagar fisiciúil. Tá saoráidí againn anois ar fud Phort Láirge agus Loch Garman as a bhfuil ag an bhfoireann agus a spreagann ár mic léinn/foghlaimeoirí fásta chun foghlama. Laistigh de chontaetha Phort Láirge agus Loch Garman, tá an soláthair breisoideachais agus oiliúna tugtha le chéile againn nuair a luíonn sé sin le réasún. Tá spásanna teagais agus foghlama solúbtha againnn, agus is moill thábhachtacha anois iad ár gColáistí agus ár nIonaid. Inár straitéis, táimid tar éis féachaint thar an mbonneagar fisiciúil agus is eol dúinn gur moill agus áiteanna cruinnithe tábhachtach iad do mhic léinn/foghlaimeoirí fásta a chruthaíonn cairdeas agus naisc trí idirchaidrimh shóisialta agus chultúrtha. Tá saoráidí forbartha againn ar aon dul leis an gclár glas ginearálta agus táimid ar thús caidhníochta maidir leis seo.
Cén fáth? Tá sé mar aidhm againn timpeallachtaí foghlama optamacha a chruthú mar aon le conair shulúbtha trínár gcláir agus níos faide anon. Is maith is eol dúinn go gcuireann an cháilíocht feabhas ar an bhfoghlaim.

2.1 Tosaíocht Straitéiseach: Saoráidí

	Gníomh Straitéiseach	**Gníomhartha don bhliain 2024**	**Príomhtháscairí Feidhmíochta**	**Spriocanna**
2.1.1	Scoileanna agus ionaid atá beartaithe a sholáthar trí chaidreamh réamhghníomhach leis an Roinn Oideachais, le SOLAS agus leis an Roinn Breisoideachais, Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta maidir le tionscadail bhonneagair cheadaithe. Áirítear na nithe seo leis na tionscadail tosaíochta sa Bhreisoideachas agus Oiliúint: Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna na Todhchaí i mBaile Loch Garman (an Muileann Bán), Ionad	Cuirfear na tionscadail foirgnimh ar aghaidh, trí theagmháil réamhghníomhach leis an RoinnOideachais, le SOLAS agus leis an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochtamaidir le tionscadail bonneagair ceadaithe. Ionad Déantúsaíochta i Lios Mór le hoscailt agus tús a chur le cúrsaí in 2024. Tacaíocht a sholáthar do Bhliain a hAon de Choláiste Breisoideachais agus Oiliúna Loch Garman a d'oscail i Meán Fómhair 2023.	Mionsonraí le fáil sna pleananna tionscadail aonair. Ionad Déantúsaíochta i Lios Mór ar oscailt. Cúrsaí á soláthar in 2024. Forbairt déanta ar chultúr comhoibrithe agus soláthar ardchaighdeáin.	Mionsonraí le fáil sna pleananna tionscadail aonair. Cláir ar fáil san Ionad Déantúsaíochta i Lios Mór. Féachtar ar WxCFET mar sholáthróir is fearr d'foghlaimeoirí ionchasacha atá ag lorg deiseanna oideachais agus oiliúina.

	Gníomh Straitéiseach	**Gníomhartha don bhliain 2024**	**Príomhtháscairí Feidhmíochta**	**Spriocanna**
	Oiliúna Phort Láirge (tionscadal Techniform), Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna na Todhchaí i gCathair Phort Láirge/saoráid Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt i Sráid an Choláiste, Ionad na Comhghuaillíochta um Fhoirgnimh Ardfheidhmíochta/an Foirgneamh Nach Mór Neodrach ó Thaobh Fuinnimh in Inis Córthaidh, an tIonad Breisoideachais agus Oiliúna i dTrá Mhór agus Ionad na Saotharlainne Déantúsaíochta i Lios Mór, Port Láirge.	Deireadh a chur leis an síneadh ar Ionad Oiliúna Phort Láirge i R1 2024. Deireadh a chur leis na hoibreacha ar Ionad Oiliúna agus Breisoideachais i dTrá Mhór. Deireadh a chur leis an síneadh ar Ionad Oiliúna Phort Láirge. Comhpháirtíochtaí a láidriú le Comhghuallaíocht um Fhoirgnimh Ardfheidhmíochta in Inis Córthaidh. Deiseanna a chíoradh chun cur leis an soláthar maidir le NZEB in Inis Córthaidh. Áitribh nua a shainaithint chun cuidiú leis an síneadh seo.	Mionsonraí le fáil sna pleananna tionscadail aonair. PT le fáil sna pleananna tionscadail aonair. PT le fáil sna pleananna tionscadail aonair. Múnla comhpháirtíochta láidir leis an Comhghuallaíocht um Fhoirgnimh Ardfheidhmíochta. Áitribh nua sainaitheanta agus cead tugtha síneadh a chur orthu.	Mionsonraí le fáil sna pleananna tionscadail aonair. Mionsonraí le fáil sna pleananna tionscadail aonair. Mionsonraí le fáil sna pleananna tionscadail aonair. Comhpháirtíocht láidir i bhfeidhm. Plean i bhfeidhm chun bogadh go dtí áitreabh nua le haghaidh clár NZEB agus cláir ábhartah eile.
2.1.2	Áirítear na nithe seo leis na tionscadail tosaíochta i scoileanna: Scoil nua 1,000 dalta do Choláiste Pobail Naomh Déaglán, Coill Mhic Thomáisín, Co. Phort Láirge; Síneadh mór agus athchumraíocht mhór Choláiste Pobail Naomh Pól, Cathair Phort Láirge, chun freastal ar 1,000 dalta; Síntí le Coláiste Dhún Garbhán agus le Meánscoil San Nioclás, an	Scoil Speisialta le hoscailt in Guaire. Tús áite a thabhairt do dhul chun cinn a dhéanamh ar scoil nua do 1,000 dalta , Pobalcholáiste Naomh Deaglán agus Naomh Pól chn freastal ar acmhainn. Forbairtí bonneagair a chur chun cinn, mar thosaíocht, ag Coláiste Bhun Clóidí, Coláiste Bhaile an Droichid, Coláiste Uí Chinnéide, Coláiste Abbain, Coláiste an Átha, Meánscoil San Nioclás agus Coláiste Dhún Garbhán. Scoile nua 1,000 dalta a chur chun cinn, mar thosaíocht, i mBaile Sheilsceire.	De réir sceideal a comhaontaíodh leis an Roinn Oideachais.	De réir sceideal a comhaontaíodh leis an Roinn Oideachais.

	Gníomh Straitéiseach	Gníomhartha don bhliain 2024	Príomhtháscairí Feidhmíochta	Spriocanna
	Rinn, Port Láirge; Campas Oideachais Bhaile Loch Garman, lena n-áirítear scoil athsholáthair 1,000 dalta do Choláiste Sheilsceire; Síntí móra le hiar-bhunscoileanna chun freastal ar rollú méadaithe i gColáiste Bhaile an Droichid, i nGairmcholáiste Bhun Clóidí agus i gColáiste an Átha, Cill Mhucraise, Loch Garman; Síneadh le Pobalscoil Náisiúnta Chill na Manach chun freastal ar rolluithe méadaithe			
2.1.4	An fhoireann foirgneamh laistigh den Bhord Oideachais agus Oiliúna a bhreisiú chun róil ghairmiúla amhail Suirbhéir Cainníochta cáilithe agus ailtire cáilithe a chur ar áireamh chun tacú leis an lucht bainistíochta leis an bpunann clár foirgneamh ar fud Ionaid Bhreisoideachais agus Oiliúna agus Scoileanna.	Leagfar síos róil agus freagrachtaí na Foirne Foirgneamh, de réir mar a chuirtear acmhainní nua ar fáil chun tacú le cúrsaí gnó na heagraíochta.	Soiléirtheacht maidir le róil agus freagrachtaí na Foirne Foirgneamh. Struchtúr foirne maith i bhfeidhm chun tacú le clár mórthionscadal bonneagair.	Struchtúr foirne cuí i bhfeidhm chun tacú le clár mórthionscadal bonneagair.
2.1.5	Treoirchlár a fhorbairt – pleanáil straitéiseach fhadtéarmach, lena n-áirítear athbhreithniú ar dheiseanna ceannaigh, tógála nó cíos/léas. Déanfar athbhreithniú ar shuíomh gach coláiste agus ionad, agus ar na	Cuirfear deireadh le tairiscint chun Straitéis Eastáit 25 bliain a fhorbairt do WWETB.	Críoch curtha le tairiscint agus conradh bronnta le haghaidh seirbhísí chun an Straitéis Eastáit a sheachadadh.	Conradh bronnta le haghaidh seirbhísí chun an Straitéis Eastáit a sheachadadh do WWETB.

	Gníomh Straitéiseach	Gníomhartha don bhliain 2024	Príomhtháscairí Feidhmíochta	Spriocanna
	modhanna iompair a úsaidtear chun teacht orthu.			
2.1.6	Tacú le líonra airíoch agus Cúntóirí Ginearálta a fhorbairt chun tuilleadh comhoibrithe ar fud na láithreán a éascú.	Pobal cleachtais a fhorbairt do chúramóirí ar fud na suíomhanna. Oiliúint agus deiseanna a sholáthar chun eolas a roinnt.	Pobal Cleachtais i bhfeidhm.	Pobal Cleachtais i bhfeidhm agus cruinnithe tionólta.
2.1.9	Coláistí agus ionaid a iniúchadh ó thaobh rochtain do dhaoine faoi mhíchumas de agus plean a fhorbairt le haghaidh oibreacha feabhais, lena n-áirítear cistiú a lorg le haghaidh aon uasghráduithe a theastaíonn	Oibreoidh baill den fhoireann Foirgneamh le Bainisteoirí agus Comhordaitheoirí Ionad chun áiteanna a shainaithint le haghaidh oibreacha leasúcháin.	Liosta tionscadal tosaíochta curtha i gcrích mar aon le costáil orthu.	Liosta tionscadal tosaíochta curtha i gcrích mar aon le costáil orthu.
2.1.14	Roghanna a chíoradh maidir le cóiríocht ghearrtéarmach do phrintísigh.	Déanfar athbhreithniú ar na roghanna atá ag an nGrúpa Oibre Straitéise.	Athbhreithniú curtha i gcrích. Agus anailís déanta ar thorthaí.	Athbhreithniú curtha i gcrích. .
2.1.19	Obair i ndlúthchomhar le Comhairle Contae Loch Garman ar Ionad úrscothach Oideachais agusOiliúna Allamuigh a fhorbairt ag Sliabh Fhothart agus ar an gclár gaolmhar gníomhaíochtaí sa láthair nua a fhorbairt.	Cuirfear chun cinn athlonnú na ngníomhaíochtaí go dtí Sliabh Fhothart i gcomhar le Comhairle Contae Loch Garman.	Cláir allamuigh níos leithne a bheith i mbun feidhme ag Sliabh Fhothart le linn 2024 agus plean i bhfeidhm don uasghrádú fisiciúil ag Sliabh Fhothart chun freastal ar an oideachas oideachas agus oiliúna allamuigh.	Cláir allamuigh níos leithne a bheith i mbun feidhme ag Sliabh Fhothart le linn 2024 agus plean comhaontaithe chun gníomhaíochtaí a athlonnú ó Shliabh Fhothart go dtí Ionad Shíol Beagáin.

	Gníomh Straitéiseach	Gníomhartha don bhliain 2024	Príomhtháscairí Feidhmíochta	Spriocanna
2.1.22	Dul go gníomhach sa tóir ar dheiseanna chun dul i dteagmháil leis an bpobal chun an Bord Oideachais agus Oiliúna a chur chun cinn mar phátrún ar Phobalscoileanna Náisiúnta ar fud an réigiúin.	Féachaint an bhféadfaí seimineár gréasáin eolais faoi Pobalscoileanna Náisiúnta a dhéanamh. Oibreofar le BOOÉ agus leis an Roinn Oideachais maidir le amú agus teachtaireachtaí.	Dul i dteagmháil leis an RO agus BOOÉ ar an bpróiseas chun bunscoileanna a athchumrú. Eolas dréachtaithe chun cur síos a dhéanamh ar an múnla Pobalscoil Náisiúnta.	Eolas soiléir dréachtaithe.

2.2 Tosaíocht Straitéiseach: An Clár Oibre Glas

	Gníomh Straitéiseach	Gníomhartha sa bhliain 2024	Príomhtháscairí Feidhmíochta	Spriocanna
2.2.1	Coiste Campais Ghlais a bhunú ar fud na heagraíochta, rud lena n-áireofar mic léinn/foghlaimeoirí agus daoine den phobal, agus é nasctha le struchtúir atá ann cheana i gColáistí agus in Ionaid.	Bunaíodh grúpa stiúrtha um Gníomhú ar son na hAeráide agus Inbhuanaitheacht sa bhliain 2023 agus rachaidh sé i mbun oibre ar fud na heagraíochta in 2024.	6 chruinniú den ghrúpa stiúrtha in 2024. 6 ghrúpa oibre ag soláthar eolais don ghrúpa stiúrtha.	Cruinnithe tionólta agus gníomhartha roinnte agus curtha chun cinn.
2.2.2	Páirt a ghlacadh i dtionscadail fionnachtana Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (ÚFIÉ) chun réitigh inbhuanaithe a sholáthar agus chun feidhmíocht fuinnimh a fheabhsú, lena n-áirítear grianphainéil a shuiteáil ar dhíon aon fhoirgneamh atá faoi úinéireacht an Bhoird Oideachais agus Oiliúna agus ar dhíon aon fhoirgneamh a bhfuil léasanna fada orthu, mar	Glacfar páirt iomlán sna cláir Fionnachtana i gColáiste OIliúna Phort Láirge agus i gColáiste Uí Chinnéide le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (ÚFIÉ) agus leis an Roinn Oideachais don chlár fionnachtana Bithmhaise.	Oibreacha déanta faoin gclár Fionnachtana.	Oibreacha déanta faoin gclár Fionnachtana.

	Gníomh Straitéiseach	Gníomhartha sa bhliain 2024	Príomhtháscairí Feidhmíochta	Spriocanna
	aon le teaschaidéil a shuiteáil.			

2.3 Tosaíocht Straitéiseach: An Clár Cothabhála

	Gníomh Straitéiseach	Gníomhartha sa bhliain 2024	Príomhtháscairí Feidhmíochta	Spriocanna
2.3.1	Córas láraithe bainistíochta saoráidí agus struchtúr straitéiseach clár cothabhála a fhorbairt chun freastal ar gach coláiste agus ar gach ionad, agus iad a bheith faoi bhainistiú ag an bhfoireann Foirgneamh agus Saoráidí, ag obair di i ndlúthchomhar le hairígh, le cúntóirí ginearálta agus le baill foirne tacaíochta eile atá freagrach as foirgnimh atá faoi úinéireacht ag an mBord Oideachais agus Oiliúna nó atá léasaithe aige a chothabháil. Cothabháil choisctheach pleananna caighdeánacha a chur ar áireamh ansin.	Próiseas tairisceana chun córas bainistíochtaí saoráidí a fhorbairt do WWETB – gach suíomh le bheith clúdaithe.	Deireadh curtha leis an bpróiseas tairisceana agus comhlacht ag obair ar chóras bainistíochtaí saoráidí a fhorbairt.	Deireadh curtha leis an bpróiseas agus comhlacht ag obair ar chóras bainistíochtaí saoráidí a fhorbairt.

Sprioc Straitéiseach 3
Cumarsáid agus Margaíocht

Faoin mbliain 2030, beidh cáil ar an mBord Oideachais agus Oiliúna ar fud Phort Láirge agus Loch Garman as na cláir oideachais agus oiliúna ar ardchaighdeán a sholáthraímid do dhaoine de gach aois. Beidh íomhá branda atá pearsanta agus spéisiúil againn, ar íomhá í atá so-aitheanta agus gairmiúil freisin. Beidh sé éasca do mhic léinn ionchasacha/foghlaimeoirí aosacha ionchasacha teacht ar an bhfaisnéis bheacht atá á lorg acu. Beidh naisc an-láidir ag an mBord Oideachais agus Oiliúna le comhpháirtithe ar fud Phort Láirge agus Loch Garman agus, thar aon rud eile, beidh naisc an-láidir aige lena phobail áitiúla agus leis na tionscail/seirbhísí áitiúla a thacaíonn leis na pobail sin. Beidh infheistíocht déanta againn i margaíocht, agus beidh feabhas tagtha ar a infheicthe atá ár gcuid scoileanna agus ionad Breisoideachais agus Oiliúna mar thoradh ar mhargaíocht spriocdhírithe agus mar thoradh ar ár dtairiscint a thaispeáint – foirgnimh nua-aimseartha agus oideachas sármhaith agus oiliúint shármhaith a soláthraíonn múinteoirí agus teagascóirí ar ardchaighdeán iad agus a dtacaíonn cuid mhór bainisteoirí agus ball foirne leo. Nuair a luafar Bord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman, smaoineoidh daoine faoi cháilíocht, faoi roghanna, faoi phobal agus faoi dheiseanna a sholáthar dóibh siúd atá ag tosú amach nó atá ag déanamh tús nua.

Cén fáth? Tá sé tábhachtach branda láidir a fhorbairt don eagraíocht ar aon dul leis na hardaidhmeanna atá aici soláthar oideachais agus oiliúna ar ardchaighdeán a threorú san Oirdheisceart.

3.1 Tosaíocht Straitéiseach: Bunchlocha

	Gníomh Straitéiseach	**Gníomhartha sa bhliain 2024**	**Príomhtháscairí Feidhmíochta**	**Spriocanna**
3.1.1	Straitéis cumarsáide inmheánaí agus caidrimh inmheánaigh a fhorbairt agus a chur chun feidhme, agus infheistiú in acmhainn thiomnaithe cumarsáide inmheánaí.	Beidh an Grúpa Stiúrtha Cumarsáide ag obair ar straitéis chumarsáide inmheánaí a fhorbairt.	Straitéis chumarsáide inmheánaí dréachtaithe.	Straitéis chumarsáide inmheánaí dréachtaithe.
3.1.2	Stór inneachair, grianghrafadóireachta agus scéalta a fhorbairt lena úsáid ar fud na heagraíochta.	Leanfar le hábhar a fhorbairt agus chur ar fáil don fhoireann ar an inlíon.	Forbairt déanta ar ábhar agus inneachar.	Forbairt déanta ar ábhar agus inneachar.
3.1.3	Foireann uirlisí sócmhainní margaíochta breisithe a fhorbairt, lena n-áirítear fógraí agus teimpléid meán sóisialta.	Leanfar le foireann uirlisí sócmhainní margaíochta breisithe a fhorbairt in 2024, lena n-áirítear fógraí agus teimpléid meán sóisialta, trí Ghaeilge chomh maith.	Forbairt déanta ar theimpléid.	Teimpléid ar fáil chun margaíocht a dhéanamh.

	Gníomh Straitéiseach	Gníomhartha sa bhliain 2024	Príomhtháscairí Feidhmíochta	Spriocanna
3.1.4	Treoirlínte branda an Bhoird Oideachais agus Oiliúna a fhorbairt tuilleadh agus plean a fhorbairt le haghaidh iad a scaipeadh ar phobal an Bhoird Oideachais agus Oiliúna lena n-úsáid.	Déan athbhreithniú ar Threoirlínte Branda agus leasaigh chun dáta iad mar is gá. Scaip na Treoirlínte Branda don fhoireann go léir a bhfuil baint acu leis an bhfógraíocht agus an margaíocht.	Uasdátú déanta ar threoirlínte branda agus iad scaipthe.	Uasdátú déanta ar threoirlínte branda agus iad scaipthe.
3.1.6	Straitéis meán sóisialta a fhorbairt agus a chur chun feidhme, lena n-áirítear straitéis shoiléir forbartha inneachair.	An cainéal MS teams a fhorbairt ar fud WWETB. Polbal Cleachtais a fhorbairt don fhoireann Meáin Shóisialta chun tacú le heolas a roinnt agus le hoiliúint.	Cainéall MS Teams i bhfeidhm agus Pobal Cleachtais ar bun.	Cainéall MS Teams i bhfeidhm agus Pobal Cleachtais ar bun.
3.1.7	Príomh-shárúsáideoirí (forbróirí cumarsáide agus inneachair) a bhunú san eagraíocht, agus oiliúint agus forbairt agus dreasachtaí le haghaidh caidreamh a dhéanamh leis sin a eagrú.	Liosta na sárúsáideoirí a uasdátú. Cúrsa grianghrafadóireachta digití a óstáil d'fhorbróirí inneachais WWETB. Ceardlann mheáin shóisialta a óstáil.	Liosta ann de na húsáideoirí ábhartha. Ceardlanna reáchtáilte don ghrianghrafadóireacht dhigiteach agus do na meáin shóisialta.	Liosta ann de na húsáideoirí ábhartha. Ceardlanna reáchtáilte don ghrianghrafadóireacht dhigiteach agus do na meáin shóisialta.
3.1.8	Buiséad feachtas a chomhaontú agus acmhainní a chur ar fáil dó – riachtanais bhuiséid a chomhaontú ar bhonn na bpríomhghnéithe atá ar áireamh sa straitéis, agus fás céimnithe buiséid a bhunú le haghaidh feachtas.	Comhaontófar liosta de na feachtais do chláir bhreisoideachais agus oiliúna in 2024 mar aon leis an mbuiséad a ghabhann leo.	Feachtais forbartha agus curtha i bhfeidhm	Críoch rathúil curtha le feachtais le haghaidh clár Breisoideachais agus Oiliúna.
3.1.10	Déanfar forbairt ar chúrsa/chlár breisoideachais agus oiliúna chun iad a chur chun cinn, ar aon dul le spriocanna WWETB	Féilire a bhunú ina mbeidh príomhimeachtaí a bhaineann le Breisoideachas agus Oiliúint, arna tacú ag an bhfoireann Cumarsáide.	Féilire imeachtaí i bhfeidhm	Féilire imeachtaí i bhfeidhm

	Gníomh Straitéiseach	Gníomhartha sa bhliain 2024	Príomhtháscairí Feidhmíochta	Spriocanna
	agus straitéis SOLAS.			
3.1.14	Déanfar forbairt ar phlean inrochtanaineachta digitigh agus é a chur i bhfeidhm. Áireofar ann gach cainéal digiteach ábhartha, monatóireacht agus aiseolas ó chomhlachtaí rialála. Tabharfar oiliúint dóibh siúd atá freagrach as inneachar chun tacú lenár n-oibligeáidí faoin Treoir um Inrochtaineacht Ghréasáin.	Plean inrochtaineachta digitigh a fhorbairt agus cinnte a dhéanamh de go gcloítear leis.	Forbairt déanta ar Phlean inrochtaineachta digitigh.	Forbairt déanta ar Phlean inrochtaineachta digitigh.

3.2 Tosaíocht Straitéiseach: Aird an Spriocphobail a Mhealladh

	Gníomh Straitéiseach	**Gníomhartha sa bhliain 2024**	**Príomhtháscairí Feidhmíochta**	**Spriocanna**
3.2.2	Deiseanna labhartha a shainaitheant chomh maith le painéal de shaineolaithe inmheánacha, iad nasctha le teachtaireachtaí branda ábhartha.	Comhoibreofar le hOllscoil Teicneolaíochta an OIdheiscirt chun an siompóisiam Connecting Through Learning… Learning Through Connecting Symposium a éascú in 2024.	Siompóisiam rathúil a bheith eagraithe agus seachadta.	Siompóisiam rathúil a bheith eagraithe agus seachadta.
3.2.4	Léiriú soiléir intinne a fhorbairt chun ról an Bhoird Oideachais agus Oiliúna sa phobal, sna healaíona, san obair óige, sa cheol agus sa spórt agus a thiomantas don fholláine a chur chun cinn.	Forbrófar Léiriún Intinne chun ról WWETB a chur chin cinn sa phobal, sna healaíona, san obair óige, sa cheol agus sa spórt agus a thiomantas don fholláine a chur chun. Léiriú Intinne a scaipeadh ar fud gach scoil agsu ionad agus a bheith le feiceáil go soiléir.	Léiriú Intinne a bheith forbartha agus scaipthe.	Léiriú Intinne a bheith forbartha agus scaipthe.
3.2.6	Sruth chumarsáide faoi leith a fhorbairt le haghaidh treoirchomhairleoirí agus cuireadh a thabhairt do theoirchomhairleoirí i scoileanna eile.	Bainfear úsaid as an bPobal Cleachtais Treoirchomhairleoirí chun treoirchomhairleorií a mhealladh ó scoileanna taobh amuigh de WWETB. Déanfar eolas a roinnt idir an bhfoireann Chumarsáide, idir an bhfoireann BOO agus treoirchomhairleoirí tríd an bPobal Cleachtais.	Cur leis an bPobal Cleachtais de Threoirchomhairleoirí chun eolas a bhaineann go sonrach le WWETB a roinnt.	Cur leis an bPobal Cleachtais de Threoirchomhairleoirí chun eolas a bhaineann go sonrach le WWETB a roinnt.
3.2.7	Sruth chumarsáide a fhorbairt le haghaidh múinteoirí agus teagascóirí reatha.	Forbrófar liostaí spriocdhírithe de sheoltaí ríomhphoist chun cumarsáid dhíreach le múinteoirí agus teagascóirí a éascú nuair is gá.	Liosta de sheoltaí ríomhphoist teagascóirí forbartha.	Liosta de sheoltaí ríomhphoist teagascóirí i bhfeidhm.

Sprioc Straitéiseach 4
Sláinte agus Folláine

Faoin mbliain 2030, beidh cáil ar an mBord Oideachais agus Oiliúna as a bheith ina áit iontach chun obair agus chun foghlaim ann. Ar fud ár scoileanna agus ár n-ionad uile, beidh baill foirne agus mic léinn/foghlaimeoirí aosacha ar aon intinn maidir leis an mBord Oideachais agus Oiliúna – *feicfear* iad, *éistfear* leo agus beidh *meas* orthu. A luaithe a rachaidh siad isteach i bpobal an Bhoird Oideachais agus Oiliúna, braithfidh ár mbaill foirne go dtacaítear leo – tuigfidh a n-ionad nó a scoil cé atá iontu, beidh meas aige nó aici ar na láidreachtaí atá acu agus tacóidh sé nó sí leis na laigí atá acu. Beidh Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú ina gcuid dhílis den eagraíocht anois.

Cén fáth? Is áit oibre ghnóthach éagsúil é an Bord Oideachais agus Oiliúna agus tá sé de dhualgas air freastal ar a lán grúpaí geallsealbhóirí. Trí dhul i gcomhairle leo, is eol dúinn go bhfuil ár gcuid ball foirne agus mac léinn/foghlaimeoirí aosacha ag iarraidh a bheith ina gcuid de phobal a thacaíonn le hindibhidiúlacht, a cheiliúrann éachtaí agus a thugann tacaíocht le linn amanna deacra. Chun pobal den sórt sin a chruthú, is gá comhbhá agus éirim mhothúchánach a bheith leabaithe isteach inár n-eagraíocht. Is eol dúinn freisin go gcabhraíonn dea-shláinte agus dea-fholláine foirne go mór leis an teagasc agus leis an bhfoghlaim.

4.1 Tosaíocht Straitéiseach: Bunchloch – Cultúr, Córais agus Nósanna Imeachta

	Gníomh Straitéiseach	Gníomhartha sa bhliain 2024	Príomhtháscairí Feidhmíochta	Spriocanna
4.1.1	Coiste Sláinte agus Folláine a bhunú sa Bhord Oideachais agus Oiliúna, agus ionadaíocht ann ó Mhic léinn/foghlaimeoirí agus ó bhaill foirne.	Bunófar Grúpa Stiúrtha Sláinte agus Folláine.	Coiste Sláinte agus Folláine a bhfuil Téarmaí Tagartha comhaontaithe aige a bheith i bhfeidhm.	Grúpa Stiúrtha Sláinte agus Folláine i bhfeidhm.
4.1.2	An Clár Cúnaimh d’Fhostaithe a chur chun cinn do gach ball foirne ar bhonn tráthrialta, agus a shoiléiriú go mbíonn an tseirbhís ar fáil dá dteaghlach freisin.	Cuirfear an Clár Cúnaimh d’Fhostaithe chun cinn trí roinnt cainéal cumarsáide éagsúil.	An Clár Cúnaimh d’Fhostaithe a bheith á chur chun cinn go tráthrialta trí roinnt cainéal éagsúil, lena n-áirítear tríd an ríomhphost, tríd an nuachtlitir agus tríd an inlíon.	Gach ball foirne a bheith ar an eolas faoin gClár Cúnaimh d’Fhostaithe laistigh den Bhord Oideachais agus Oiliúna.
4.1.3	Cultúr um fholláine ag an obair a chur chun cinn trí	Cuirfear folláine ar áireamh mar bhuanmhír ar an gclár oibre ar fud struchtúir rialachais atá ann cheana – cruinnithe na Foirne Oibríochtaí, na Foirne Bainistíochta Breisoideachais agus Oiliúna agus an Bhoird	Áireofar an fholláine mar mhír ar chláir chruinnithe.	Áireofar an fholláine mar mhír ar chláir chruinnithe.

	Gníomh Straitéiseach	Gníomhartha sa bhliain 2024	Príomhtháscairí Feidhmíochta	Spriocanna
	struchtúir rialachais atá ann cheana.	agus cruinnithe le Príomhoidí.		
4.1.4	An marc 'Bí Sláintiúil' a chur i bhfeidhm, le tacaíocht ó IBEC.	An marc Bí Sláintiúil a phíolótú i gColáiste Bhaile an Droichid, Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna Loch Garman agus sa Cheannoifig.	Measúnú ar chleachtais fholláine ar fud WWETB faoi na 8 piléar ar a mbunaítear na caighdeáin don Mharc Keepwell.	Creidiúnú IBEC a bheith faighte.
4.1.5	Beartais uile an BhoirdOideachais agus Oiliúna a bhaineann le Sláinte agus Folláine a athrú chun dáta agus a scaipeadh.	Tabharfar polasaithe Sláinte agus Folláine suas chun dáta agus scaipfear ar fud choláistí WWETB iad.	Polasaithe Sláinte agus Folláine tugtha suas chun dáta agus iad a bheith scaipthe ar fud WWETB.	An fhoireann a bheith ar an eolas maidir le polasaithe Sláinte agus Folláine.
4.1.6	Cairt Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe de chuid an Bhoird Oideachais agus Oiliúna a chur chun feidhme chun tacú le fórsa saothairéagsúil.	Forbraíodh an Dualgas Seirbhíse Poiblí sa bhliain 2023. Déanfar tuilleadh forbartha air seo ar fud choláistí WWETB. Cairt Chomhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsitheachta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm ar fud na heagraíochta.	Cairt Chomhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsitheachta curtha i bhfeidhm.	An fhoireann ar an eolas maidir leis an gCairt Chomhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsitheachta
4.1.7	Meicníocht a fhorbairt chun go n-aithneofar an obair a dhéanann an fhoireann ar fud gach réimse mar chuid den chultúr (e.g. comórtas Barrfeabhas i Seirbhís do Chustaiméirí), lena n-áirítear	Leanfar leis an gcomórtas Barrfeabhas i Seirbhís do Chustaiméirí a chur chun cinn.	Comórtas Barrfeabhas i Seirbhís do Chustaiméirí á bronnadh go ráithiúil.	Mothaíonn an fhoireann go léirítear meas orthu agus go n-aithnítear an méid a dhéanann siad.

	Gníomh Straitéiseach	Gníomhartha sa bhliain 2024	Príomhtháscairí Feidhmíochta	Spriocanna
	searmanas dámhachtainí bliantúla agus Gnduaiseanna fadseirbhíse			
4.1.8	Leanúint le Cairt Custaiméirí an Bhoird Oideachais agus Oiliúna a chur chun cinn, agus a chinntiú go scaipfear an Chairt ar gach ball foirne agus go dtuigfidh siad í.	Déanfar athbhreithniú ar Chairt Custaiméirí an Bhoird Oideachais agus Oiliúna agus scaipfear ar bhaill foirne í trí roinnt cainéal cumarsáide éagsúil.	Athbhreithniú a bheith déanta ar Chairt Custaiméirí an Bhoird Oideachais agus Oiliúna agus leagan nuashonraithe a bheith scaipthe ar gach ball foirne.	Gach ball foirne a bheith ar an eolas faoin gCairt Custaiméirí agus faoi na hoibleagáidí atá orthu mar bhaill foirne maidir le seirbhís do chustaiméirí.
4.1.9	Tacófar le hionduchtúchán agus turas oibre trí WWETB de bhaill foirne páirtaimseartha agus iad a chumasú agus a spreagadh chun go ngíomhóidh siad mar ambasadóirí do WWETB.	Clár ionduchtúcháin a fhorbairt do theagascóirí. Liosta ríomhphost teagascóirí a bhunú chun go mbeifear ábalta eolas ábhartha a scaipeadh. .	Clár ionduchtúcháin do theagascóirí a bheith curtha chun feidhme.	Clár ionduchtúcháin do theagascóirí a bheith curtha chun feidhme.
4.1.11	Foghlaim agus forbairt ghairmiúil i maoirseacht agus i gceannaireacht a bheith á ngabháil de láimh ag gach bainisteoir.	Tá 24 plean cóitseála, gníomhach agus aghaidh ar aghaidh, ar bhun ag WWETB le baill foirne. Leathnófar amach iad chun Oideachasóirí Aosaigh agus Oifigigh Eolais a chur san áireamh. Leanfar le clár ceannaireachta na scoileanna. Ceannaireachtaí scoile a spreagadh chun páirt a ghlacadh i bhforbairt ghairmiúil leanúnach trí BOOÉ, CSI (Oide) etc.	Glacfaidh baill foirne páirt in oiliúint maoirseachta agus ceannaireachta. Clár ceannaireachta scoilesaincheaptha ar bun i scoileanna. Beartas maidir le	Tuilleadh ball foirne ag glacadh páirte in in oiliúint maoirseachta agus ceannaireachta. Clár ceannaireachta i scoileanna.

	Gníomh Straitéiseach	Gníomhartha sa bhliain 2024	Príomhtháscairí Feidhmíochta	Spriocanna
		Leanfar le beartas maidir le Forbairt Ghairmiúil Leanúnach a chur chun cinn.	Forbairt Ghairmiúil Leanúnach scaipthe.	Beartas maidir le Forbairt Ghairmiúil Leanúnach scaipthe.
4.1.13	Próiseas a fhorbairt le haghaidh agallaimh fágála a dhéanamh do bhaill foirne chun tacú leis an mBord Oideachais agus Oiliúna feabhas a chur ar an tacaíocht a thugann sé do bhaill foirne.	Teimpléad suirbhé fágála a fhorbairt agus é a phíolótú le haghaidh agallamh fágála. É a chur i bhfeidhm do gach duine atá ag fágáil. Déanfar anailís ar thorthaí go bliantúil agus fiosrófar iad mar is gá.	Suirbhé i bhfeidhm agus é ar bun go píolótach in 2024. Athbhreithniú bliantúil déanta ar an eolas a ghabhailtear.	Deireadh curtha leis an gclár píolótach. Athbhreithniú déanta ar thorthaí.
4.1.14	Sonraí teagmhála inlín agus faisnéis 'Aithne ar an bhfoireann' do gach ball foirne a nuashonrú chun feasacht a thógáil ar na foirne agus an struchtúr foirne sa Bhord Oideachais agus Oiliúna.	Déanfar athbhreithniú tráthrialta ar an inneachar inlín chun a chinntiú go mbeidh sonraí teagmhála cothrom le dáta.	An t-inneachar inlín abheith á athbhreithniú agus á nuashonrú go rialta.	An t-inneachar inlín a bheith ábhartha agus cothrom le dáta.

	Gníomh Straitéiseach	Gníomhartha sa bhliain 2024	Príomhtháscairí Feidhmíochta	Spriocanna
4.1.15	Clár Ionduchtúcháin ar fud an Bhoird Oideachais agus Oiliúna a fhorbairt, lena n-áirítear tacaíocht shaincheaptha d'fhostaithe nua agus córas meantóireachta a fhorbairt.	Forbrófar clár ionduchtúcháin don Bhord Oideachais agus Oiliúna agus cuirfear in oiriúint do ghrúpaí sonracha foirne é. Forbrófar córas struchtúrtha meantóireachta. Próiseas ionduchtúcháin áitiúil a fhorbairt. Oiliúint meantóireachta a fhorbairt. Oiliúint meantóireachta a chur i bhfeidhm.	Próiseas ionduchtúcháin ar bun do thosaitheoirí nua. Córas ionduchtúcháin/meantóireachta i bhfeidhm ag leibhéal áitiúil. Oiliúint curtha i gcrích do mheantóirí sainaitheanta.	Clár ionduchtúcháin i bhfeidhm - R 4 2024.
4.1.16	Féachaint go gníomhach le baill foirne a spreagadh chun páirt a ghlacadh i bhFoghlaim agus Forbairt Ghairmiúil chun tacú leo i réimsí ina bhfuil fás ag teastáil.	Déanfar riachtanais FGL a shainaitheant ar fud gach Pobal Cleachtais agus cuirfear chun cinn polasaí FGL. Eagrófar FGL láraithe do scoileanna nuair is gá. Deiseanna FGL a chur in iúl don fhoireann ar fad.	FGL a bheith faighte agus eagraithe nuair a aithnítear go bhfuil gá léi.	Méadú ar líon na mball foirne ag gladcadh páirte san FGL.
4.1.17	Beartas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine a chur chun feidhme ar fud an Bhoird Oideachais agus Oiliúna, agus oiliúint a éascú do bhaill foirne.	Cuireadh críoch leis an tuarascáil um Dualgas beartas na hEarnála Poiblí in 2023 agus is réimse tosaíochta í don bhliain 2024 maidir le cur i bhfeidhm agus athbhreithniú.	Beartas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine a bheith curtha chun feidhme.	Beartas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine a bheith curtha chunfeidhme.
4.1.18	Clár a fhorbairt chun cleachtais athmhachnamhacha aguscleachtais aisiríocha a chur	Clár QQI leibhéal 5 a fhorbairt i gcomhar leis an Tionscnamh Forbartha don Óige. Clár a fhorbairt chun cleachtais athmhachnamhacha agus aisiríocha a chur chun feidhme ar fud foirne riaracháin ar fud WWETB tríd an obair a dhéanann na Foirne Cáilíochta agus Slainte agus Folláine.	Clár Leibhéal 5 forbartha. Clár cleachtais athmhachnamhacha	Clár forbartha. Clár cleachtais

	Gníomh Straitéiseach	Gníomhartha sa bhliain 2024	Príomhtháscairí Feidhmíochta	Spriocanna
	chun feidhme ar fud gach réimse den Bhord Oideachais agus Oiliúna.		agus cleachtais aisiríocha forbartha.	athmhachnamhacha agus cleachtais aisiríocha forbartha.
4.1.19	Clár réamhghníomhach a fhorbairt chun tacú le baill foirne atá ag obair i dtimpeallachtaí oibre gníomhacha.	Tacófar le hoibre an ghrúpa oibre Cultúir agus Rannpháirteachais chun clár a fhorbairt a thacóidh le baill foirne atá ag obair i dtimpeallachtaí oibre gníomhacha.	Clár réamhghníomhach a fhorbairt chun tacú le baill foirne atá ag obair i dtimpeallachtaí oibre gníomhacha.	Clár réamhghníomhach a fhorbairt chun tacú le baill foirne atá ag obair i dtimpeallachtaí oibre gníomhacha.
4.1.20	Tacú le baill foirne atá ag druidim le scor trí ghnáthsheimineáir phleanála scoir a eagrú, agus aitheantas a thabhairt dá rannchuidiú tábhachtach leis an eagraíocht trí shearmanas bliantúil scoir a óstáil do bhaill foirne atá ag dul ar scor.	Eagrófar seisiúin phleanála scoir go rialta agus cuirfear chun cinn iad. Eagrófar imeacht bliantúil scoir chun rannchuidiú ball foirne a aithint agus iad ag dul ar scor.	Seisiúin phleanála scoir a bheith eagraithe agus faisnéis a bheith comhroinnte le baill foirne. Imeacht bliantúil scoir a bheith pleanáilte. Athbhreithniú déanta ar phleanáil scoir.	Seisiúin phleanála scoir a bheith eagraithe agus imeacht scoir bhliantúil a bheith reáchtáilte. Tacaíochtaí breise do bhaill foirne atá ag druidim i dtreo dul ar scor, - pleanáil scoir le tabhairt isteach.
4.1.21	Féilire a fhorbairt le haghaidh imeachtaí agus tionscnaimh fholláine don fhoireann agus do mhic léinn/foghlaimeoirí.	Cuirfear an tionscnamh Marc Keenwell chun cinn ina n-eagrófar roinnt imeachtaí agus tionscnaimh don fhoireann faoin na 8 piléar seo – Sláinte agus Folláine, Ceannaireacht, Neamhláithreacht a Bhainistiú, Bia Sláintiúil agus Gníomhaíocht Coirp, Meabhairshláinte agus Deochanna Meisciúla, Tobac agus Sláinte agus Sábháilteachta.	Féilire le haghaidh imeachtaí agus tionscnaimh fholláine a bheith eagraithe don fhoireann.	Tacú leis an bhfoireann trí Fhéilire le haghaidh imeachtaí agus tionscnaimh fholláine a eagrú.
4.1.23	Straitéis a fhorbairt le haghaidh seirbhísí treorach a sholáthar do mhic	Leanúint le gníomhaíochtaí Phobal Cleachtais na dTreoirchomhairleoirí. Forbrófar Beartas Gairmthreorach trascholáiste Scoile Uile, le tacaíocht ón gCigireacht, agus déanfar 4.1.23 agus 4.1.24 de Ráiteas Straitéise WWETB sa bheartas. Freastalóidh Oifigigh Ghairmthreorach ar imeachtaí Pobal Cleachtais i	Ionadaíocht á déanamh ar gach scoil ag ceardlann Cleachtais Phobail, áit a ndéanfar polasaí a fhobairt	Ionchur le bheith curtha ag 12 scoil i Dréachtphlean 1 (más féidir). Cruinniú

	Gníomh Straitéiseach	Gníomhartha sa bhliain 2024	Príomhtháscairí Feidhmíochta	Spriocanna
	léinn/foghlaimeoirí ar fud an Bhoird Oideachais agus Oiliúna.	scoileanna, Grúpa oibre de cheannairí scoile a bhunú chun athbhreithniú a dhéanamh ar dhréacht 1 den pholasaí nuair a bheidh sé forbartha ag Treoirchomhairleoirí. Áireofar oifigigh Treoirchomhairleoirí Aosaigh ag imeachtaí scoile den Phobal Cleachtais, más cuí.	(más féidir). Cuireadh a thabhairt don fhoireann Treoirchomhairleoirí Aosaigh freastal ar chruinnithe mar is gá.	athbhreithnithe de chuid ghrupa oibre na gceannairí scoile. Dréacht le bheith réidh le hathbhreithniú a dhéanamh air ag leibhéal na scoileanna aonair, Earrach 2024.
4.1.24	Riachtanais na mac léinn/na bhfoghlaimeoirí a athbhreithniú maidir le tacaíocht gairmthreorach, agus plean a fhorbairt chun an tacaíocht a shaincheapadh chun freastal ar riachtanais na mac léinn/na bhfoghlaimeoirí aosacha.	Tacófar le gníomhaíochtaí Phobal Cleachtais na dTreoirchomhairleoirí. Forbrófar Beartas Gairmthreorach trascholáiste Scoile Uile, le tacaíocht ón gCigireacht, Grúpa oibre de cheannairí scoile a bhunú chun athbhreithniú a dhéanamh ar dhréacht 1 den pholasaí nuair a bheidh sé forbartha ag Treoirchomhairleoirí. Áireofar oifigigh Treoirchomhairleoirí Aosaigh ag imeachtaí scoile den Phobal Cleachtais, más cuí..	Ionadaíocht a dhéanamh d'fhoirne BOO ag ceardlann de chuid na bPobal Chleachtais nuair atá beartas á fhorbairt (más féidir). Cuireadh a thabhairt don fhoireann Treoirchomhairleoirí Aosaigh freastal ar chruinnithe mar is gá.	Ionchur le bheith curtha ag 12 scoil i Dréachtphlean 1 (más féidir). Cruinniú athbhreithnithe de chuid ghrupa oibre na gceannairí scoile. Dréacht le bheith réidh chun athbhreithniú a dhéanamh air ag leibhéal na scoileanna aonair.
4.1.25	Obair i gcomhar le Giniúint Ceoil Loch Garman agus le Giniúint Ceoil Phort Láirge chun coláistí, ionaid agus cláir a chumasú gabháil do chlár Ghiniúint	Giniúint Ceoil agus cláir a chur chun cinn i scoileanna. An clár Giniúint Ceoile a thabhairt isteach chun tacú le hoideachas neamhfhoirmiúil, más tairbheach.	Teagmháil idir scoileanna agus ionaid le Giniúint Ceoil Loch Garman agus Phort Láirge.	Giniúint Ceoil ag feidhnmiú i roinnt scoileanna agus ionaid WWETB.

	Gníomh Straitéiseach	**Gníomhartha sa bhliain 2024**	**Príomhtháscairí Feidhmíochta**	**Spriocanna**
	Ceoil ar mhaithe lena mic léinn/lena bhfoghlaimeoirí aosacha.			
4.1.26	Obair i gcomhar le CLG Loch Garman chun Coláistí a chumasú páirt a ghlacadh sa Chlár 'Ag Dul go Maith' de chuid CLG ar mhaithe lenár gcuid mac léinn/foghlaimeoirí aosacha.	Leanfar leis an gcomhpháirtíocht le CLG Loch Garman agus forbrófar clár do gach scoil ar fud WWETB. An deis a fhiosrú maidir le chomhoibriú le CLG Phort Láirge freisin. Torthaí a chomhaontú le CLG Loch Garman agus Phort Láirge.	Torthaí comhaontaithe agus cláir i bhfeidhm sa dá chontae.	Torthaí comhaontaithe agus cláir i bhfeidhm sa dá chontae.
4.1.27	Páirt a bheith á glacadh ag gach coláiste i dtionscnamh na Brataí Ómraí chun feasacht a thógáil ar an leibhéal áitiúil ar an tábhacht a bhaineann le tacú le folláine mheabhrach i measc mic léinn/foghlaimeoirí.	Tacú le obair an ghrúpa oibre chun an gníomh seo a chur chun cinn mar réimse tosaíochta in 2024. Tacú le obair an Oifigigh um Rochtain agus Ionchuimsitheacht chun tacaíochtaí a sholáthar d'fhoghlaimeoirí.	Clár oibre comhaontaithe leis an Oifigeach um Rochtain agus Ionchuimsitheacht.	Clár oibre comhaontaithe leis an Oifigeach um Rochtain agus Ionchuimsitheacht.
4.1.29	Cur chuige ar fud na heagraíochta i leith searmanais bhliantúla gradam agus i leith éachtaí mac	Úsáidfear treoirlínte brandála nuair a bheidh ábhar á fhorbairt do shearmanais agus imeachtaí dámhachtaine chun aitheantas a thabhairt do ghnóthachtáil mac léinn/foghlaimeoirí.	Treoirlínte brandála scaipthe do gach coláiste agus ionad, agus iad in úsáid. Bronnfar dámhachtainí ag	Cur chuige comhsheasmhach maidir le brandáil ar fud gach coláiste agus scoil.

	Gníomh Straitéiseach	Gníomhartha sa bhliain 2024	Príomhtháscairí Feidhmíochta	Spriocanna
	léinn/foghlaimeoirí a aithint.	Déanfar forbairt ar Dhámhachtain Éitis agus í nasctha le croíluachanna BOOÉ. Athbhreithniú le déanamh mar sprioc den ghrúpa oibre um Sláinte agus Sábháilteachta, Cultúr agus Rannpháirteachas.	searmanais sna scoileanna.	Méadú ar líon na scoileanna ina btabharfar na dámhachtainí seo isteach chun éiteas a neadú.
4.1.31	Clár folláine a fhorbairt ina gcuimseofar sóisialú, aireachas, folláine, tógáil foirne, gníomhaíochtaí seach-churaclaim, sláinteagus folláine ar an láithreán agus an tsochaí do mhic léinn/foghlaimeoirí aosacha ar fud gach coláiste agus gach ionaid. Tacú le coláistí agus le hionaid an clár a chur chun feidhme ar an leibhéal áitiúil.	Tacófar le scoileanna 400 uair an chloig d'Fholláine a chur chun feidhme go héifeachtach mar chuid den chreat don tSraith Shóisearach. Rachfar i gcomhairle le baill foirne maidir leis na roghanna atá ann ó thaobh tionscnamh folláine de. Athbhreithniú le déanamh mar sprioc den ghrúpa oibre um Sláinte agus Sábháilteachta, Cultúr agus Rannpháirteachas. Forbrófar clár oibre do ghrúpaí stiúrtha agus grúpaí oibre Sláinte agus Sábháilteachta ina gcuirfear san áireamh clár folláine. Bunú cumann Gailf i WWETB. Tionscnamh Tráth na gCeist don fhoireann, chun deiseanna sóisialta a chothú mar aon le neartú na foirniúlachta.	400 uair an chloig de chúrsa folláine mar chuid de chreat an teastais shóisirigh. Próiseas comhairliúcháin a bheith seolta le baill foirne maidir le tionscnaimh folláine (trí obair an Choiste Sláinte agus Folláine). Turais a bheith déanta. Tráth na gCeist a bheith curtha i gcrích.	400 uair an chloig d'fholláine a bheith curtha chun feidhme go héifeachtach mar chuid den chreat don tSraith Shóisearach. Próiseas comhairliúcháin a bheith seolta le baill foirne maidir le tionscnaimh folláine (trí obair an Choiste Sláinte agus Folláine). Turais ghailf a bheith déanta. Tráth na gCeist a bheith curtha i gcrích.

	Gníomh Straitéiseach	Gníomhartha sa bhliain 2024	Príomhtháscairí Feidhmíochta	Spriocanna
4.1.33	Dul ar lorg comhpháirtíochtaí chun tacú le straitéis Sláinte agus Sábhailteachta WWETB. Áirítear leis seo dul i gcomhar leis na tionscnaimh Contae Sláintiúil de chuid Chomhairle Contae Loch Garman agus Chomhairle Contae agus Cathrach Phort Láirge.	Bheith i dteagmháil le Comhairle Contae Loch Garman agus Comhairle Contae agus Cathrach Phort Láirge maidir leis na tionscnaimh Contae Sláintiúil agus iarracht a dhéanamh iarrachtaí na nÚdarás Áitiúil a chur chun cinn maidir leis seo.	Obair na gCoisí Sláintiúla a chur chun cinn i Loch Garman agus i bPort Láirge.	Obair na gCoisí Sláintiúla a chur chun cinn i Loch Garman agus i bPort Láirge.

4.2 Tosaíocht Straitéiseach: Freagairt – Tacaí Breise agus Conairí Breise

	Gníomh Straitéiseach	Gníomhartha sa bhliain 2024	Príomhtháscairí Feidhmíochta	Spriocanna
4.2.1	Straitéis a fhorbairt le haghaidh seirbhísí treorach agus tacaí treorach a sholáthar do mhic léinn/foghlaimeoirí ar fud an Bhoird Oideachais agus Oiliúna.	Tacófar le gníomhaíochtaí Phobal Cleachtais na dTreoirchomhairleoirí. Forbrófar Beartas Gairmthreorach trascholáiste Scoile Uile, le tacaíocht ón gCigireacht, Beidh oifigigh Treoirchomhairleoirí Aosaigh i láthair ag imeachtaí an Phobail Chleachtais, más cuí.	Déanfar ionadaíocht ar gach scoil ag ceardlann Pobail Chleachtais nuair a bheidh polasaí á fhorbairt (más féidir).	Ionchur le bheith ag 12 scoil sa chéad Dréacht (nuair is féidir). Cruinniú athbhreithnithe de chuid ghrupa oibre na gceannairí scoile. Dréacht le bheith réidh le hathbhreithniú a dhéanamh air ag leibhéal na scoileanna aonair, Earrach 2024 Réidh don daingniú ag deireadh 23/24. Le cur i bhfeidhm 24/25.

Sprioc Straitéiseach 5
Gníomhú ar son na hAeráide agus Inbhuanaitheacht

Faoin mbliain 2030, beidh cáil ar an mBord Oideachais agus Oiliúna as an gcultúr aeráide atá ar bun ann. Beidh athrú iompraíochta spreagtha againn ar fud ár scoileanna agus ár saoráidí breisoideachais agus oiliúna. Beidh an inbhuanaitheacht leabaithe sa dóigh a dteagascaimid, sna nithe a theagascaimid agus sa dóigh a ndéanaimid cumarsáid leis an mórphobal. Beimid inbhuanaithe i ndáil leis an dóigh a ngníomhaímid. Beidh bród orainn as ár n-éachtaí agus beidh bród orainn iad a chomhroinnt le daoine eile. Tabharfaidh ár mbaill foirne aird ar shrianta aeráide agus comhshaoil mar ghnáthchuid den saol. Spreagfar iad le linn a gcuid oibre, agus ambasadóirí ar fud ár gcuid scoileanna, ionad agus oifigí ag comhoibriú lena chéile chun tuilleadh gníomhartha a spreagadh. Tomhaisfimid cad a dhéanaimid. Déanfaimid é sin trí na nithe seo a leanas a bheith againn: ambasadóirí atá lonnaithe ar fud ár saoráidí; baill foirne a oibríonn go lánaimseartha ar na tionscadail; grúpa stiúrtha atá freagrach as an obair a chomhordú; agus buiséad lena dtacaítear leis an obair.

Cén fáth? Tá fianaise ann ar gach taobh dínn ar an ngá atá ann le cónaí agus le hobair ar shlí inbhuanaithe. Is gá dúinn an méid sin a dhéanamh mar ábhar práinne, agus bíonn an phráinn ag méadú i gcónaí. Bíonn an reachtaíocht á hathrú chun iompraíocht mhíchuí a phionósú agus, ar fud an domhain, bíonn an argóint mhorálta ar son scriosadh córas nádúrtha a stad ag éirí níos láidre i gcónaí. Níl de rogha againn ach gníomhú. Tá níos mó agus níos mó daoine ag iarraidh obair in áiteanna ina dtugtar tús áite don chomhshaol. Táimid ag déileáil le géarchéim fuinnimh faoi láthair. Cé gur féidir gur géarchéim ghearrthéarmach í an ghéarchéim sin, léiríonn sí dúinn an riosca méadaithe a bhaineann lena bheith spleách ar bhreoslaí iontaise.

Oibrímid le daoine ó chuid mhór cúlraí difriúla, agus is gá dúinn cabhrú le daoine nach bhfuil chomh saibhir céanna roghanna saoil inbhuanaithe a thuiscint agus rochtain a fháil orthu. Mar gheall ar an ngné sin den cheartas aeráide, ní mór dúinn smaoineamh faoi conas is féidir linn cabhrú le daoine billí a laghdú agus, ag an am céanna, faoi conas is féidir linn an brú ar an gcomhshaol a mhaolú. Mar chuid lárnach den chlár oideachais, is féidir díriú ar laghdú a dhéanamh ar an tomhaltachas agus ar an dúil i rudaí a cheannach. Is eol dúinn gur féidir linn freagairt go héifeachtach do ghéarchéimeanna agus, i bhfianaise na ngéarchéimeanna fuinnimh reatha, tá deis ann anois difríocht bhuan a dhéanamh.

Beidh poist na todhchaí dírithe ar stíleanna maireachtála inbhuanaithe a chruthú agus a chumasú – idir chruthaitheacht agus innealtóireacht. Dá bhrí sin, ní mór dúinn cabhrú lenár gcuid mac léinn/foghlaimeoirí aosacha na poist sin a rochtain trí iad a ullmhú dóibh trí na cúrsaí a sholáthraímid agus tríd an dóigh a dteagascaimid.

5.1 Tosaíocht Straitéiseach: Bunchlocha/Struchtúr

	Gníomh Straitéiseach	Gníomhartha sa bhliain 2024	Príomhtháscairí Feidhmíochta	Spriocanna
5.1.1	Struchtúr cuí a fhorbairt le haghaidh chur chun feidhme na straitéise um Ghníomhú ar son na hAeráide agus	Tacú le hoibre an Ghrúpa Stiúrtha um Ghníomhú ar son na hAeráide agus Inbhuanaitheacht, agus grúpaí oibre gaolmhara. Comhpháirtíochtaí nua a chruthú chun tacú le clár straitéiseach WWETB sa réimse Gníomhú ar son na hAeráide agus Inbhuanaitheacht.	6 chruinniú den Ghrúpa Stiúrtha le tarlú in 2024. Coistí Glasa le forbairt.	Cruinnithe á reáchtáil go rialta agus gníomhartha ag eascairt astu.

	Gníomh Straitéiseach	**Gníomhartha sa bhliain 2024**	**Príomhtháscairí Feidhmíochta**	**Spriocanna**
	Inbhuanaitheacht – mar atá, an Grúpa Stiúrtha um Ghníomhú ar son na hAeráide agus Inbhuanaitheacht, agus ionadaíocht ann ó ghrúpa mac léinn/foghlaimeoirí aosacha, ó bhaill foirne agus ó shaineolaithe seachtracha. Coistí Glasa áitiúla a fhorbairt i ngach coláiste, i ngach ionad agus i ngach oifig. Comhpháirtíochtaí a fhorbairt le grúpaí pobail chun tacú leis an gclár oibre straitéiseach.			
5.1.2	Oifigeach Fuinnimh a cheapadh don Bhord Oideachais agus Oiliúna.	Lorgófar ceadú chun Oifigeach Fuinnimh a cheapadh	Cead faighte do phost nua.	Cead faighte do phost nua.
5.1.3	Oiliúint don Ghrúpa Stiúrtha, do Choistí Glasa, do Bhainisteoirí, d'airígh agus do bhaill foirne cothabhála – struchtúr bainistíochta tionscadal agus clár i leith cuspóirí a bhaint amach ar fud gach tosaíochta straitéisí.	Forbrófar clár oiliúna do chatagóirí foirne faoi leith, bunaithe ar riachtanais ghrúpaí aonair.	Clár oiliúna ar fáil do chatagóirí foirne faoi leith.	Clár oiliúna i bhfeidhm.

	Gníomh Straitéiseach	Gníomhartha sa bhliain 2024	Príomhtháscairí Feidhmíochta	Spriocanna
5.1.6	Mionsonraí faoi aon tionscadail a ghabhtar de láimh, agus faoi na tairbhí a ghabhann leo, a chur in iúl do gach ball foirne agus do gach mac léinn/foghlaimeoir aosach. Suirbhé a dhéanamh ar bhaill foirne agus ar mhic léinn/foghlaimeoirí aosacha chun a fháil amach an ann d'aon athrú i dtuiscint agus i ndearcthaí maidir le Gníomhú ar son na hAeráide agus Inbhuanaitheacht. Béim a leagan ar scéalta ratha agus iad a chomhroinnt – an feachtas a bhrandáil.	Oibriú leis an bhFoireann Chumarsáide chun iad a choimeád ar an eolas maidir le dul chun cinn. Leanfar leis na modúil bhithéagsúlachta a forbraíodh i gcomhpháirt leis an Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta a sholáthar ar Eolaíocht Saoránach agus Fálta Sceach.	Roinnt alt le bheith foilsithe a chuireann síos ar dhul chun cinn an tionscnmaimh. Scaipfear na hailt thuasluaite tríd na Pobail Chleachtais agus trí fhóraim ábhartha. Déanfar athbhreithniú ar an éileamh atá ar na modúil i scoileanna agus an úsaid a bhaintear astu.	Cur le líon na scoileanna atá ag úsáid an t-ábhar. Nuair a bheidh na bunsonraí bailithe, is féidir spriocanna faoi leith a leagan síos.

5.2 Tosaíocht Straitéiseach: Fuinneamh Inathnuaite

	Gníomh Straitéiseach	Gníomhartha sa bhliain 2024	Príomhtháscairí Feidhmíochta	Spriocanna
5.2.3	Sainaithneofar sruthanna maoinithe ionchasacha (i.e. aisíoc nó infheistiú) agus iarratais a dhéanamh ar dheontais ábhartha.	Tacú leis an obair a dhéanann an grúpa oibre Bainistíochta Fuinnimh. Áireofar ar an gclár sruthanna maoinithe agus deontais atá ar fáil.	Beidh an grúpa oibre ag bualadh le chéile go rialta.	Sruthanna maoinithe sainaitheanta.
5.2.4	Grianphainéil a shuiteáil ar dhíon aon	A bheith i dteagmháil leis an Roinn Oideachais chun painéil 6KW a chur ar Scoileanna Phort Láirge, mar atá leagtha amach i mBuiséad 2022.	Suiteálfar painéil ghréine i 4 scoil i	Beidh iarratas déanta ag gach scoil

	Gníomh Straitéiseach	Gníomhartha sa bhliain 2024	Príomhtháscairí Feidhmíochta	Spriocanna
	fhoirgneamh atá faoi úinéireacht an Bhoird Oideachais agus Oiliúna agus ar dhíon aon fhoirgneamh a bhfuil léasanna fada orthu.	Nuair is indéanta, cuirfear iarratais isteach faoi bhráid na Roinne Oideachais do scoileanna Phort Láirge faoin gClár Painéil Ghréine do Scoileanna.	bPort Láirge. Solar panels Iarratais curtha isteach agus maoiniú bronnta.	i gContae Phort Láirge ar mhaoiniú faoin scéim.
5.2.5	Feachtas feasachta a fhorbairt agus a chur chun feidhme maidir le hiompraíochtaí atá tíosach ar fhuinneamh, agus úsáid á baint as an inlíon, an suíomh Gréasáin agus na meáin shóisialta chun caidreamh a dhéanamh le baill foirne agus le mic léinn/foghlaimeoirí aosacha.	Beifear i dteagmháil le SEAI chun feachtas feasachta fuinnimh a sheachadadh do scoileanna san Fhómhair 2024.	Beidh ar chumas gach scoil agus ionad a n-úsáid fuinnimh a mhonatóiriú agus a gcuid iompar a chur in oiriúint chun an úsáid sin a laghdú.	Laghdú ar úsaid fuinnimh.

5.3 Tosaíocht Straitéiseach: Éifeachtúlacht Fuinnimh

	Gníomh Straitéiseach	**Gníomhartha don Bhliain 2024**	**Príomhtháscairí Feidhmíochta**	**Spriocanna**
5.3.2	Bunófar bunlíne don úsáid fuinnimh do gach foirgneamh de chuid WWETB.	Fiosrófar na hIniúchtaí SI426 agus bunófar bunlíne do gach foirgneamh ar an liosta.	Athbhreithniú déanta ar thorthaí na n-iniúchtaí.	Iniúchtaí críochnaithe agus athbhreithniú déanta ar thorthaí.
5.3.4	Aisfheistiú a dhéanamh ar fhoirgnimh oiriúnacha chun iad a thabhairt suas go dtí leibhéal éifeachtachta cuí, lena n-áirítear srianta teasa.	Críoch a chur leis an gclár deiseanna agus tosaíochtaí agus plean a shainaithint chun moltaí na nIniúchtaí a chur i bhfeidhm.	Pleananna i bhfeidhm ag leibhéal na scoile agus ag leibhéal na gclár.	Pleananna i bhfeidhm ag leibhéal na scoile agus ag leibhéal na gclár.
5.3.7	Pleanáil le haghaidh gach solas gealbhruthach agus halaigine a dhíothú.	Soilse LED a chur in ionad na seansoilse de réir iniúchtaí SI426.	Aisteofar gach solas le soilsiú LED amach anseo.	Aisteofar gach solas le soilsiú LED amach anseo.
5.3.8	Feachtas feasachta fuinnimh a fhorbairt maidir le múchadh ríomhairí pearsanta i ngach Coláiste, i ngach Ionad agus i ngach Oifig – athrú iompraíochta ag daoine aonair.	Ní mór feachtais a rith san Fhómhair 2024 leis an bhfoireann Chumarsáide.	Feachtas seolta agus ar bun i R 3 2024.	Feachtas seolta agus ar bun i R 3 2024.
5.3.9	An clár *Take 1* agus na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a leabú isteach sa straitéis inbhuanaitheachta don Bhord Oideachais agus Oiliúna, agus scoileanna a spreagadh chun páirt a ghlacadh iontu sin.	Leanfar leis an gclár Take 1 a chur chun cinn i scoileanna ar fud WWETB. Fiosrófar an féidir tuilleadh comhoibrithe a dhéanamh le Líonra Inbhuanaitheachta Scoileanna na hÉireann.	Scaipfear eolas tríd na Pobail Chleachtais agus trí fhóraim ábhartha. Déanfar athbhreithniú ar an éileamh atá ar na modúil i scoileanna agus an úsaid a bhaintear astu.	Méadú ar líon na scoileanna a bhaineann úsaid as an ábhar. Nuair a bheidh na sonraí bunlíne bailithe, is féidir spriocanna faoi leith a leagan síos.
5.3.10	Pleananna sonracha um Ghníomhú ar son na hAeráide a fhorbairt don Bhreisoideachas agus Oiliúint agus do	Forbairt a dhéanamh ar Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide do WWETB do 2024.	Forbairt déanta ar Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024.	Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024 foilsithe.

	Gníomh Straitéiseach	Gníomhartha don Bhliain 2024	Príomhtháscairí Feidhmíochta	Spriocanna
	scoileanna, ar aon dul le straitéisí na Roinne Oideachais/na Roinne Breisoideachais, Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta/SOLAS agus le mórstraitéisí rialtais.			

5.4 Tosaíocht Straitéiseach: Taisteal

	Gníomh Straitéiseach	Gníomhartha sa bhliain 2024	Príomhtháscairí Feidhmíochta	Spriocanna
5.4.2	Beartas soiléir a fhorbairt maidir le taisteal foirne – ar líne (MS Teams) vs. cruinnithe duine le duine.	Tacú le hoibre an ghrúpa oibre Taistil. Áireofar leis seo forbairt a dhéanamh ar pholasaí na foirne.	Polasaí maidir le taisteal forbartha agus scaipthe.	Polasaí i bhfeidhm.
5.4.3	Soláthar a dhéanamh do phointí luchtaithe leictrigh ag gach coláiste, ag gach ionad agus ag gach oifig.	Tacú le hoibre an ghrúpa oibre Taistil. Forbairt le déanamh ar chaighdeáin bhunlíne do gach foirgneamh nuathógtha chun go mbeidh gach ionad ar an leibhéal céanna i gcúig mbliana.	Plean i bhfeidhm chun pointí luchtaithe leictreacha a sholáthar i ngach ionad.	Plean comhaontaithe chun pointí luchtaithe leictreacha a sholáthar i ngach ionad ar fud WWETB.

5.5 Tosaíocht Straitéiseach: An Bhithéagsúlacht

	Gníomh Straitéiseach	Gníomhartha sa bhliain 2024	Príomhtháscairí Feidhmíochta	Spriocanna
5.5.1	Feachtas feasachta a fhorbairt maidir leis an mbithéagsúlacht, lena n-áirítear modúl ríomhfhoghlama agus oiliúint réamhléiritheach a fhorbairt agus a chur chun feidhme do	Tacú le hoibre an Ghrúpa Oibre Bithéagsúlachta. Leanfar le modúil an Bhoird Oideachais agus Oiliúna/an Ionaid Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta ar Eolaíocht Saoránach agus ar Fhálta Sceach a sholáthar agus a chur chun cinn. Leanfar le comhoibriú leis an Ionad	5 chruinniú tionólta in 2024. Iad seo a scaipeadh tríd na Pobail Chleachtais agus fóraim ábharhta.	Cruinnithe tionólta agus gníomhartha comhaontaithe. Méadú a chur ar líon na scoileanna atá ag baint úsáide as an ábhar. Nuair a

	Gníomh Straitéiseach	Gníomhartha sa bhliain 2024	Príomhtháscairí Feidhmíochta	Spriocanna
	bhaill foirne agus do mhic léinn/foghlaimeoirí aosacha.	Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta.	Déanfar athbhreithniú ar an éileamh atá ar na modúil i scoileanna agus an úsaid a bhaintear astu.	bheidh na sonraí bunlíne bailithe, is féidir spriocanna faoi leith a leagan síos.
5.5.5	Láithreáin choláiste, ionaid agus oifige a mheasúnú maidir lena n-oiriúnacht do chriosanna/limistéir fiadhúlra a bhunú, agus criosanna a bhunú i ngach limistéar féideartha.	Tacú le hoibre an Ghrúpa Oibre Bithéagsúlachta.	5 chruinniú tionólta in 2024.	Cruinnithe tionólta agus gníomhartha comhaontaithe.
5.5.7	Obair i gcomhar le heagraíochtaí comhpháirtíochta a bhfuil saineolas acu ar chláir bhithéagsúlachta, agus cuairteanna láithreáin a thabhairt ar láithreacha eile chun smaointe deachleachtais a bhailiú lena gcur chun feidhme.	Liosta a chur le chéile d'eagraíochtaí comhpháirtíochta a bhfuil saineolas acu ar chláir bhithéagsúlachta, lena n-áirítear Comhairle Contae Loch Garman agus Comhairle Contae agus Cathrach Phort Láirge	Liosta d'eagraíocthaí comhpháirtíochta comhaontaithe agus na chéad chruinnithe tionólta.	Liosta d'eagraíocthaí comhpháirtíochta comhaontaithe agus na chéad chruinnithe tionólta.

5.6 Tosaíocht Straitéiseach: Laghdú Dramhaíola

	Gníomh Straitéiseach	Gníomhartha sa bhliain 2024	Príomhtháscairí Feidhmíochta	Spriocanna
5.6.1	Plaistigh aonúsáide (e.g., buidéil phlaisteacha i gceaintíní – uisce i gcartáin agus fuaraitheoirí uisce) a laghdú i ngach coláiste, i ngach	Tacú le hobair an Ghrúpa Oibre Dramhaíola.	5 chruinniú tionólta in 2024.	Cruinnithe tionólta agus gníomhartha comhaontaithe.

	Gníomh Straitéiseach	Gníomhartha sa bhliain 2024	Príomhtháscairí Feidhmíochta	Spriocanna
	ionad agus i ngach oifig, agus iad a dhíothú uathu ansin.			
5.6.2	Gan fótachóipeáil a dhéanamh ach amháin chun críocha riachtanacha (e.g., trialacha) – acmhainní ar líne amhail Teams a úsáid chun doiciméid a chomhroinnt.	Déanfar athbhreithniú ar an méid fótachíopeáil a dhéantar i ngach láthair agus cuirfear staitisticí ar fáil i bhfeachtas cumarsáide chun fótacóipeáil a laghdú, más féidir.	Athbhreithniú déanta agus staitisticí comhroinnte.	Athbhreithniú déanta agus staitisticí comhroinnte.
5.6.5	Araidí múirín a thabhairt isteach le haghaidh dramhaíl bia/fuinneamh inathnuaite.	Araidí múirín le tabhairt isteach i scoileanna agus ionaid, más féidir, an Cheannoifig san áireamh.	Araidí múirín tugtha isteach.	Araidrí múirín tugtha isteach.
5.6.6	A chinntiú go mbeidh ceaintíní coláiste ag úsáid coimeádáin inathúsáidte i gcás gur féidir (níl coimeádáin in-athchúrsáilte agus inmhúirínithe chomh fabhrach céanna).	Obair leis an bhfoireann Soláthair chun go mbeidh soláthróirí ceaintíní ar an eolas maidir le coimeádáin inathúsáidte nuair is féidir.	Cumarsáid le soláthróirí ceaintíní ar fud WWETB maidir le cuspóir an Bhoird Oideachais agus Oiliúna.	Cumarsáid le soláthróirí ceaintíní ar fud WWETB maidir le cuspóir an Bhoird Oideachais agus Oiliúna.

5.7 Tosaíocht Straitéiseach: An Geilleagar Ciorclach

	Gníomh Straitéiseach	Gníomhartha sa bhliain 2024	Príomhtháscairí Feidhmíochta	Spriocanna
5.7.1	Gluaiseacht geilleagair chiorclaigh a thógail ar fud phobal an Bhoird Oideachais agus Oiliúna trí úsáid a bhaint as modhanna éagsúla teagmhála agus cumarsáide.	Tacú le hobair an Ghrúpa Oibre den Gheilleagar Ciorclach.	5 chruinniú in 2024..	Cruinnithe reáchtáilte agus gníomhartha comhaontaithe.

	Gníomh Straitéiseach	Gníomhartha sa bhliain 2024	Príomhtháscairí Feidhmíochta	Spriocanna
5.7.3	Soláthar a aistriú ar shiúl ó chostas agus i dtreo inbhuanaitheachta mar thomhas luacha.	Oibreofar leis an bhfoireann Soláthair chun doiciméid tairisceana a ullmhú ina léireofar go bhfuiltear ag bogadh ar shiúl ó chostas amháin go dtí inbhuanaitheacht mar thomhas luacha.	Cumarsáid nua le soláthróirí seirbhíse ionchasacha maidir le tábhacht na hinbhuanaitheachta mar thomhas luacha.	Cumarsáid nua le soláthróirí seirbhíse ionchasacha maidir le tábhacht na hinbhuanaitheachta mar thomhas luacha.
5.7.7	Prótacal a fhorbairt ar fud WWETB chun athúsáid éide scoile agus leabhar a spreagadh i gcoláistí ar fud WWETB.	Tacú le hobair an Ghrúpa Oibre den Gheilleagar Ciorclach.	5 chruinniú in 2024.	Cruinnithe reáchtáilte agus gníomhartha comhaontaithe. .
5.7.9	Plean a fhorbairt chun oiliúint i mbunphrionsabail Foirgneamh Nach Mór Neodrach ó Thaobh Fuinnimh a sholáthar ar fud éagsúlacht leathan clár agus cúrsaí. An plean sin a leabú isteach i gcláir oiliúna agus i modúil iar-bhunscoile nuair is indéanta.	An bunchúrsa Foirgneamh Nach Mór Neodrach ó Thaobh Fuinnimh a chur chun cinn do theagascóirí praiticiúla, laistigh de scoileanna freisin.	Eolas scaipthe ag cruinnithe de cheannairí scoile.	An deis tugtha do theagascóirí páirt a ghlacadh má tá suim acu ann.

5.8 Tosaíocht Straitéiseach: An curaclam a bheith comhtháite leis an inbhuanaitheacht le haghaidh measúnuithe atá bunaithe sa seomra ranga

	Gníomh Straitéiseach	Gníomhartha sa bhliain 2024	Príomhtháscairí Feidhmíochta	Spriocanna
5.8.1	Tacar treoirlínte a fhorbairt chun an Inbhuanaitheacht a leabú mar ghné lárnach de sholáthar an churaclaim. An tasc sin a leagan ar chomhordaitheoir, agus gach geallsealbhóir a chur ar áireamh,lena n-áirítear mic léinn/foghlaimeoirí aosacha. Pobal Cleachtais a bhunú mar ghnáthchleachtas.	Tacú le hobair an Ghrúpa Oibre Curaclaim. Ailíneofar leis an gclár Take 1.	5 chruinniú tionólta in 2024.	Cruinnithe a bheith tionólta agus gníomhartha a bheith comhaontaithe chun iad a chur i bhfeidhm ar fud gach cláir breisoideachais agus oiliúna.
5.8.2	Fiosrú a dhéanamh ar an tsamhail measúnaithe atá bunaithe saseomra ranga agus ar thathant leis an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM), go háirithe in ábhair amhail Matamaitic, Tíreolaíocht agus na hEolaíochtaí. Gníomhaíocht reatha i scoileanna a mhapáil mar bhonnlíne.	Tacú le hobair an Ghrúpa Oibre Curaclaim. Ailíneofar leis an gclár Take 1.	5 chruinniú tionólta in 2024.	Cruinnithe a bheith tionólta agus gníomhartha a bheith comhaontaithe chun iad a chur i bhfeidhm ar fud gach cláir breisoideachais agus oiliúna.

Sprioc Straitéiseach 6
Foghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta/Foghlaim Dhigiteach

Faoin mbliain 2030, beidh tionchar ollmhór imeartha ag an dul chun cinn i dteicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide ar an dóigh a sheolann an Bord Oideachais agus Oiliúna a chuid teagaisc, oiliúna agus gnó. Toisc go mbíonn athruithe á ndéanamh chomh tapa sin, níl sé éasca an chuma a bheidh ar an tírdhreach a thuar. Tá fás ollmhór tagtha le blianta beaga anuas ar an úsáid a bhaintear as néalseirbhísí, as gléasanna móibíleacha agus as uirlisí teagaisc ar líne. Mar thoradh ar phaindéim Covid-19, leagadh béim mhéadaithe ar úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí digiteacha don teagasc, don fhoghlaim agus don bhainistíocht. D'fhreagair an Bord Oideachais agus Oiliúna go maith do na dúshláin a bhain leis an mearghlacadh le teicneolaíochtaí digiteacha cianoibre/cianfhoghlama le linn na paindéime. Is próisis láimhe pháipéarbhunaithe iad a lán próiseas laistigh den Bhord Oideachais agus Oiliúna go fóill, áfach. Mar sin, is gá leas iomlán a bhaint anois as an acmhainneacht iomlán atá ag teicneolaíochtaí digiteacha, ní amháin chun cur leis an dóigh a dteagasctar mic léinn/foghlaimeoirí aosacha agus a ndéantar measúnú orthu, ach chun feabhas a chur ar an mbainistíocht agus na próisis laistigh de thimpeallacht gnó an Bhoird Oideachais agus Oiliúna agus chun tacú leis an inbhuanaitheacht freisin.

Cén fáth? Úsáidtear an teicneolaíocht chun feidhm 'gnó mar is gnách' a chomhlíonadh laistigh den Bhord Oideachais agus Oiliúna faoi láthair. Is teoranta, áfach, atá an acmhainn reatha atá ann sonraí a anailísiú go héifeachtúil agus próisis dhigiteacha agus teicneolaíochtaí nua a chur chun feidhme. Is gá straitéis fhoriomlán TF a chur i bhfeidhm agus an tsamhail oibriúcháin a athbhreithniú chun an bealach a réiteach le haghaidh TF a bhunathrú go hiomlán laistigh den Bhord Oideachais agus Oiliúna.

6.1 Tosaíocht Straitéiseach: Rialachas

	Gníomh Straitéiseach	Gníomhartha sa bhliain 2024	Príomhtháscairí Feidhmíochta	Spriocanna
6.1.1	Bainistíocht agus rialachas rathúil na feidhme TF sa Bhord Oideachais agus Oiliúna, lena n-áirítear Coiste Stiúrtha TF atá comhdhéanta de cheannairí gnó agus TF a bhunú.	Bunófar Grúpa Stiúrtha TF.	Grúpa Stiúrtha i bhfeidhm.	Grúpa Stiúrtha i bhfeidhm. held.
6.1.2	Comhsheasmhacht a chinntiú i dtacaíocht TF trí bheartais chuí agus nósanna imeachta cuí a chur chunfeidhme.	Déanfar athbhreithniú iomlán ar bheartais agus nósanna imeachta in 2024.	Athbhreithniú a bheith déanta ar bheartais agus nósanna imeachta TFC in 2024	Sraith nua beartas agus nósanna imeachta a bheith ar fáil.

6.3 Tosaíocht Straitéiseach: Samhail Soláthair

	Gníomh Straitéiseach	Gníomhartha sa bhliain 2024	Príomhtháscairí Feidhmíochta	Spriocanna
6.3.1	Seirbhísí a fháil trí sholáthar chun tionscadail bhunathraitheacha a sholáthar.	Iarratas ar thairiscint chun Córas Bainistíocht Saoráidí do WWETB a dhearadh agus a sholáthar.	Próiseas tairisceana curtha i gcrích agus dámhachtain bronnta.	Próiseas tairisceana curtha i gcrích agus dámhachtain bronnta.
6.3.2	Seirbhísí slandala TF a fháil mar is gá chun athbhreithniú agus ailíniú neamhspleách a chinntiú mar chuid de dhea-chleachtas TF slándála.	Díreofar ar cibearshlándáil agus oibreofar le IAU don iniúchadh ar chibearshlándáil do WWETB. Srianta bainistíochta i bhfeidhm más gá.	Iniúchadh curtha i gcrích agus srianta bainistíochta i bhfeidhm.	Iniúchadh curtha i gcrích agus srianta bainistíochta i bhfeidhm.

6.4 Tosaíocht Straitéiseach: Inniúlachtaí

	Gníomh Straitéiseach	Gníomhartha sa bhliain 2024	Príomhtháscairí Feidhmíochta	Spriocanna
6.4.3	Leibhéal bunúsach scileanna TF a chinntiú don fhoireann ar fad trí oiliúint agus forbairt.	Tacú le scoileanna chun na spriocanna a bhaint amach atá leagtha síos sa Straitéis Dhigiteach do Scoileanna trí chomhairle agus threoir a sholáthar maidir le SSE agus LAOS, agus leanúint le Tacaíocht Foghlama Digití agus TFC do scoileanna.	Ceannairí scoile arna dtacú ag an bhfoireann Foghlama Digití.	Gach scoil ag bogadh ar aghaidh tríd na spriocanna a leagadh amach sa Straitéis Dhigiteach faoi dheireadh 2024.

7. Fáltais agus Caiteachas Réamh-mheasta sa bhliain 2024

	Nóta	Réamh-mheasta An Bhliain dar Críoch an 31/12/2024	Réamh-mheasta An Bhliain dar Críoch an 31/12/2023
Fáltais			
Deontais Scoileanna & Cheannoifige		54,852,741	51,937,307
Deontais Bhreisoideachais agus Oiliúna		84,425,000	79,100,000
Deontais Seirbhísí Óige		4,063,638	3,898,039
Gníomhaireachtaí agus Tionscadail Fhéinmhaoinitheacha		4,916,131	4,374,590
Caipiteal		11,797,792	7,816,247
		160,055,302	**147,126,182**
Íocaíochtaí			
Scoileanna & Ceannoifig	1	54,852,741	51,937,307
Breisoideachas agus Oiliúint	2	84,425,000	79,100,000
Seirbhísí Óige	3	4,063,638	3,898,039
Gníomhaireachtaí & Tionscadail Fhéinmhaoinitheacha	4	4,916,131	4,374,590
Caipiteal	5	11,797,792	7,816,247
		160,055,302	**147,126,182**
Barrachas/(Easnamh) Airgid don Tréimhse		0	0

Nóta 1 – Íocaíochtaí i leith Scoileanna & na Ceannoifige	**Réamh-mheasta An Bhliain dar Críoch an 31/12/2024**	**Réamh-mheasta An Bhliain dar Críoch an 31/12/2023**
Pá		
Teagasc	44,954,066	42,486,609
Riarachán	4,392,112	3,834,126
Cothabháil	819,298	821,983
Fo-iomlán	**50,165,476**	**47,142,718**
Neamhphá	**3,232,909**	**3,066,068**
Cláir Ghaolmhara		
An Ciste Tacaíochta Seirbhísí Scoile	549,450	541,035
Íocaíochtaí i leith Cuimsiú Sóisialta	200,000	192,000
Deontas Leabhar	86,976	188,121
Cistiú don Aonad Beartais TFC	0	287,979
An Idirbhliain	76,665	69,445
An Ardteistiméireacht Fheidhmeach	41,223	40,015
Clár Scoile an Teastais Shóisearaigh	26,880	22,920
Traveller Pupil Grant	21,991	23,058
Deontas do Dhaltaí den Lucht Siúil	114,942	97,508
Fisic & Ceimic	3,835	4,719
Teagasc agus Scoláireachtaí Oideachas Múinteoirí	2,090	1,057
Oifigeach Teagmhála Baile agus Scoile	8,000	8,000
Deontais Tacaíochta i leith Covid-19	0	230,644
Deontas Costas Maireachtála Aon Uaire	282,284	0
Costais toghcháin BOO	3,000	0
Fo-iomlán	**1,417,336**	**1,706,500**
Pobalscoil Náisiúnta	**37,020**	**22,020**
Iomlán	**54,852,741**	**51,937,307**

Nóta 2 – Íocaíochtaí Breisoideachais agus Oiliúna	**Réamh-mheasta An Bhliain dar Críoch 31/12/2024**	**Réamh-mheasta An Bhliain dar Críoch 31/12/2023**
VTOS	7,239,000	7,367,000
Ógtheagmháil	6,279,000	6,224,000
Iar-Ardteistiméireacht	7,197,000	6,761,000
Litearthacht Aosach	2,378,000	2,489,000
Béarla do Chainteoirí Teangacha Eile (ESOL)	1,526,000	1,198,000
An Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas	2,404,000	1,983,000
Oideachas Pobail	954,000	957,000
Cláir do Dhídeanaithe agus d'Iarratasóirí ar Chosaint Idirnáisiúnta	359,000	333,000
Soláthar do Limistéir Ardtosaíochta	470,000	467,000
Nuálaíocht agus Soláthar Eile Breisoideachais	474,000	465,000
Fo-iomlán – Breisoideachas	**29,280,000**	**28,244,000**
Scileanna chun Dul Chun Cinn	1,782,000	1,804,000
Cúrsaí Oiliúna Bonnleibhéil agus Nasc-Chúrsaí Oiliúna	194,000	412,000
Ionaid Oiliúna Pobail	2,215,000	2,219,000
Oiliúint Scileanna	2,970,000	2,196,000
Cúrsaí Oiliúna	1,161,000	2,101,000
Tionscnaimh Áitiúla Oiliúna	1,999,000	2,301,000
Soláthraithe Sainoiliúna	2,103,000	1,888,000
Printíseacht	24,887,000	22,167,000
Foghlaim Chumaisc Ar Líne (Saotharlanna Déantúsaíochta)	74,000	95,000
Cúrsaí Oiliúna Oíche	743,000	624,000
Fo-iomlán – Oiliúint	**38,128,000**	**35,807,000**
Treoir Aosach	543,000	465,000
Cistiú Tacaíochta Soláthair	1,764,000	1,779,000
Foghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta	630,000	563,000
Costais a bhaineann le Dearbhú Cáilíochta agus Fíordheimhniú	612,000	579,000
Forbairt Ghairmiúil Leanúnach	212,000	249,000
Deisiúcháin Bhreisoideachais agus Oiliúna, Sláinte agus Sábháilteacht, Tacaí i leith Covid-19	1,243,000	921,000
Costais Oibriúcháin – Neamhphá	3,506,000	2,735,000
Costais Oibriúcháin – Pá	7,931,000	7,057,000
Oideachas Allamuigh	576,000	701,000
Fo-iomlán – Costais Tacaíochta	**17,017,000**	**15,049,000**
Iomlán	**84,425,000**	**79,100,000**

Nóta 3 – Íocaíochtaí i leith Seirbhísí Óige	**Réamh-mheasta don Bhliain dar Críoch**	**Réamh-mheasta don Bhliain dar Críoch**
	31/12/2024	**31/12/2023**
UBU: D'Áit, Do Spás	3,102,438	3,102,438
Teacht Aniar UBU	41,673	0
Feidhmeanna Obair Óige	359,363	352,251
An Scéim Deontais le haghaidh Clubanna Óige Áitiúla	131,849	131,849
Ionaid Faisnéise don Óige	120,911	120,911
Caipiteal Óige	101,585	99,299
Mionoibreacha ar Chlubanna Óige Áitiúla	55,819	0
Ciste Imeasctha	85,000	0
An Tionscnamh um Thacaíocht Spriocdhírithe Infhostaitheachta don Óige	65,000	91,291
An Tionscnamh LADTI+ don Óige	0	0
Iomlán na nÍocaíochtaí i leith Seirbhísí Óige	**4,063,638**	**3,898,039**

Nóta 4 – Íocaíochtaí i leith Gníomhaireachtaí agus Cláir Fhéinmhaoinitheacha	**Réamh-mheasta don Bhliain dar Críoch**	**Réamh-mheasta don Bhliain dar Críoch**
	31/12/2024	**31/12/2023**
Cláir Ghníomhaireachta		
Clár Béilí Scoile	1,120,918	925,405
Giniúint Ceoil – Port Láirge	488,002	399,088
Giniúint Ceoil – Loch Garman	363,747	328,288
Cláir Léargas	166,775	130,879
An Clár Críochnaithe Scoile	151,146	165,613
Leabharlanna Chlár Scoile an Teastais Shóisearaigh	52,885	58,204
Rochtain Tríú Leibhéal (Mic Léinn faoi Mhíchumas)	0	0
Tionscnaimh JCSP - BOOBÁCDL	23,955	27,582
Comhlachtaí Scrúdaithe	175,036	166,371
Aisghabháil Iasachta	359,554	397,124
Scoláireacht Gaeltachta UCC	5,891	8,500
Dámhachtain Scoileanna Cruthaitheacha	9,854	12,860
"SoundCrowd" ("Brass Off" roimhe seo) – Giniúint Ceoil W'	40,110	0
Maoiniú Comhpháirtíochta Spóirt – Co Co Loch Garman	14,086	0
Maoiniú Taighde An Chomhairle Mhúinteoireachta	1,446	0
Scoileanna Domhanda Gorta	2,148	0
CLÁR MEANTÓIREACHTA LUCHT SIÚIL UCC -	2,159	0
Tionscadal Gníomhaíochta Cruthaíocht NAPD	1,000	0
Maoiniú Díomhaoin Covid UCC	930	0
Síolchiste Pobail Shláintiúil Sláintecare Healthy Communities – Co Co Loch Garman	662	0
SCP – Tionscnamh Éire Sláintiúil 2023	164	0
Eile	0	0
Iomlán na nÍocaíochtaí i leith Gníomhaireachtaí	**2,980,468**	**2,619,914**
Cláir Fhéinmhaoinitheacha		
An Ciste Seirbhísí Mac Léinn (Cíos Leabhar san áireamh)	937,968	921,516
Ionad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh Shíol Beagáin	159,035	140,592
Turais Scoile	88,055	48,141
Mic Léinn Iar-Ardteistiméireachta – Ábhair Ranga	127,344	119,693
Aontas Mac Léinn/Cláir Spóirt agus Chultúir	43,202	31,481
Cúrsa Talmhaíochta i gCill Mhucraise	65,175	107,525
An Idirbhliain	136,854	100,332
Táillí Bréagscrúdaithe	93,514	101,034
Club Obair Bhaile	53,762	48,096
Mic Léinn Iar-Ardteistiméireachta – Táillí Scrúdaithe	12,112	16,071
An Scéim um Rothaíocht chun na hOibre	47,678	50,149
Ceaintíní Scoile	5,873	3,964

Cuntais Tuismitheoirí	25,483	10,128
Gruagaireacht i gColáiste Breisoideachais Phort Láirge	14,346	9,606
Teiripe Scéimhe i gColáiste Breisoideachais Phort Láirge	41,164	15,463
Cruinniú Airgid agus Síntiúis	20,539	30,888
Cíos an Halla CO & Seomraí	500	0
Aisghabháil Tuarastal	7,456	0
Éilimh/Socraíochtaí árachais	23,329	0
SCÉIM CÍOS LEABHAR MIC LÉINN	12,804	0
CISTE STÁISEANÓIREACHTA MIC LÉINN	1,839	0
IONTAOBHAS LAWLESS	6,000	0
ARDTEISTIMÉIREACHT FHEIDHMEACH SÍNTIÚS SF	1,492	0
CUNTAIS AONTAS NA MAC LÉINN S/F	327	0
CONTAIS SCOILE S/F	820	0
RANG ADHMADÓIREACHTA FHÉINMHAOINITHEACHA	5,076	0
Ciste Foirgneamh Nua Bhun Clóidí	3,808	0
Gníomhaíochtaí Scile Seach-churaclaim	110	0
Eile	0	0
Iomlán na nÍocaíochtaí i leith Cláir Fhéinmhaoinitheacha	**1,935,663**	**1,754,676**
Iomlán na nÍocaíochtaí i leith Gníomhaireachtaí agus Cláir Fhéinmhaoinitheacha	**4,916,131**	**4,374,590**

Nóta 5 – Íocaíochtaí Caipitil	Réamh-mheasta Don Bhliain dar Críoch	Réamh-mheasta don Bhliain dar Críoch
	31/12/2024	**31/12/2023**
Tionscadail arna gCistiú ag an Roinn Oideachais		
Cóiríocht Mhodúlach ag Coláiste Pobail Naomh Déaglán	4,818,485	1,000,000
Campas Oideachais Comhroinnte i gCluain Ioraird	1,534,900	0
Cóiríocht Bhreise ag Coláiste Pobail Naomh Déaglán	1,464,348	0
Cóiríocht Mhodúlach ag Coláiste Pobail Naomh Pól	840,379	1,000,000
Scoil Speisialta Naomh Caitríona	553,011	322,055
Clochar Chainnigh, Ros Mhic Thriúin	487,714	444,199
Mórthionscadal ag Gairmcholáiste Bhun Clóidí	422,590	0
Mórthionscadal ag Coláiste Bhaile an Droichid	417,396	707,665
Foirgneamh Modúlach ag Coláiste Sheilsceire	276,678	839,725
Cóiríocht Bhreise ag Meánscoil	151,823	129,494
Costais Bhainistíochta Tionscadal	105,746	111,878
Aonad Oideachais Speisialta Choláiste Dhún Garbhán	62,658	58,164
Oibreacha Sábháilteachta Dóiteáin N. Pól	54,029	0
Cóiríocht Mhodúlach Conack i mBun Clóidí	15,892	992,620
Aláram Dóiteáin ag Coláiste an Átha	12,142	15,659
Cóiríocht Mhodúlach ag Coláiste Abbáin	0	1,000,000
Mórthionscadal ag Gairmcholáiste Bhun Clóidí	0	367,065
Oibreacha Sábháilteachta Dóiteáin Naomh Pól	0	100,323
Córais Sábháilteachta Beatha ag Coláiste Sheilsceire faoin Scéim Oibreacha Samhraidh	0	19,925
Córais Sábháilteachta Beatha ag Coláiste Uí Chinnéide faoin Scéim Oibreacha Samhraidh	0	17,407
Campas Oideachais Comhroinnte i gCluain Ioraird	0	10,067
Iomlán – Tionscadail arna gCistiú ag an Roinn Oideachais	**11,217,792**	**7,136,247**
Tionscadail arna gCistiú ag SOLAS		
Leithdháileadh Cineachta	580,000	580,000
Printíseacht SOLAS – Pluiméireacht Loch Garman	0	100,000
Iomlán – Tionscadail arna gCistiú ag SOLAS	**580,000**	**680,000**
Iomlán an Chaipitil	**11,797,792**	**7,816,247**

Waterford and Wexford
Education and Training Board
Ardcavan Business Park
Ardcavan
Wexford
Y35 P9EA
Phone: 053 9123799

Bord Oideachais agus Oiliúna
Phort Láirge agus Loch Garman
Páirc Gnó Ard Chaomháin
Ard Chaomháin
Loch Garman
Y35 P9EA
Fón: 053 9123799